# COMHAIRLE CONTAE CHILL CHAINNIGH

COMHAIRLE CONTAE CHILL CHAINNIGH

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2019

~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~

*Arna glacadh ag Comhairle Contae Chill Chainnigh Dé Luain an 18ú Bealtaine 2020*
~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~

# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH



Is mór an phribhléid dom an Tuarascáil Bhliantúil do 2019 a chur i láthair. Sonraítear sa Tuarascáil Bhliantúil seo an réimse leathan seirbhísí a sholáthraíonn Comhairle Contae Chill Chainnigh do mhuintir Chathair agus Chontae Chill Chainnigh. Tá ról lárnach againn, mar Chomhairle, maidir le seirbhísí lárnacha riachtanacha a sholáthar amhail tithíocht, bóithre, uisce, seirbhísí dóiteáin agus éigeandála agus tacú le pobail áitiúla trí na healaíona, oidhreacht, caomhnú, leabharlanna agus feidhmeanna pobail agus fiontraíochta.

In 2019, lean soláthar tithíochta breise de bheith ina thosaíocht ag Comhairle Contae Chill Chainnigh. Lean an Tascfhórsa Tithíochta a bunaíodh in 2017 lena ról tábhachtach ag obair leis an bhFeidhmeannach chun aonaid tithíochta nua a bhfuil géarghá leo a chur chun cinn.

In 2019, d'fháiltigh an Chomhairle roimh go leor daoine mór le rá ó áiteanna éagsúla sa bhaile agus i gcéin chuig an gCathair agus chuig an gContae. Seo deis dúinn chun na rudaí iontacha atá i gCill Chainnigh a thaispeáint. Bhí áthas orainn go háirithe fáilte a chur roimh thoscaireachtaí ó Moret-sur-Loing agus Formigine chun féile Naomh Pádraig a cheiliúradh.

Chuir mé fáilte freisin roimh an iliomad dámhachtainí a bronnadh ar Chill Chainnigh i rith na bliana. Is aitheantas é sin ar an obair chrua a rinne a lán daoine sa phobal ar fud an Chontae agus iad ag obair i gcomhar le Comhairle Contae Chill Chainnigh agus le go leor gníomhaireachtaí reachtúla. Is ábhar misnigh iad na dámhachtainí sin do go leor den phobal tuaithe agus cothaítear leo níos mó rannpháirtíocht pobail agus spreagann sé bailte agus sráidbhailte eile chun tionscadail a fhorbairt ina bpobail féin. Cuidíonn leithdháileadh maoinithe faoi scéimeanna éagsúla go mór le forbairt ár mbailte agus ár sráidbhailte. Tugann scéimeanna amhail CLAR, Athnuachan Bailte & Sráidbhailte, maoiniú áitiúil ó Chomhairle Contae Chill Chainnigh spreagadh mór don phobal. Ba mhaith liom moladh mór a thabhairt go háirithe do gach duine a raibh baint acu le heagrú na hoíche iontaí a tionóladh in Óstán Lyrath chun ómós a thabhairt do na pobail ar fad as gach cearn d'Éirinn a chuir isteach ar an gcomórtas Náisiúnta um Mórtas Cine is Ceantair.

Tar éis thoghcháin áitiúla mhí na Bealtaine, chuireamar fáilte roimh 7 mball nua chun na Comhairle. Gabhaim buíochas le gach Comhalta Tofa agus leo siúd a fhónann ar choistí agus ar fhochoistí éagsúla na Comhairle. Tiomnaíonn siad a gcuid ama do ghnó na Comhairle agus chun ionadaíocht a dhéanamh ar a leasanna áirithe agus ginearálta ar na coistí. Tá an raon leathan gnó a pléadh agus a socraíodh leagtha amach sa tuarascáil agus is teist é ar a dtiomantas agus a seirbhís leanúnach. Gabhaim buíochas ó chroí leis an 7 gcomhalta atá ag éirí as oifig as a gcuid oibre le 5 bliana anuas leis an gComhairle agus ina bpobail féin. Guím gach rath orthu sa todhchaí.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le foireann uile na Comhairle as a gcuid oibre ar son mhuintir Chill Chainnigh. Molaim a dtiomantas agus a ndíograis agus táimid ag tnúth le dul chun cinn leanúnach, ag obair le muintir Chill Chainnigh ar fad chun áit níos fearr a dhéanamh de Chill Chainnigh le cónaí inti, le bheith ag obair inti agus le cuairt a thabhairt uirthi.

Cé go bhfuilimid tar éis dul trí thréimhsí an-deacair agus iarmhairtí an chúlú eacnamaíochta fós á bhfulaingt ag go leor daoine, tá méadú beag tagtha ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch. Is féidir le Cill Chainnigh a bheith ag súil le 2020, tráth a fheicfimid go leor tionscadail thábhachtacha curtha i gcrích agus tionscadail nua ag tosú amach.

Mar fhocal scoir, bhí sé de phribhléid agam mar Chathaoirleach mo chomhghleacaithe, na Comhaltaí Tofa a threorú chun na cinntí dúshlánacha sin a bhíonn conspóideach agus misniúil go minic a chomhlíonadh, agus muid ag obair i gcomhar leis an bhFeidhmeannach agus leis an bhfoireann ar mhaithe le Cill Chainnigh agus ar mhaithe leis na pobail ina bhfuil cónaí orainn go léir.

**An Comhairleoir**
**Peter 'Chap' Cleere Cathaoirleach**

# RÁITEAS AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH



Tá áthas orm a bheith rannpháirteach sa Dréacht-Tuarascáil Bhliantúil seo do 2019 ina dtugtar breac-chuntas ar an raon leathan seirbhísí a sholáthraíonn an Chomhairle seo go díreach nó go hindíreach. Laistigh de phríomhchuid na tuarascála seo tugtar breac-chuntas ar ghníomhaíochtaí éagsúla agus ar sholáthar seirbhísí agus tionscadal bonneagair atá á gcur chun cinn ag Contae Chill Chainnigh.

Bhí leibhéal ard tiomantais ar fud na Ranna uile chun Plean Seachadta Seirbhíse 2019 a sheachadadh agus chun Cuspóirí an Phlean Corparáidigh a bhaint amach. Chomhlíon formhór na réimsí a gcuspóirí luaite go léir agus sa chás go raibh an leibhéal gnóthachtála níos lú ná 100 % ní bheidh aon tionchar aige ar an gComhairle maidir le cuspóirí a Plean Chorparáidigh a bhaint amach. Táim sásta mar sin gur bhain an Chomhairle na cuspóirí amach mar a leagadh amach ag tús 2019 sa Phlean Seachadta Seirbhíse agus go ndearna sí amhlaidh laistigh de na paraiméadair atá leagtha amach i mbuiséad 2019.

Is mian liom ardmholadh a thabhairt don obair atá á déanamh ag leibhéal na gCeantar Bardasach agus ag leibhéal na gCoistí um Beartais Straitéiseacha (CBS). Tá na coistí seo fíorluachmhar d'fhonn cabhrú leis an gComhairle a cuspóirí a bhaint amach agus a gnó a dhéanamh. Tá Tiomantas na gComhairleoirí agus na gcomhaltaí seachtracha le feiceáil ó na gníomhaíochtaí a bhfuil cuntas tugtha orthu sa tuarascáil. Cuirim mo bhuíochas in iúl as tiomantas agus obair chrua na gComhaltaí Tofa go léir atá ann faoi láthair agus le hiar-Chomhaltaí, le mo chomhghleacaithe ar an bhFoireann Bainistíochta agus le foireann na Comhairle. Táim muiníneach, i bhfianaise na gcumas agus spiorad an chomhoibrithe a léiríonn na Comhaltaí Tofa agus an fhoireann ar bhonn comhsheasmhach gur cheart dúinn a bheith in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá romhainn. Is féidir linn a bheith ag súil le 2020 rathúil, dearfach.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil leis an gCathaoirleach, an Clr Peter Cleere agus a réamhtheachtaí an Clr Eamon Aylward, Cathaoirleach an Cheantair Bhardasaigh, an Clr John Brennan agus a réamhtheachtaí an Clr Michael McCarthy, an Clr Eamon Aylward agus a réamhtheachtaí an Clr Ger Frisby, an Méara Martin Brett agus a réamhtheachtaí an Méara Peter Cleere, agus an Clr Pat O'Neill a bhfuil sárobair déanta acu ina róil faoi seach.

Molaim an Tuarascáil Bhliantúil seo lena glacadh ag na Comhaltaí Tofa.

Táim muiníneach go dtabharfaidh sé forbhreathnú do mhuintir Chill Chainnigh agus níos faide i gcéin, ar an raon leathan gníomhaíochtaí a rinneadh agus ar éachtaí na Comhairle in 2019.

**Colette Byrne**
**Príomhfheidh**
**meannach**

# BUAICPHOINTÍ IN 2019

- D'éirigh go maith leis na Dámhachtainí Náisiúnta Fiontraíochta.
- An ceathrú féile rathúil d'Fhéile na Nollag.
- Tuilleadh forbartha ar Cheiliúradh na Féile Pádraig mar ócáid chathartha.
- Rinneadh óstáil ar rás rothaíochta "Rás na mBan" den 4ú huair i gCill Chainnigh.
- Óstáladh oíche na nGradam um Mórtas Cine is Ceantair.
- Cuireadh tús leis an tógáil ar fhoirgneamh Theach an Ghrúdaigh agus ar an bPáirc Líneach. Maoiniú urraithe faoin gCiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí.
- Rinneadh dul chun cinn ar an obair ar athfhorbairt Áras Uí Eimhin mar Dhánlann de Buitléir.
- Cuireadh tús le hoibreacha forbartha ar 2 thionscadal arna maoiniú ag LIHAF i bPurláin an Iarthair, i gCathair Chill Chainnigh agus i bPort an Chalaidh in 2019.
- 112 aonad tithíochta nua curtha i gcrích ag Comhairle Contae Chill Chainnigh agus ag Comhlachtaí Deonacha.
- 153 aonad tithíochta ceannaithe ag Comhairle Contae Chill Chainnigh agus ag Comhlachtaí Deonacha.
- Cuireadh 5,519 nglao ag lorg deisiúcháin tithíochta in 2019
- 24 iasacht tithíochta íoctha amach ar luach €3,007,655.
- Íocadh 305 dheontas tithíochta ar luach €1,998,466 m as oiriúnú do thithe
- 709 gCigireacht déanta ar áitreabh ar Cíos Príobháideach.
- Grúpa Oibre Athlonnaithe curtha ar bun do Chlár na hÉireann um Chosaint Dídeanaithe – athlonnaíodh 25 theaghlach ó Shiria.
- Clár Cóiríochta Taistealaithe 2018-2022 formheasta.
- Cuireadh cóiríocht ar fáil do 90 teaghlach Taistealaithe sa tréimhse 2014-2019
- Caitheadh €23.8m ar ár ngréasán iomlán bóithre a fheabhsú agus a chothabháil.
- Feabhsú pábhála 4.5km críochnaithe ar N25 Gráig na Cille - a chosain €2.04m.
- 1,553 solas poiblí aisfheistithe faoi chistí éifeachtúlachta fuinnimh in 2019.
- Cuireadh tús le hoibreacha i gCallainn agus i mBaile Mhic Andáin faoin gClár Athnuachana agus Forbartha Tuaithe.
- Foireann Tionscadail a bhunú agus tús a chur le hobair dhearaidh do na 6 Scéim um Fhaoiseamh Tuile.
- 10.4 billiún lítear uisce curtha ar fáil trí na scéimeanna uisce poiblí.
- Rinneadh comhlíonadh 100 % ar mhicribhitheolaíocht & 99.6 % ar pharaiméadair cheimiceacha don soláthar uisce.
- Rinneadh dul chun cinn ar mhórfheabhsúchán ar Sholáthar Uisce Inis Tíog
- Rinneadh dul chun cinn ar an bPlean Forbartha Cathrach & Contae 2020 -2026.
- Glacadh Pleananna Ceantair Áitiúil Challainn agus Bhaile Mhic Andáin.
- Seoladh ***"Aghaidheanna Shiopaí Chill Chainnigh Síos Trí na Glúnta"*** in 2019.
- fuarthas 976 iarratas pleanála le linn 2019.
- 44 láithreán ar Chlár na Láithreán Folamh faoin 31/12/2019.
- bronnadh €263,000 i maoiniú deontais caomhnaithe in 2019.
- tógadh 5 Fhorbairt Tithíochta i gcúram.
- Fuarthas maoiniú de €17,634 chun straitéis cumarsáide agus margaíochta a ullmhú do ghairdíní Choill an Chip in 2020
- Tá 27 gclós súgartha poiblí oscailte agus iad á gcothabháil ag an gComhairle anois.
- Thug Briogáidí Dóiteáin freagra ar 815 eachtra in 2019

- Chuir Lucht Cosanta Sibhialta cúnamh ar fáil do 34 phobal le haghaidh imeachtaí éagsúla.
- Bailíodh níos mó ná 1,400 tonna d'ábhar in-athchúrsáilte agus os cionn 3,000 tonna de dhramhaíl iarmharach ar fud an Chontae.
- Bailíodh 1,775 thona gloine agus 106 thona alúmanaim agus cruach ar fud na 46 Ionad *Fág Anseo*.
- Fuarthas 1,066 ghearán um an gcomhshaol.
- Ghlac níos mó ná 150 grúpa Pobail páirt ghníomhach sa Ghlantachán Earraigh Náisiúnta.
- Méadú ar cheadúnais do mhadraí – ó 4,630 in 2018 go 5,472 in 2019.
- Bronnadh 41 Dheontas faoin Scéim Deontais i ndáil le Reiligí.
- Maoiniú €396,600 curtha ar fáil do Phobail faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte & Éire Shláintiúil.
- Maoiniú €245,548 curtha ar fáil do Phobail faoi Éire Shláintiúil.
- Leithdháileadh €114,770 do 3 thionscadal faoin gClár CLAR 2019 *(CLAR -Ceantair Laga Ard-Riachtanas)*
- Méadú 26 % ar bhallraíocht leabharlainne.
- Fuarthas maoiniú deontais de €26,250 ó Chuntais Dhíomhaoine chun tacaíochtaí leabharlainne a fhorbairt do phobail imeallaithe, eisiata go sóisialta agus faoi mhíbhuntáiste.
- Íocadh €95,000 san iomlán le féilte sa Chathair agus sa Chontae.
- Íocadh €288,520 san iomlán le grúpaí faoin Scéim Deontais Pobail agus Cultúir.
- Seoladh Plean Baile Aoisbháúil do Bhaile Mhic Andáin.
- Seoladh Plean Feabhsúcháin Bhaile Challainn.
- Tionóladh 70 imeacht i rith na seachtaine Oidhreachta.
- Méadú ar úsáid ardáin na meán sóisialta.
- Béim leanúnach ar an ráta bailiúcháin a fheabhsú ar fud ár bhfoinsí ioncaim go léir agus na riaráistí a laghdú.
- Bailíodh €2.29m i dtobhaigh forbartha.
- Barrachas de €14,047 bainte amach sa Bhuiséad Ioncaim in 2019.

# IONADAITHE TOGHCHÁIN

Ceathrar ball is fiche atá i mballraíocht Chomhairle Contae Chill Chainnigh, a toghadh ar feadh téarma oifige cúig bliana. Toghadh an Chomhairle reatha i mí na Bealtaine 2019 agus faoin 31 Nollaig, 2019 seo a leanas an bhallraíocht:

## CALLAINN – BAILE MHIC ANDÁIN



**Peter Cleere (FF)**
*Achadh Choillteáin, Sceach an Mhaistín, Co. Chill Chainnigh.*




**Deirdre Cullen (FF)**
*Cill Rí, Droichead Binéid, Co. Chill Chainnigh.*



**Matt Doran (FF)**
*Sruth an Mhaide, Cill Mogeanna, Co. Chill Chainnigh*



**Michael Doyle (FG)**
Ballinbarna, an Robhar, Co. Chill Chainnigh



**Joe Lyons (FG)** *Na Bánta Buí, Callainn, Co. Chill Chainnigh*



**Patrick O'Neill (FG)**
*2, Hillview Crest, Droichead Binéid, Co. Chill Chainnigh.*

## CAISLEÁN AN CHOMAIR



**John Brennan (FG)**
*An Chruit, Caisleán an Chomair, Co. Chill Chainnigh*



**Mary Hilda Cavanagh (FG)**
*Baile an Fhaoitigh, Crois Phádraig, Trí Dhurlas, Co. Chill Chainnigh*



**Michael Delaney (FF)**
*Siopa an tSráidbhaile, Tulach Ruáin, Co. Chill Chainnigh*



**Pat Fitzpatrick (FF),**
*Cloch an Phúcaigh, Baile an Phoill, Co. Chill Chainnigh.*



**Denis Hynes (Páirtí an Lucht Oibre)** *Baile Eilín, An Droichead Nua, Co. Chill Chainnigh.*



**Michael McCarthy (FF)**
*Sráid Buncrusha, Achadh Úr, Co. Chill Chainnigh.*

| IARTHAR CHATHAIR CHILL CHAINNIGH | | BAILE AN PHOILL | |
|---|---|---|---|
|  | **Martin Brett (FF)**<br>*Bóthar Challainn, Cathair Chill Chainnigh* |  | **Eamon Aylward (FF)**<br>*Ballynooney, Muileann an Bhata,*<br>*Co. Chill Chainnigh.* |
|  | **John Coonan (FF)**<br>*17 Clós na Sailí, Ardnore, Co. Chill Chainnigh* |  | **Tomás Breathnach, (Páirtí an Lucht Oibre)**<br>*Bóthar an Cheárta, Narabane, Cill Mhic Bhúith*<br>*Co. Chill Chainnigh.* |
|  | **David Fitzgerald (FG)**<br>*24 Sráid Phádraig, Cill Chainnigh.* |  | **Fidelis Doherty(FG)**<br>*Ballyfacey, an Gleann Mór, Co. Chill Chainnigh.* |
|  | **Joe Malone (FF)**<br>11 Cnoc Mhairidin, Bóthar Cheanannais, Co. Chill Chainnigh. |  | **Pat Dunphy (FG),**<br>Baile Uí Ghuara,<br>Móin Choinn,<br>*Co. Chill Chainnigh* |
|  | **Andrew McGuinness (FF)** *An Oifig Toghlaigh, Bóthar Uí Lachnáin, Cill Chainnigh.* |  | **Ger Frisby (FF)**<br>*Trian an Fhraoigh,*<br>*An Sliabh Rua,*<br>*Co. Chill Chainnigh.* |
|  | **Eugene McGuinness (NP)**<br>*40 Plás an Easpaigh Birch, Cill Chainnigh* | | |
|  | **Malcolm Noonan (GP)**<br>*38 Céide Gharrán Choill an Chéadrais,*<br>*an Loch Buí,*<br>*Cill Chainnigh* | | |

Comhaltaí Tofa iad seo a leanas ó mhí na Bealtaine 2014 go mí na Bealtaine 2019:



*Breda Gardner*


*David Kennedy*


*Patrick McKee*


*Pat Millea*


*Melissa O'Neill*


*Maurice Shortall*


*Sean Tyrrell*

# STRUCHTÚR BAINISTÍOCHTA

Is é seo a leanas Struchtúr Bainistíochta Chomhairle Contae Chill Chainnigh:

**Colette Byrne**
**Príomhfheidh**
**meannach**



**Mary J.**
**Mulholland**
**Stiúrthóir**
**Seirbhísí**

*Tithíocht, Pobal, Leabharlann, na hEalaíona, Oidhreacht,*

*Ceantar Bardasach na Seirbhíse Dóiteáin i gCallainn - Baile*

*Mhic Andáin*



**Tim Butler**
**Stiúrthóir**
**Seirbhísí**

*Corparáideach, Acmhainní Daonna, Bóithre & Iompar,*
*Seirbhísí Uisce, Cumarsáid, Sláinte & Sábháilteacht*

*Ceantar Bardasach Chathair Chill Chainnigh*



**Sean McKeown**
**Stiúrthóir**
**Seirbhísí**

*Pleanáil, Comhshaol, Rialú Foirgníochta, Páirceanna,*
*OFA/Forbairt Eacnamaíochta, Seirbhísí Margaíochta*
*Turasóireachta & Tréidliachta*

*Ceantar Bardasach Bhaile an Phoill*



**Martin**
**Prendiville**
**Ceann**
**Airgeadais**
*Airgeadas, Teicneolaíocht Faisnéise, Bainistíocht Saoráidí,*
*Soláthair & Tionscadal Speisialta*

*Ceantar Bardasach Chaisleán an Chomair*



# COISTÍ & FOCHOMHLACHTAÍ

**Coistí agus Fochomhlachtaí**
Tá oibleagáid dhlíthiúil ar Údaráis Áitiúla Coistí áirithe a bhunú mar Choistí um Beartais Straitéiseacha. Tá údarás lánroghnach ag Údaráis Áitiúla Coistí eile a bhunú chun cabhrú leo a róil mar Chomhaltaí Tofa a chomhlíonadh.

**Coistí um Beartais Straitéiseacha**
Ghlac Comhairle Contae Chill Chainnigh Scéim an Choiste um Beartais Straitéiseacha ar an 16 Meán Fómhair 2019 don Chomhairle nua-thofa 2019 go 2024. Is é ról na gCoistí um Beartais Straitéiseacha [CBSanna] cuidiú leis an gComhairle maidir le beartais a cheapadh, a fhorbairt agus a athbhreithniú. Léiríonn a gcomhdhéanamh príomhfheidhmeanna na Comhairle laistigh den chomhthéacs níos leithne, tá siad curtha in oiriúint do mhéid, do bhallraíocht agus d'acmhainní riarachán na Comhairle agus tarraingítear aon trian dá mballraíocht ó earnálacha a bhaineann le hobair na gcoistí.

Tugann na CBSanna Comhaltaí Tofa le chéile agus daoine atá ag obair go gníomhach le comhlachtaí sóisialta, eacnamaíocha, cultúrtha agus comhshaoil chun beartais a bhaineann le seirbhísí na Comhairle a fhorbairt agus a athbhreithniú. Tugann na CBSanna tuairimí seachtracha do Chomhaltaí Tofa de réir mar a chomhlíonann siad a ról straitéiseach i bhforbairt an údaráis áitiúil, lena n-áirítear a róil maidir le forbairt beartais agus maoirseacht laistigh den údarás áitiúil.

Seo a leanas cumraíocht agus ballraíocht fhoriomlán Choistí um Beartais Straitéiseacha Chomhairle Contae Chill Chainnigh ó mhí an Mheithimh 2019:

### SPC 1: Tacaíocht agus Turasóireacht Fiontraíochta um Fhorbairt Eacnamaíochta

| **Comhaltaí Tofa [8]** | **Comhaltaí ó Earnálacha Seachtracha [7]** | |
|---|---|---|
| John Coonan | Talmhaíocht/Feirmeoireacht: | John Bambrick *[IFA]* |
| Michael Doyle | Forbairt/Togáil: | Marion Acreman *[Comhlachais Éireann]* |
| Pat Fitzpatrick | Gnó/Tráchtáil: | Deirdre Shine *[Comhlachais Éireann]* |
| Ger Frisby | Ceardchumann: | Eileen Moyles *[ICTU]* |
| Michael McCarthy | Cuimsiú Sóisialta: | Annette Jolly *[PPN]* |
| Eugene McGuinness | Comhshaol/Caomhnú | Brian Hamilton *[PPN]* |
| Malcolm Noonan | Pobail & Deonach | Paul Brophy *[PPN]* |
| Patrick O'Neill | | |

### SPC 2: Beartas Bonneagair, Iompar, Seirbhísí Dóiteáin & Éigeandála

| **Comhaltaí Tofa [8]** | **Comhaltaí ó Earnálacha Seachtracha [7]** | |
|---|---|---|
| Tomás Breathnach | Talmhaíocht/Feirmeoireacht: | Paul O'Brien *[IFA]* |
| Peter Cleere | Gnó/Tráchtála | Gary Graham *[Comhlachais Éireann]* |
| Deirdre Cullen | Forbairt/Tógáil | Barry Lynch *[Comhlachais Éireann]* |
| Michael Delaney | Ceardchumann | Ger Mooney *[ICTU]* |
| Fidelis Doherty | Pobal/Deonach | Gerard Ferris *[PPN]* |
| Matt Doran | Cuimsiú Sóisialta | Eileen Ryan *[PPN]* |
| Pat Dunphy | Comhshaol/Caomhnú | Alan Sullivan *[PPN]* |
| Patrick O'Neill | | |

### SPC 3: Beartas Pleanála & Forbartha, Oidhreacht, Ealaíona agus Cultúr an Phobail

| **Comhaltaí Tofa [8]** | **Comhaltaí ó Earnálacha Seachtracha [6]** | |
|---|---|---|
| Eamon Aylward | Gnó/Tráchtáil | John Hurley *[Chambers Ireland]* |
| Martin Brett | Forbairt/Tógáil: | Brian Dunlop *[Comhlachais Éireann]* |
| Pat Fitzpatrick | Comhshaol/Caomhnú | Mags Morrissey *[PPN]* |
| Denis Hynes | Pobal/Deonach | John Bourke *[PPN]* |
| Joe Lyons | Cuimsiú Sóisialta: | Lisa Morris *[PPN]* |
| Andrew McGuinness | Ceardchumann: | Yvonne Moriarty *[ICTU]* |
| Eugene McGuinness | | |
| Joe Malone | | |

## CBS 4: Tithíocht

| **Comhaltaí Tofa [6]** | **Comhaltaí ó Earnálacha Seachtracha [5]** | |
|---|---|---|
| Mary Hilda | Talmhaíocht/Feirmeoireacht | James Murphy *[IFA]* |
| Cavanagh Deirdre | Forbairt/Tógáil | John Hurley *[Chambers Ireland]* |
| Cullen | Gnó/Tráchtáil: | Laurence Conroy *[Comhlachais Éireann]* |
| David | Pobal/Deonach: | Noel O'Donoghue Jolly *[PPN]* |
| Fitzgerald | Comhshaol/Caomhnú: | Shem Caulfield *[PPN]* |
| Denis Hynes | | |
| Joe Lyons | | |
| Malcolm | | |
| Noonan | | |

## CBS 5: Cosaint an Chomhshaoil, Seirbhísí Uisce & Fuinneamh

| **Comhaltaí Tofa [6]** | **Comhaltaí ó Earnálacha Seachtracha [5]** | |
|---|---|---|
| Tomás Breathnach | Talmhaíocht/Feirmeoireacht: | Michael Rice *[IFA]* |
| John Brennan | Gnó/Tráchtála | Kathy Purcell *[Comhlachais Éireann]* |
| Martin | Pobal/Deonach: | Denis Brophy *[PPN]* |
| Brett Peter | Cuimsiú Sóisialta: | Martin Brennan *[PPN]* |
| Cleere John | Ceardchumann: | Fergal Canton *[ICTU]* |
| Coonan | | |
| Pat Dunphy | | |

# CRUINNITHE NA COMHAIRLE

Tionólann an Chomhairle Gnáthchruinnithe ar bhonn míosúil. Tionóltar cruinnithe speisialta freisin chun a buiséad bliantúil a mheas agus a ghlacadh. Féadfaidh an Chomhairle an oiread cruinnithe a mheasfaidh sí is gá a thionól chun a feidhmeanna a chomhlíonadh.

**CRUINNITHE IOMLÁNACHA CHOMHAIRLE CHONTAE CHILL CHAINNIGH**

***Líon na gCruinnithe a tionóladh in 2019: 22***

*Gnáthchruinnithe Míosúla - 11, Ceardlanna - 8 & Cruinnithe Speisialta - 3*

- Glacadh an Bhuiséid
- Scéim Tithíochta Inacmhainne
- Deontais Taitneamhachta
- Ráiteas Airgeadais Bliantúil
- Tuarascáil Bhliantúil 2018
- Deontais Frithbhruscair/Frithghraifítí
- Comhaltaí a cheapadh chuig CBS, Coistí agus Boird eile
- Faomhadh do Shaoráid Rótharraingthe Bainc 2020.
- Iasacht a fhaomhadh ón nGníomhaireacht Airgeadais Tithíochta chun críocha Iasacht Tithíochta.
- Deontais faoin Acht Ealaíon
- Tuarascáil Bhliantúil an Choiste Iniúchóireachta 2018
- Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta ar AFS & Tuarascáil Iniúchta 2018
- Buiséad Caipitil 2019 - 2020
- CFRAMS *[Córas Measúnaithe & Bainistíochta Riosca i gCás Tuilte Dobharcheantair]*
- Tuarascáil Mhíosúil/Ráithiúil an Phríomhfheidhmeannaigh
- Tionscadail CLAR
- Straitéis um Oiriúnú Aeráide.
- Scéim Deontais Chaipitil Áiseanna Pobail & Cultúrtha 2018 - 2020
- Plean Corparáideach 2019-2024
- Ciste um Éire Chruthaitheach
- Feidhmeanna Forchoimeádta a Tharmligean chuig Ceantair Bhardasacha
- Monatóir Eacnamaíochta
- Toghchán an Chathaoirligh & an Leas-Chathaoirligh.
- Deontais d'Fhéilte & Imeachtaí 2019
- Deontais do Reiligí 2019
- Scéim Ceannaigh Incrimintigh
- Aghaidheanna Shiopaí Chill Chainnigh Síos Trí na Glúnta
- Scéim Teanga 2019-2022
- Tuarascáil Bhliantúil CFPÁ 2018
- Pleananna Ceantair Áitiúil – Callainn & Baile Mhic Andáin
- Seirbhís Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil - Tuarascáil Iniúchta Reachtúil
- Cáin Mhaoine Áitiúil
- Bonneagar a Ainmniú
- Cuid 8 Tuarascálacha ar Thionscadail Éagsúla
- Tuarascáil ar Tháscairí Feidhmíochta 2018
- Clár na dToghthóirí
- Athnuachan Chónaithe
- Clár Oibreacha Bóthair 2019
- Alt 183 – Diúscairtí
- Alt 38 – Feabhsúcháin ar Bhóithre
- Alt 85 Comhaontuithe le hÚdaráis Áitiúla eile.
- Plean Seachadta Seirbhíse 2019
- Tuarascáil ar Adhaimsir
- Scéim Dreasachta um Áitribh Folamh do Ghnólachtaí Beaga
- Ceiliúradh ar Lá Fhéile Pádraig
- Buan-Orduithe don Chomhairle Iomlánach

- Nuashonraí ar Phleanáil Straitéiseach
- Aighneachtaí ar Phleananna Ceantair Áitiúil
- Eastáit Tithíochta a thógáil i gcúram.
- Nuashonrú maidir le hAthnuachan ar Bhailte & Sráidbhailte
- Clár Cóiríochta do Thaistealaithe 2018-2023
- Nuashonrú ar Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíochta [SRSEanna].
- Éagsúlachtaí/Sárú Ábhartha ar Phleananna Forbartha Contae agus Cathrach
- Plean Cothabhála Geimhridh

**Cuir i Láthair ó Ghrúpaí Seachtracha**

- Comhairle na nÓg, Iontaobhas
- Cathartha Chill Chainnigh
- Rás na mBan
- Comhpháirtíocht Spóirt
- Geata Uisce
- Dobhardhroim
- Féile na Nollag

## CRUINNITHE CHEANTAR BARDASACH CHILL CHAINNIGH

*(lena n-áirítear an Chathair, Callainn agus Baile Mhic Andáin (Roimh mhí na Bealtaine 2019)*

***Líon na nGnáthchruinnithe/na gCruinnithe Míosúla a tionóladh in 2019: 5***

- Nuashonrú ó Choiste Stiúrtha Bhalla na Cathrach.
- Callainn agus Baile Mhic Andáin LAP
- Cur i gcrích agus uasghrádú cosán timpeall limistéar na Cathrach, Challainn agus Bhaile Mhic Andáin
- Ag tógáil Ghort an tSrutháin, Bhaile Héil, Dhún an Rí Challainn agus An Fhaiche i mBaile Mhic Andáin i gcúram
- An Dara Céim d'Athghiniúint Fhaiche an Aonaigh i gCallainn
- Plean Bainistíochta Soghluaisteachta do Challainn agus Baile Mhic Andáin
- Tóchar i mBaile Mhic Andáin
- Cosáin Mhíle na Meánaoise agus feabhsúcháin sráide a ghabhann leo
- Suiteáil ceamaraí soghluaiste ag na pointí rochtana abhann sa Chathair
- Tionscadal LIHAF
- Glacadh le Dréacht-Sceideal na nOibreacha Bardasacha lena n-áirítear Dréacht-Scéim Oibreacha Bóthair.
- Scéim Oibreacha Bóthair 2019
- Tionscadal Abhainn an Rí – Callainn
- Saincheisteanna bóithre a ardaíodh faoin mír athfhillteach "Bóithre".
- Nuashonruithe Tithíochta agus Pleanála.
- Maoiniú ceadaithe chun tús a chur le hoibreacha innealtóireachta chun tabhairt isteach na stadanna bus nua a éascú.
- Suiteáil CTI timpeall ar Chuimhneachán an Chogaidh agus deimhniú go ndéanfaidh Stáisiún na nGardaí an Faireachán
- Athchóiriú ar Shráid Urumhan

## CRUINNITHE CHEANTAR BARDASACH CHATHAIR CHILL CHAINNIGH

***Líon na nGnáthchruinnithe/Míosúla a tionóladh tar éis mhí na Bealtaine 2019: 7***

- Toghadh an Mhéara agus an Leas-Mhéara
- Cuid 8 Forbairtí Tithíochta ag Pháirc an Ghabhann agus ag Bóthar an tSeanmhachaire Gailf
- Cultúr láidir rothaíochta a chruthú agus a fhorbairt i gCathair Chill Chainnigh
- Ceansú tráchta in eastáit chónaithe
- Sábháilteacht ar bhóithre ag príomh-Acomhail
- Comhaltaí a cheapadh ar an gCoiste Nasctha
- Tascfhórsa Lár na Cathrach
- Clár maoinithe 5 bliana do chosáin.
- Turais Nasctha Bailte go Minnesota SAM agus go Formigine san Iodáil.
- Plean Bainistíochta Bruscair 2018-2020
- Fodhlíthe Corrthrádála
- Truailliú Torainn
- Fodhlíthe buscála
- Cruinniú bardasach mhí na Nollag a tionóladh in Ardeaglais Naomh Cainneach
- Rath na mBailte Slachtmhara do Chathair Chill Chainnigh
- Glacadh an Plean Buiséid Bardasach do 2020
- Ceapadh Coiste Lá Fhéile Pádraig
- Suirbhé ar chrainn agus clár plandála crann le déanamh
- Seirbhísí Bus Chathair Chill Chainnigh

## CEANTAR BARDASACH CHALLAINN - BHAILE MHIC ANDÁIN

***Líon na gCruinnithe a tionóladh in 2019: 14 & Líon na dToscaireachtaí a Fuarthas: 1***

***Faiche an Aonaigh, Callainn ....*** Cuireadh tús le hoibreacha an Tionscadail Athnuachana Tuaithe in 2019

***Lána an tSéipéil, Callainn:.........***Lánroghnach Feabhsúchán Oibreacha –Cur isteach an chosáin tugtha chun críche faoi 2019

***Réamhrá maidir le Callainn:........***Lánroghnach Feabhsúchán Oibreacha – Cur isteach an chosáin tugtha chun críche faoi 2019

***Baile Aoisbháúil Bhaile Mhic Andáin.....*** Clár Aoisbháúil Chill Chainnigh

***Carrchlós Coise Cé Bhaile Mhic Andáin.*** Cuireadh tús le hoibreacha an Tionscadail Athnuachana Tuaithe in 2019

***R448 Plásóga Berkley, Baile Mhic Andáin:*** Lánroghnach Feabhsúchán Oibreacha – Cur isteach an chosáin tugtha chun críche faoi 2019

***R448 Sráid Mhaidilín, Baile Mhic Andáin:*** Tugadh chun críche Scéim Sábháilteachta ar Chostas Íseal – Trasrian coisithe & cosán in 2019

***R700/R705 Na Stiallacha .........................*** Scéim Feabhsúcháin Athchóirithe 2018

## CRUINNITHE CHEANTAR BARDASACH CHAISLEÁN AN CHOMAIR

***Líon na gCruinnithe a tionóladh in 2019: 14 & Líon na dToscaireachtaí a Fuarthas: 1***

- Buiséad 2020 do Cheantar Bardasach Chaisleán an Chomair
- Bainc *Fág Anseo* – Baile Sheáin & Áth na nUrlainn
- Brandáil Cheann Scríbe Chaisleán an Chomair
- Droichead Coisithe Chaisleán an Chomair
- Maoiniú & Aighneachtaí CLÁR
- Scéim Soláthair Uisce na Cloiche/an Mhóinín Rua
- Ceamaraí TCI & Rialaitheoir Sonraí
- Deontais Pobail
- Rannpháirtíocht an Phobail i Scéimeanna Oibreacha Bóthair & Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla
- Toghchán an Chathaoirligh & an Leas-Chathaoirligh
- Gearradh Fálta Sceach & Crann ar Bhóthar
- Seachadadh Leathanbhanda ar Ardluas & Plean Náisiúnta Leathanbhanda
- Forbairtí Tithíochta – Eastáit Neamhchríochnaithe – An próiseas maidir le Tógáil i gCúram
- Tuarascáil Tithíochta
- Plean Bainistíochta Bruscair 2018 - 2020
- Cruinnithe le TII
- An Clár um Pailneoirí
- Carrchlós a Sholáthar in Áth na nUrlainn
- Clár Soilsithe Poiblí & Aisfheistithe
- Líonra Rannpháirtíochta Poiblí
- Athbhreithniú ar Theorainneacha Cheantar Bardasach
- Clár Oibreacha Bóthair, Cothabháil Gheimhridh agus Saincheisteanna maidir le Bóithre.
- Glanadh Sráide & Srianadh Fiailí
- Athnuachan ar Bhailte & Sráidbhailte
- Bearta Rialaithe Tráchta
- Seiceálacha Sláinte i Sráidbhailte Bhaile Sheáin/Áth na nUrlainn, an Droichid Nia agus Caisleán an Chomair

**CEANTAR BARDASACH CHRUINNITHE**
**BHAILE AN PHOILL**

***Líon na gCruinnithe a tionóladh in 2019: 15***
*(lena n-áirítear Comhchruinniú le WCCC)*

- Toghchán an Chathaoirligh & Toghchán an Chathaoirligh agus an Leas-Chathaoirligh
- Leithdháileadh Bardasach Ginearálta/Glacadh leis an bPlean Buiséid Bardasach
- Glacadh leis an Scéim Oibreacha Bóthair
- Nuashonruithe ar an gClár Oibreacha Bóthair & Saincheisteanna a Bhaineann le Bóithre
- Clár Cothabhála Geimhridh/Oibríochtaí Saillte
- N24 Seachbhóthar Bhaile an Phoill – Feabhsúcháin ar Acomhal Bhóthar an Túir
- Scéimeanna Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Chostas Íseal
- N25, Seachbhóthar Ros Mhic Thriúin
- N25, Sábháilteacht ag Acomhail
- N25, Scéim Phort Láirge go Gleann Mór
- Scéim um Cheansú Tráchta / um Bainistíocht Tráchta Shráidbhaile Bhaile an Phoill
- Cosán Bhóthar an Túir, Baile an Phoill
- Cosán Bhóthar an Mhuilinn, Muileann an Bhata
- Bóthar na hÁithe, an Sliabh Rua
- Cosáin a Sholáthar i gCeantar Bardasach Bhaile an Phoill
- Rannphairtíocht an Phobail i Scéimeanna Oibreacha Bóthair & Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla
- Maoiniú & Aighneachtaí CLÁR
- Saincheisteanna luais i gCeantar Bardasach Bhaile an Phoill
- Suirbhéanna Tráchta / Luais
- Bearradh Fálta
- Oibreacha um Imscrúdú ar Thuilte
- Scéim um Fhaoisimh Tuile Dhún Cit
- Stadanna Bus / Scáthláin Bus– Ceantar Bardasach Bhaile an Phoill
- Stad Bus Ghleann Mór & Droichead Meáite
- Cruinnithe le TII
- Limistéir Innealtóireachta – Athruithe ar Cheantair Bhardasacha
- Glasbhealach Chill Chainnigh
- Turasóireacht
- Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch & Plean Straitéiseach Ceantair Chathrach
- Crios Forbartha Straitéisí na Cé Thuaidh
- Seirbhís Chairdiach 24/7 do Phort Láirge
- Lár Cheantar Phort an Chalaidh.
- Féile Thalamh Éisc na hÉireann
- Scéimeanna Athnuachana ar Bhailte & Sráidbhailte –
  Baile Hugúin agus Cill Mhic Bhúith
- Páirc Chomharsanachta agus Clós Súgartha Phort an Chalaidh
- An Próiseas maidir le Tógáil i gCúram / Eastáit Neamhchríochnaithe
- Poll an Easa
- Líonra Rannpháirtíochta Poiblí
- Plean Bainistíochta Bruscair 2018-2020
- Bruscar Plaisteach sa Bhearú
- Plean Uile-Éireann um Pailneoirí
- Saincheisteanna Póilíneachta (Gardaí i Láthair)
- Seoladh na Comhpháirtíochta Póilíneachta Áitiúla

**Calafort Belview**
Socraíodh cuairt ar an láithreán i gCalafort Belview ar an 6 Samhain 2019. Tugadh comhaltaí tofa agus oifigigh ar camchuairt timpeall an Chalafoirt chun na forbairtí agus na hoibríochtaí éagsúla sa Chalafort a fheiceáil. Tar éis an turais, rinne Frank Ronan, an Príomhfheidhmeannach, cur i láthair do na comhaltaí.

**CBS 1: Tacaíocht agus Turasóireacht Fiontraíochta um Fhorbairt Eacnamaíochta**

| Líon na gCruinnithe a Tionóladh | Príomhcheisteanna Beartais a Breithníodh |
|---|---|
| 4 | ▪ Glacadh agus monatóireacht ar sheachadadh Phlean Forbartha Fiontar Áitiúil OFA do 2018, thar ceann na Comhairle [in aghaidh an Chomhaontaithe Seirbhíse le Fiontraíocht Éireann];<br>▪ Monatóireacht ar ghnéithe eacnamaíocha de Phlean Gníomhaíochta Bliantúil an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) 2017 – 2018;<br>▪ Ainmniúcháin do Ghrúpa Comhairleach PÁEP;<br>▪ Plean Gníomhaíochta an Oirdheiscirt do Phoist.<br>▪ Ceathrú na Mainistreach;<br>▪ Scéim Dreasachta Áitreabh Folamh; |

**SPC 2: Beartas Bonneagair, Iompar, Seirbhísí Dóiteáin & Éigeandála**

| Líon na gCruinnithe a Tionóladh | Príomhcheisteanna Beartais a Breithníodh |
|---|---|
| 4 | ▪ Páirceáil do Ghluaisteáin<br>▪ Feithiclí Leictreacha<br>▪ Seirbhís Dóiteáin – soláthairtí uisce/hiodraint<br>▪ Plean Mór Éigeandála<br>▪ Plean Soghluaisteachta<br>▪ Plean Sábháilteachta ar Bhóithre<br>▪ Plean Cothabhála Geimhridh |

**SPC 3: Pleanáil & Forbairt, Oidhreacht, Pobal, Ealaíona & Cultúr.**

| Líon na gCruinnithe a Tionóladh | Príomhcheisteanna Beartais a Breithníodh |
|---|---|
| 4 | ▪ Plean Uile-Éireann um Pailneoirí<br>▪ Caomhnú Ailtireachta & Taifead ar Struchtúir Chosanta<br>▪ Léirmheasanna ar Phlean Ceantair Áitiúil Callainn agus Baile Mhic Andáin<br>▪ Athbhreithniú ar Phlean Forbartha Contae<br>▪ Nuashonrú Ríomhphleanála<br>▪ Stáisiún Cumhachta Núicléiche Hinkley Point C - Cainéal Chomhairle Contae Chill Chainnigh le haghaidh comhairliúchán poiblí<br>▪ Scéim Ranníocaíochta Forbartha Chomhairle Contae Chill Chainnigh<br>▪ Straitéis Chultúrtha Chill Chainnigh 2018-2022<br>▪ Creat Pleanála Náisiúnta & Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach<br>▪ Ár Leabharlanna Poiblí 2022<br>▪ Fuinneamh Gréine<br>▪ Láithreáin Fholmha agus Thréigthe |

**CBS 4: Forbairtí**

| Líon na gCruinnithe a Tionóladh | Príomhcheisteanna Beartais a Breithníodh |
|---|---|
| **4** | ▪ Clár Caipitil 2017 – 2021<br>▪ Beartas Fála<br>▪ Easpa dídine agus anailís mhíosúil<br>▪ Measúnú ar Riachtanais Tithíochta 2018<br>▪ Scéim na dTosaíochtaí Ligin<br>▪ An Clár Athlonnaithe do Dhídeanaithe<br>▪ Scéim Cíosa Dhifreálach agus Athbhreithniú Cíosa 2020<br>▪ Scéim Ceannaigh Incrimintigh,<br>▪ Beartas & Scéim Tithíochta Inacmhainne |

**CBS5: Cosaint an Chomhshaoil, Seirbhísí Uisce agus Fuinneamh**

| Líon na gCruinnithe a Tionóladh | Príomhcheisteanna Beartais a Breithníodh |
|---|---|
| **4** | ▪ Plean Gníomhaíochta do CBS 5<br>▪ Plean Oiriúnaithe Aeráide<br>▪ Dréachtchairt Leasa Ainmhithe<br>▪ Dréacht-Dhlíthe Fodhlí Capall<br>▪ Ionad Fóntas Poiblí an Dúin Mhóir<br>▪ Na Rialacháin um Thorann Comhshaoil – CCC – Plean Forfheidhmithe 2019/2023<br>▪ OPUÚÁ – Oifig Phobail Uisce an Údaráis Áitiúil<br>▪ Plean Bainistíochta Bruscair 2018 -2020<br>▪ Fuinneamh Gréine<br>▪ An úsáid a bhaintear as Gliofosáite<br>▪ Bainistíocht Dramhaíola – Dréacht-Fhodhlíthe um Dhramhaíl |

# COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA CHILL CHAINNIGH

Bhunaigh Comhairle Contae Chill Chainnigh Comhchoiste Póilíneachta de réir an Achta um an nGarda Síochána 2005



*Cathaoirleach An Clr Fidelis Doherty (go mí Bealtaine 2019)*



*Cathaoirleach An Clr Patrick Fitzpatrick (ó mhí an Mheithimh 2019)*

**COMHALTAÍ AN CHOMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA (ó mhí an Mheithimh, 2019):**
An Clr Martin Brett, Bóthar Challainn, Cill Chainnigh.
An Clr Deirdre Cullen, Cill Rí, Droichead Binéid, Co. Chill Chainnigh.
An Clr Pat Dunphy, Baile Uí Ghuara, Móin Choinn, Co. Chill Chainnigh
An Clr Michael Delaney, Tulach Ruáin, Co. Chill Chainnigh.
An Clr Tomas Breathnach, Bóthar an Cheárta, Narabane, Cill Mhic Bhúith, Co. Chill Chainnigh.
An Clr Denis Hayes, Baile Eilín, An Droichead Nua, Co. Chill Chainnigh
An Clr Joe Lyons, Na Bánta Buí, Callainn, Co. Chill Chainnigh.
An Clr Patrick O'Neill, Radharc an Chnoic, Droichead Binéid, Co. Chill Chainnigh.
An Clr Michael Doyle, Ballinbarna, an Robhar, Co. Chill Chainnigh
An Clr Mick McCarthy, Sráid Buncrusha, Achadh Úr, Co. Chill Chainnigh
An Clr Joe Malone, 11 Cnoc Mhairidin, Bóthar Cheanannais,Co. Chill Chainnigh
An Clr Andrew McGuinness, Bóthar Uí Lachnáin, Co. Chill Chainnigh.
An tArd-Cheannfort Dominic Hayes, Stáisiún na nGardaí, Cill Chainnigh.
Ceannfort Derek Hughes, Stáisiún na nGardaí, Cill Chainnigh.
An Ceannfort Carmel Banville, Stáisiún na nGardaí, Baile Mhic Andáin.
An Teachta Bobby Aylward, Cnoc Maoláin, Muileann an Bhata, Co. Chill Chainnigh.
An Teachta Kathleen Funchion, Urlár 3, An tSráid Nua Íochtarach, Cill Chainnigh
An Teachta John McGuinness, Bóthar Uí Lachnáin, Cill Chainnigh
An Teachta John Paul Phelan, 25 Sráid an Mhargaidh, Baile Mhic
Andáin, Co. Cill Chainnigh Samuel Morgan, PPN, Cill Chainnigh.
Helena Power, PPN, Cill Chainnigh

| **Líon na gCruinnithe a Tionóladh** | **Achoimre ar na saincheisteanna a pléadh in 2019:** |
|---|---|
| **4**<br><br>**& 1 Cruinniú Poiblí** | ✓ Staitisticí Coireachta, Tráchta agus Sábháilteacht ar Bhóithre<br>✓ Aonad Seirbhíse Cosanta na Roinne/Oifig Íospartach & Pobail<br>✓ Rannpháirtíocht Pobail/Comhpháirtíochtaí Póilíneachta<br>✓ Oibríocht um Chathair Shlán/Scuabadóir.<br>✓ Tionscadal Óige an Gharda Síochána/Dámhachtainí Gnóthachtála<br>✓ Múnla Nua Póilíneachta na Roinne<br>✓ TCI Áth na nUrlainn<br>✓ Comhpháirtíocht Póilíneachta Áitiúil Chaisleán an Chomair agus Bhaile an Phoill<br>✓ Toghchán an Chathaoirligh agus an Leas-Chathaoirligh nua |



*Fáiltiú do Chumann Iománaíochta Dhún Iomagáin a bhuaigh Craobhchomórtas Sinsir Idirmheánach Chlubanna na hÉireann san Iománaíocht*



*Fáiltiú do Chumann Iománaíochta Bhaile Héil a bhuaigh Craobhchomórtas Sinsir Chlubanna na hÉireann san Iománaíocht*



*Fáiltiú do Chomhaltas Ceoltoirí Éireann*



*Fáiltiú do Rós Thrá Lí*



*Fáiltiú don Gharda Síochána Caroline O'Brien*



*Toghchán an Mhéara Nua do Chathair Chill Chainnigh*



*Fáiltiú le haghaidh Ord Mhálta*



*Fáiltiú do Chromáin Chathair Chill Chainnigh*





*Lá Náisiúnta Cuimhneacháin*



Cuimhneachán ar Fháiltiú na Chéad Dála



don Gharda Síochána Caroline O’Brien



Tugann an Taoiseach Leo Varadkar cuairt ar Láithreán Cheathrú na Mainistreach




Tionscnamh Aoisbháúil Chill Chainnigh ag Ospidéal Naomh Lúcáis



Seoladh Sheirbhís Bus na Cathrach



Iompú an Fhóid ag Comharsanacht Phort an Chalaidh agus Clós Súgartha




Dámhachtainí Náisiúnta um Mórtas Cine is Ceantair., Óstán Lyrath

# TIONSCADAIL SPEISIALTA

**Forbairt Cheathrú na Mainistreach Chill Chainnigh Teo.**
Chuir Forbairt Cheathrú na Mainistreach Chill Chainnigh Teo. (FCMCC) moltaí forbartha chun cinn do na foirgnimh atá beartaithe ar Láithreán Cheathrú na Mainistreach in 2019. Is é FCMCC an chuideachta forbartha a bhunaigh an chomhpháirtíocht idir Comhairle Contae Chill Chainnigh agus Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta trí Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) chun na bloic thógála a fhorbairt ar iar-Láithreán na Grúdlainne Smithwick. Is é Foirgneamh na Grúdlainne an chéad cheann de na foirgnimh sin a forbraíodh.

Leanadh den obair ar chur chun feidhme Mháistirphlean Cheathrú na Mainistreach in 2019. Rinneadh dul chun cinn suntasach freisin in 2019 maidir le pleanáil, dearadh agus ullmhúchán doiciméad tairisceana do roinnt tionscadal laistigh de limistéar an Mháistirphlean.

**Foirgneamh na Grúdlainne**
Cuireadh tús le hobair ar Fhoirgneamh na Grúdlainne a thógáil i mí Iúil 2019, agus ceapadh Mythen Construction mar phríomhchonraitheoirí don tionscadal. Tá an tionscadal le bheith críochnaithe faoi dheireadh 2020 agus tá forbairt na limistéar tadhlach ríochta poiblí leis, go háirithe Lána Bheairic na gCapall agus Clós na Grúdlainne.


Sheol an Taoiseach, Leo Varadkar an tionscadal go hoifigiúil, leis na hAirí Eoghan Murphy agus John Paul Phelan, Baill an Oireachtais, Comhaltaí Tofa, Ionadaithe CISÉ agus thug siad cuireadh d'aíonna a bheith i láthair.






Soláthrófar le forbairt na Grúdlainne 4,500$m^2$ de spás oifige Ghrád A i gcroílár Lár na Cathrach agus beidh sé réidh le háitiú ó 2021.





Agus tús curtha le hoibreacha tógála, tá gníomhairí ligin Lisney ag saothrú mhargaíocht ghníomhach an fhoirgnimh do thionóntaí ionchasacha. Bhí spéis láidir san fhorbairt agus táthar ag súil go dtabharfar comhaontuithe léasa chun críche don fhoirgneamh le linn 2020.

**Foirgnimh Nua**
Rinneadh dul chun cinn ar an obair in 2019 freisin ar sholáthar foirne dearaidh chun forbairt ar chuid de na foirgnimh nua ar Láithreán Cheathrú na Mainistreach a chur chun cinn. Táthar ag súil go gceapfar an chéad fhoireann deartha go luath in 2020, agus iarratas pleanála don chéad cheann de na foirgnimh nua le taisceadh le linn 2020. Beidh foirgnimh nua ar Cheathrú na Mainistreach le haghaidh úsáidí éagsúla mar atá leagtha amach i gCritéir/Cód Forbartha um Dhearadh Uirbeach Cheathrú na Mainistreach.

**Leabharlann Mayfair**
Tá Comhairle Contae Chill Chainnigh freagrach as athfhorbairt Fhoirgneamh Mayfair. Tar éis chinneadh na Comhairle an Leabharlann Chathrach nua a lonnú i bhFoirgneamh Mayfair, ceadaíodh Pleanáil Cuid VIII d'úsáid bheartaithe Leabharlainne an fhoirgnimh in 2019. Is foirgneamh an-suntasach é Foirgneamh Mayfair in oidhreacht shóisialta Chill Chainnigh, nó is ann a bhí an bálseomra Ballroom Mayfair idir 1943 agus 1973.

Ceapadh Foireann Dearaidh nua don tionscadal le haghaidh dearadh mionsonraithe, lena n-áirítear feistiú na Leabharlainne in 2019 agus rinne dul chun cinn suntasach i rith na bliana. Táthar ag súil go rachaidh an tionscadal seo ar aghaidh chun tairisceana in 2020 agus go mbeidh sé críochnaithe i lár 2021.





**Limistéir Ríochta Poiblí**

De réir an chomhaontaithe comhpháirtíochta le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta trí CISÉ, tá Comhairle Contae Chill Chainnigh freagrach as forbairt na limistéar fearainn poiblí ar Láithreán Cheathrú na Mainistreach. Meastar go bhfuil forbairt chodanna de Réimse Poiblí Ardchaighdeáin tríd an láithreán ríthábhachtach maidir le comhtháthú iar-láithreán na Grúdlainne i Lár na Cathrach.

Cuirfear maoiniú ar fáil do na hoibreacha seo tríd an gCiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí (CAFU) (leithdháileadh maoinithe tosaigh de €4.764m), Ciste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) do Scéim Deontais Ionad Uirbeach Ainmnithe (leithdháileadh maoinithe de €1.0M) agus cistí dílse.

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union

European Union
European Regional Development Fund

Leis an maoiniú reatha beidh Comhairle Contae Chill Chainnigh ábalta dul ar aghaidh le forbairt na chéad chéime d'oibreacha ríochta poiblí i gCeathrú na Mainistreach lena n-áirítear:

- Lána Bheairic na gCapall
- Cearnóg na Grúdlainne
- Cearnóg phoiblí Mayfair
- Gairdín Cois Abhann lena n-áirítear Páirc Scátála
- Mol Cultúrtha san áit a raibh an Chúirt Scuaise roimhe seo



**Lána Bheairic na gCapall & Cearnóg na Grúdlainne**

Cuimsítear sa chonradh le Mythen Construction chun Foirgneamh na Grúdlainne a athfhorbairt, athfhorbairt a dhéanamh ar Lána Bheairic na gCapall agus ar Chearnóg na Grúdlainne. Tá na tionscadail seo le bheith tugtha chun críche in 2020.

**Tionscadal Gairdín Cois Abhann lena n-áirítear Páirc Scátála**

Críochnaíodh na cáipéisí mionsonraithe dearaidh agus tairisceana don Tionscadal Gairdín Cois Abhann in 2019 agus dámhadh an conradh don fhorbairt ar Niall Barry & Co. i mí na Nollag 2019. Tá an fhorbairt le tosú i mí Eanáir 2020 agus tá sí le bheith críochnaithe faoi Shamhradh 2020.




**Céim 1 Oibreacha Ríochta Poiblí - Tionscadail Eile**
Tá dul chun cinn déanta ar obair dhearaidh agus ar ullmhú na ndoiciméad tairisceana don chuid eile de thionscadail ríochta poiblí Chéim 1. Meastar go rachaidh na tionscadail seo chun tairisceana agus tógála in 2020.

Soláthraítear le deontas CAFU maoiniú chun láithreán Cheathrú na Mainistreach a chomhtháthú i Lár na Cathrach. I measc na n-oibreacha sin tá tabhairt chun críche Mhíle na Meánaoise chuig an mBaile Gaelach, athchóiriú Shráid an Bhiocáire, forbairt Gheataí na Cathrach, nascacht Taistil Cathrach Níos Cliste le Timpealláin an Oirthir agus soilsiú Struchtúr Oidhreachta feadh Mhíle na Meánaoise. Chuir Oifig Cheantair Chathair Chill Chainnigh na tionscadail sin chun cinn in 2019 agus táthar ag súil go mbeidh siad tugtha chun críche in 2020.

**Tionscadal na Sráide agus na Páirce Uirbí**
Tá dul chun cinn déanta ar an obair in 2019 maidir le dearadh na sráide agus na páirce uirbí ar shuíomh Cheathrú na Mainistreach.

Beidh an pháirc uirbeach, atá dírithe timpeall ar Séadchomhartha Náisiúnta Mhainistir Naomh Proinsias mar fhócas lárnach ar shuíomh Cheathrú na Mainistreach agus beidh sé deartha chun freastal ar imeachtaí lasmuigh a bhaineann leis an iliomad féilte a reáchtáiltear sa Chathair i rith na bliana. Éascóidh forbairt na sráide uirbí, ar a dtabharfar tosaíocht do choisithe agus rothaithe, forbairt na bhfoirgneamh nua atá beartaithe ar shuíomh Cheathrú na Mainistreach. Táthar ag súil go ndéanfar iarratas pleanála don Bhord Pleanála i leith an tionscadail sráide agus páirce in Earrach 2020.




**Tionscadal Halla an Bhaile**
Rinneadh obair ar mholtaí chun Foirgneamh Halla an Bhaile a athfhorbairt in 2019, agus ceadaíodh toiliú Pleanála Cuid VIII i mí na Bealtaine 2019.

Rinneadh foráil don Straitéis Turasóireachta don Chathair in 2013 d'athfhorbairt an fhoirgnimh agus d'oscailt an fhoirgnimh le haghaidh úsáid turasóireachta, agus a úsáid chathartha thábhachtach sa Chathair á choinneáil aige. Tá an tionscadal le páirt-mhaoiniú ag Fáilte Éireann mar go bhfuil dul chun cinn déanta ag Fáilte Éireann in 2019 ar an gcuid lárnach, Míle na Meánaoise agus ar phleanáil an tionscadail. Cuirfear iarratas ar mhaoiniú d'fhorbairt an tionscadail faoi bhráid Fháilte Éireann in 2020. Cuimsítear leis an tionscadal obair ar struchtúr Halla an Bhaile agus forbairt ar thaispeántas turasóireachta, a bheidh bunaithe ar fhorbairt stairiúil Chathair Chill Chainnigh a insint trí Mhéara Chill Chainnigh.




**Teach mhuintir Uí Éimhín/Gailearaí de Buitléir**

Is tionscadal de chuid Chomhairle Contae Chill Chainnigh é athchóiriú a dhéanamh ar Theach mhuintir Uí Éimhín, agus tá a sheachadadh maoinithe ó €3 mhilliún i gcabhair deontais ó mhaoiniú náisiúnta, ón Roinn Ealaíon agus Fáilte Éireann, agus tagann an chuid eile ó fhoinsí na Comhairle. Feidhmeoidh an foirgneamh athchóirithe mar bhaile nua do Ghailearaí de Buitléir atá ag feidhmiú faoi láthair ón íoslach i gCaisleán Chill Chainnigh. Tá na comhpháirteanna seo a leanas san fhorbairt a bheartaítear:

- Athchóiriú agus obair chaomhnaithe a dhéanamh ar Theach mhuintir Uí Éimhín atá ann cheana, Struchtúr faoi Chosaint, le húsáid ag Gailearaí de Buitléir mar sheomraí oideachais, stóráil cartlainne, caifé agus oifigí.
- Tógáil 140 méadar cearnach in dhá bhloc bheaga do ghailearaí meán, cóiríocht leithris, ardaitheoir agus staighre.

Cuireadh tús leis an athchóiriú measta €6m ar Theach mhuintir Uí Éimhín i mí an Mheithimh 2018. Tá Gailearaí de Buitléir lena theach nua a oscailt timpeall na Cásca 2020.

# Cuir Isteach Grianghraf


# STIÚRTHÓIREACHT AR SHEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

**Stiúrthóir Seirbhísí:** **An tUasal Tim Butler**

## CLÁR NA dTOGHTHÓIRÍ

Foilsítear an Clár Bliantúil ar an 1 Feabhra gach bliain. Is liosta é de na daoine go léir atá 18 mbliana d'aois nó níos sine, a bhfuil cónaí orthu sa Stát, atá i dteideal vótáil sna toghcháin seo a leanas:

- Toghcháin Áitiúla *(Comhairle Contae),*
- Olltoghcháin *(Dáil),*
- Toghcháin Eorpacha *(Parlaimint an Aontais Eorpaigh),*
- Uachtaránachta,
- Reifrinn.




***Is é 73,994 an líon iomlán ar an gClár ar an 31ú Nollaig 2019.***

Tá an Clár ar fáil i Leabharlanna, Oifigí Poist agus Stáisiúin na nGardaí. Féadfaidh aon duine den phobal a sheiceáil má tá siad ar an gclár ar an suíomh gréasáin seo a leanas: www.checktheregister.ie. nó is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Seirbhísí Corparáideacha sa Chomhairle.

**Grúpa Beartais Chorparáidigh**

Is é atá sa Ghrúpa Beartais Chorparáidigh (GBC) coiste de chuid na Comhairle ar a bhfuil Cathaoirleach na Comhairle agus cathaoirleach gach ceann de na cúig Choiste um Beartais Straitéiseacha (CBSanna).

Nascann an GBC obair na CBSanna éagsúla agus soláthraítear leis fóram ina bpléitear míreanna beartaithe le haghaidh chláir oibre cruinnithe na Comhairle agus cúrsaí beartais. Déanann an GBC faireachán freisin ar fheidhmíocht an údaráis áitiúil agus tá ról lárnach aige sa phróiseas buiséadach. Tháinig an GBC le chéile 11 uair in 2019.

**Scéim na Gaeilge**

Dheimhnigh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta Scéim Gaeilge 2019-2022 Chomhairle Contae Chill Chainnigh agus tháinig sí i bhfeidhm ar an 8 Aibreán 2019. Tá an scéim ar fáil le breithniú ar ár suíomh gréasáin - www.kilkennycoco.ie.

Aithníonn Comhairle Contae Chill Chainnigh go bhfuil sé de cheart ag ár gcustaiméirí gnó a dhéanamh linn ina rogha teanga agus éascaítear iad agus iad ag plé linn chomh fada agus is féidir, cibé acu trí Ghaeilge nó trí Bhéarla.

Más mian leat teagmháil a dhéanamh leis an gComhairle i nGaeilge, seol r-phost chuig gaeilge@kilkennycoco.ie

Le linn 2019, dhéileáil Comhairle Contae Chill Chainnigh le 1 ghearán foirmiúil as Gaeilge.

**Príomhtháscairí Feidhmíochta**

In Alt 126(c) den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 leagtar amach feidhmeanna an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchta (CNMI) lena n-áirítear scrúdú ar fheidhmíocht comhlachtaí rialtais áitiúil i gcoinne tríocha a seacht dtáscaire.

D’fhoilsigh CNMI an tuarascáil i leith 2018 i mí Dheireadh Fómhair 2019.
Is féidir breathnú ar fheidhmíocht Chomhairle Contae Chill Chainnigh i ngach réimse in 2018 i gcomparáid le húdaráis áitiúla eile ag www.noac.ie

**Cosaint Sonraí**
Próiseálann Comhairle Contae Chill Chainnigh an fhaisnéis phearsanta go léir de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí 2016 agus de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018.

Tá feidhm ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) ón 25 Bealtaine 2018. Tá feidhm ghinearálta aige maidir le próiseáil sonraí pearsanta san AE, ag leagan amach oibleagáidí níos fairsinge ar rialaitheoirí agus próiseálaithe sonraí, agus ag soláthar cosaintí agus cearta neartaithe d’ábhair sonraí.

In 2019, dhéileáil Comhairle Contae Chill Chainnigh le 6 iarratas duine ar a s(h)onraí a rinneadh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí maidir le rochtain ar shonraí pearsanta atá i seilbh Chomhairle Contae Chill Chainnigh.

**Ráiteas Príobháideachais**
Táimid tiomanta ag Comhairle Contae Chill Chainnigh do do phríobháideachas a chosaint agus a urramú. Leis an Ráiteas Príobháideachais cuirtear in iúl duit conas a dhéileálamid le do shonraí pearsanta. Cuireann sé ar an eolas thú freisin maidir lenár n-oibleagáidí agus do chearta faoin dlí cosanta sonraí. Is féidir teacht ar ráiteas príobháideachais Chomhairle Contae Chill Chainnigh ar ár suíomh gréasáin ag www.kilkennycoco.ie.

**Cúram Custaiméirí**
Tá an Chomhairle tiomanta do sheirbhís ardchaighdeáin a sholáthar dá custaiméirí go léir. Leagtar amach i gCairt Chustaiméirí Chomhairle Contae Chill Chainnigh an bealach a ndéanann an Chomhairle iarracht chun freastal ar a custaiméirí. Tá an doiciméad ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag www.kilkennycoco.ie.

Cuimsítear sa Chairt seo tiomantas do chomhionannas i soláthar seirbhíse agus aitheantas do chineál éagsúil an phobail a ndéanaimid freastal air. Cuimsítear sa Chairt chomh maith Nós Imeachta um Ghearáin ó Chustaiméirí ar féidir le duine ar bith nach bhfuil sásta le cáilíocht na seirbhíse a fhaigheann siad leas a bhaint as. Déanann an tOifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Corparáideach imscrúdú ar gach gearán/trácht a fhaightear. Féadfaidh duine nach bhfuil sásta leis an bhfreagra a thug an tOifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach a iarraidh go ndéanfaidh Stiúrthóir na Seirbhísí, Seirbhísí Corparáideacha athbhreithniú ar a chás in athuair.

In 2019, dhéileáil Comhairle Contae Chill Chainnigh le 20 gearán fhoirmiúla ó chustaiméirí.

**Iarrataí ar Ombudsman**
Bunaíodh Oifig an Ombudsman faoin Acht Ombudsman 1980. Is é ról na hOifige imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin faoi ghníomhaíochtaí riaracháin, moilleanna nó neamhghníomhartha a mbíonn drochthionchar acu ar dhaoine nó ar chomhlachtaí agus iad ag déileáil le comhlachtaí stáit lena n-áirítear Údaráis Áitiúla.

Dhéileáil Oifig an Ombudsman le 5 ghearán ó Chustaiméirí in 2019. Rinne Comhairle Contae Chill Chainnigh teagmháil le hOifig an Ombudsman maidir le gach gearán. Dúnadh 1 chás. Fuarthas cinneadh maidir le 3 chás - níor seasadh le 2 chás agus thángthas ar chomhaontú le custaiméir i gcás amháin. Tá cinntí ar 1 chás fós gan réiteach.

**An tOmbudsman Do Leanaí**
In 2019, ní dhearnadh aon ghearán leis an Ombudsman do Leanaí.

**Nochtadh faoi Chosaint**
Tháinig an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014 i bhfeidhm an 15 Iúil 2014. Tá sé i gceist leis an Acht creat reachtúil a sholáthar trínar féidir le hoibrithe ábhair imní a chur in iúl maidir le héagóir a d’fhéadfadh a bheith tugtha ar a n-aire san ionad oibre agus iad ar an eolas gur féidir leo leas a

bhaint as cosaintí suntasacha fostaíochta agus cosaintí eile má chuireann a bhfostóir pionós orthu nó má fhulaingíonn siad aon dochar as sin a dhéanamh.

De réir Alt 22 den Acht sin, tá oibleagáid ar Chomhairle Contae Chill Chainnigh tuairisc a thabhairt ar líon na nochtuithe cosanta a rinneadh leis an gComhairle an bhliain roimhe sin.

Go dtí an 30 Meitheamh 2019, fuair an tOifigeach Ainmnithe um Nochtuithe Cosanta 1 nochtadh

**Athbhreithniú ar Theorainneacha Toghcháin**
Tuarascáil an Choiste um Theorainneacha Toghcháin Áitiúla *[Coiste Uimh. 1]* a foilsíodh i mí an Mheithimh 2018.

Is éard a bhí sa chomhdhéanamh athbhreithnithe do Chontae Chill Chainnigh do na Toghcháin Áitiúla i mí na Bealtaine, 2019 athruithe i dtoghcheantar/bailte fearainn do na Ceantair Bhardasacha. D'fhan ballraíocht iomlán na Comhairle ag 24 Chomhalta.

Tar éis an athbhreithnithe, mhol an Coiste Teorann an méid seo a leanas do Chontae Chill Chainnigh:

| ***Toghcheantar Áitiúil*** | ***Líon na gComhaltaí*** |
|---|---|
| *Callainn - Baile Mhic Andáin* | *6* |
| *Caisleán an Chomair* | *6* |
| *Cathair Chill Chainnigh* | *7* |
| *Scéim um Cheansú* | *5* |
| *Iomlán* | *24* |

**Toghcháin Áitiúla 2019**

| | |
|---|---|
| *Lá na Vótaíochta* | *24 Bealtaine 2019* |
| *Iomlán na dToghthóirí* | *74,251* |
| *Líon na n-iarrthóirí dearbhaithe* | *44 iarrthóirí* |
| *Líon na suíochán atá le líonadh* | *24 shuíochán* |
| *Líon daoine a vótáil* | *39,364 duine (53.01 %)* |
| *Comhaireamh* | *25 - 26 Bealtaine 2019* |
| *Líon na gcomhaireamh* | *29* |
| *Tofa* | *17 gcomhaltaí ag dul as oifig & 7 gcomhaltaí nua* |

**An Chéad Chruinniú den Chomhairle Nua**

Tionóladh an chéad chruinniú den Chomhairle nua Dé hAoine an 7 Meitheamh 2019 agus ag an gcruinniú sin:

- Toghadh an Clr Peter Chap Cleere mar Chathaoirleach
- Toghadh an Clr Andrew McGuinness mar Leas-Chathaoirleach.

**Ba iad seo a leanas céad chruinnithe na gCeantar Bardasach:**

| **Ceantar Bardasach** | **Dáta an Chruinnithe** | **Tofa mar Chathaoirleach** |
|---|---|---|
| Callainn - Baile Mhic Andáin | 14 Meitheamh 2019 | An Clr Pat O'Neill |
| Caisleán an Chomair | 17 Meitheamh 2019 | An Clr John Brennan |
| Cathair Chill Chainnigh | 14 Meitheamh 2019 | An Clr Martin Brett (Méara) |
| Scéim um Cheansú | 11 Meitheamh 2019 | An Clr Eamonn Aylward |

# TOGHCHÁIN ÁITIÚLA 2019

## Alt 19 Toghcháin Áitiúla (*Síntiúis & Caiteachas a Nochtadh)* d'Acht 1999

### CEANTAR BARDASACH CHALLAINN/BHAILE MHIC ANDÁIN

| | Caiteachas Iomlán a Tabhaíodh | Iomlán na Síntiús a Fuarthas |
|---|---|---|
| Deirdre Cullen, Cill Rí, Droichead Binéid, Co. Chill Chainnig*h* | 1,773.19 | 700.00 |
| John Carroll, Sruthán na Coille, Cill Mogeanna, Co. Chill Chainnigh | 279.48 | NIL |
| Peter 'Chap' Cleere, Achadh Choillteáin, Sceach an Mhaistín, Co. Chill Chainnigh | 2,700.00 | NIALASACH |
| Matt Doran (FF) Sruth an Mhaide, Cill Mogeanna, Co. Chill Chainnigh | 5,118.00 | 500.00 |
| Michael Doyle, Ballinbarna, an Robhar, Inis Tíog, Co. Chill Chainnigh | 850.00 | NIALASACH |
| Trish Finegan, Teach Raerainn, Dún Iomagáin, Co. Chill Chainnigh | 3,403.46 | 1,000.00 |
| Breda Patricia Gardner, Teach Radharc an Chnoic, Cloch an Bhródaigh, Baile Mhic Andáin | 800.00 | 400.00 |
| David Kennedy, Baile an Bhúlaigh, Inis Tíog, Co. Chill Chainnigh | 2,125.00 | NIALASACH |
| John Kelly, Ros an Arbha, Cill Mogeanna, Co. Chill Chainnigh | 3,162.98 | NIALASACH |
| Joe Lyons, Na Bánta Buí, Callainn, Co. Chill Chainnigh | 3,180.60 | 350.00 |
| Michael McGrath, 2, Plás an Athar Uí Shírín, Co. Chill Chainnigh | 370.00 | NIALASACH |
| Patrick O'Neill, Baile Thréidín, Droichead Binéid, Co. Chill Chainnigh | 1,382.06 | NIALASACH |

### CEANTAR BARDASACH CHAISLEÁN AN CHOMAIR

| | | |
|---|---|---|
| John Brennan, an Chruit, Uachtarach, Caisleán an Chomair, Co. Chill Chainnigh | 1,450.00 | NIALASACH |
| Mary Hilda Cavanagh, Baile Phóil, Crois Phádraig, Via Durlas, Cill Chainnigh | 1,893.00 | NIALASACH |
| Michael Delaney, *S*iopa an tSráidbhaile, Tulach Ruáin, Co. Chill Chainnigh | 5,730.00 | 3,460.00 |
| Pat Fitzpatrick, Cloch an Phúca, Baile an Phoill, Co. Chill Chainnigh | 6,656.11 | 500.00 |
| Denis Hayes, Baile Eilín, An Droichead Nua, Co. Chill Chainnigh | 2,672.00 | 595.00 |
| Joseph Kavanagh, Teach Conville, An Chloch, Caisleán an Chomair, Cill Chainnigh | 2,711.80 | 600.00 |
| Mick McCarthy, Sráid Buncrusha, Achadh Úr, Co. Chill Chainnigh | 1,396.00 | NIALASACH |
| Patrick O'Neill, Baile Thréidín, Droichead Binéid, Co. Chill Chainnigh | 1,595.00 | NIALASACH |

### CEANTAR BARDASACH CHATHAIR CHILL CHAINNIGH

| | | |
|---|---|---|
| Martin Brett, Bóthar Challainn, Cathair Chill Chainnigh | 2,024.00 | NIALASACH |
| Andrea Cleere, Dama, Baile Uí Challáin, Co. Chill Chainnigh | 2,313.50 | 595.00 |
| John Coonan, 17, Clós na Sailí, Ardnore, Co. Chill Chainnigh | 2,490.93 | 500.00 |
| David Fitzgerald, 24 Sráid Phádraig, Cill Chainnigh | 3,338.85 | 300.00 |
| Stephanie Hanlon, Viewmount, An Droichead Nua, Co. Chill Chainnigh | 706.50 | 457.07 |
| Enya Kennedy, 5 Stóras an Arbhair, Sráid an Ghraoinigh, Co. Chill Chainnigh | *Níor cuireadh ar fáil* | *Níor cuireadh ar fáil* |
| Orla Kelly, An Scairt, Dún Garbháin, Co. Chill Chainnigh | 3,316.36 | 3,191.72 |
| Andrew McGuinness, 13 Siúlán na Sceiche, Parcnagowan, Cill Chainnigh | 6,511.45 | 500.00 |
| Eugene McGuinness, 40 Plás an Easpaig Birch, Cathair Chill Chainnigh | 1,457.00 | NIALASACH |
| Joe Malone, 11 Cnoc Mhairidin, Bóthar Cheanannais,Co. Chill Chainnigh | 4,123.80 | 500.00 |
| Malcolm Noonan, 38, Céide Choill an Chéadrais, An Loch Buí, Cathair Chill Chainnigh | 3,391.10 | 874.70 |
| Luke O'Connor, 5 Bán an Aeir, Bóthar na nGráinseach, Cill Chainnigh | *Níor cuireadh ar fáil* | *Níor cuireadh ar fáil* |
| Seán Tyrrell, 31, Garrán na Cufróige, An Loch Buí, Cill Chainnigh | NIALASACH | NIALASACH |
| Noel Gerard Walsh, 9, Sráid St. Rioch, Cathair Chill Chainnigh | NIALASACH | NIALASACH |


### CEANTAR BARDASACH BHAILE AN PHOILL

| | | |
|---|---|---|
| Eamon Aylward, Ballynooney, Muileann an Bhata, Co. Chill Chainnigh | 1,466.04 | 800.00 |
| Tomas Breathnach, Bóthar an Cheárta, Narabane, Cill Mhic Bhúith, Co. Chill Chainnigh | 2,424.50 | 100.00 |
| Alan Curran, Tiobra Fhachna, Baile an Phoill, Co. Chill Chainnigh | 500.00 | NIALASACH |
| Fidelis Doherty, Ballyfacey, an Gleann Mór, Co. Chill Chainnigh. | 2,300.00 | NIALASACH |
| Grace Doyle, 65 Airde Belmont, Port an Chalaidh, Co. Chill Chainnigh | 1,160.00 | 1,010.00 |


| | | |
|---|---|---|
| Pat Dunphy, Baile Uí Ghuara, Móin Choinn, Co. Chill Chainnigh | 1,580.91 | NIALASACH |
| Rob Duggan, Baile an Fhainínigh, Baile an Phoill, Co. Chill Chainnigh | 1,727.79 | 680.00 |
| Ger Frisby, Trian an Fhraoigh, An Sliabh Rua, Co. Chill Chiannigh | 1,370.00 | NIALASACH |
| John Hayes, 21 Greenoaks, Mínleach, Port an Chalaidh, Port Láirge | 220.00 | NIALASACH |
| Melissa O'Neill, 40 Fearann na Mainistreach, Port an Chalaidh, Co. Phort Láirge | 3,885.00 | NIALASACH |

# SAORÁIL FAISNÉISE

**IARRATAÍ AR SHAORÁIL FAISNÉISE**
Fuair an Chomhairle 147 nIarratas um Shaoráil Faisnéise in 2019. Is féidir na hiarrataí a fuarthas a mhiondealú mar seo a leanas:






Rinne an tOifigeach um Shaoráil Faisnéise 136 chinneadh san iomlán in 2019 arna miondealú mar seo a leanas:






Ina theannta sin, fuarthas 4 iarratas ar Athbhreithnithe Inmheánacha tar éis chinntí an Oifigigh um Shaoráil Faisnéise agus rinneadh 1 iarratas ar Achomharc chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéise. I gcás an achomhairc chuig an OCF, dhearbhaigh an Coimisinéir Faisnéise cinneadh na Comhairle sa chás seo.

# CUMARSÁID & NA MEÁIN SHÓISIALTA 2019



# OILIÚINT & SPEANSAIS NA gCOMHALTAÍ

# ACMHAINNÍ DAONNA

Is é cuspóir na Roinne Acmhainní Daonna "a chinntiú go bhfuil lucht saothair cumasach, oilte agus spreagtha agus na hacmhainní cuí acu chun tosaíochtaí agus cuspóirí na hEagraíochta a chomhlíonadh agus chun sábháilteacht, sláinte agus folláine ár mbaill foirne uile a chinntiú a mhéid is atá sé réasúnta agus praiticiúil é sin a dhéanamh".

Is í fís na Roinne Acmhainní Daonna tacaíocht straitéiseach agus oibríochtúil éifeachtach a sholáthar mar chomhpháirtí gnó d'aonaid seachadta seirbhíse an Údaráis.

Pléann an Roinn Acmhainní Daonna leis na réimsí seo a leanas:

- Straitéis Acmhainní Daonna
- Pleanáil an Lucht Saothair
- Earcaíocht agus Roghnú
- Párolla agus Aoisliúntas
- Oiliúint agus Forbairt Fostaithe
- Bainistíocht Feidhmíochta
- Forbairt Ceannaireachta
- Comhionannas
- Bainistíocht Éagsúlachta
- Cothromaíocht Oibre is Saoil
- Caidreamh Tionscail
- Sláinte, Sábháilteacht agus Leas Fostaithe

**Leibhéil Foirnithe**
Líon na mball foirne atá fostaithe ag an 31 Nollaig, 2019 *691 (Líon daoine)* nó 581 *(Lánaimseartha-Coibhéiseach).* Comhordaíonn an Roinn Acmhainní Daonna bainistíocht leanúnach phleananna an lucht oibre; iontrálaithe nua, aistrithe foirne agus imeachta foirne a bhainistiú le comhghleacaithe bainistíochta líne.

**Earcaíocht**

Reáchtáladh 28 gcomórtas san iomlán i rith na bliana agus mar thoradh air sin fostaíodh 67 mball foirne nua (laistigh agus lasmuigh) san eagraíocht.

Ghlac Comhairle Contae Chill Chainnigh páirt in Aonach Gairmeacha a tionóladh i Músaem Mhíle na Meánaoise ar an 28 Nollaig 2019, úsáideadh an Aonach sin chun aird a tharraingt ar na poist atá á dtairiscint ag Comhairle Contae Chill Chainnigh d'fhonn rochtain an Údaráis a leathnú chuig margaí tallainne.

**Clár Samhraidh do Mhic Léinn & Gardaí Tarrthála**

D'fhostaigh an Chomhairle 54 mac léinn i rith mhíonna an tsamhraidh in 2019 chun nithe amhail Piocadh Bruscair, Garraíodóireacht agus obair shéasúrach eile faoin gclár seo a chlúdach.

Fostaíodh 20 Garda Tarrthála ar fud an Chontae le linn thréimhse an tsamhraidh in 2019.

**Seirbhís Párolla Chomhroinnte agus Aoisliúntais**

Is é MyPay, Soláthraí Seirbhísí Comhroinnte an Rialtais Áitiúil, a sholáthraíonn an tseirbhís seo ó na hoifigí i bPort Laoise Co Laois. D'éirigh le Comhairle Contae Chill Chainnigh feidhm Aoisliúntais na Comhairle a aistriú go dtí an Lárionad Seirbhíse Comhroinnte i mí Eanáir 2019.

**Bainistíocht Tinrimh**

Rinneadh an Beartas Bainistíochta um Thinreamh Earnálacha Rialtais Áitiúil a athbhreithniú in 2013 agus tugadh isteach scéimeanna athbhreithnithe pá breoiteachta don Earnáil. Leantar de bheith ag bainistiú leibhéil neamhláithreachta de réir na mbeartas sin.

**Oiliúint & Forbairt**

Tá Comhairle Contae Chill Chainnigh tiomanta d'fhorbairt ghairmiúil agus phearsanta gach fostaí a chinntiú. Tá oiliúint agus forbairt dírithe ar chabhrú le fostaithe a bheith níos éifeachtaí ina gcuid post agus a n-acmhainneacht a fhorbairt, agus aidhmeanna agus cuspóirí na Comhairle a bhaint amach freisin. Rinneadh clár oiliúna cuimsitheach a sheachadadh in 2019 inar cuimsíodh oiliúint Sláinte & Sábháilteachta, Cláir Foghlama Tríú Leibhéal agus ceardlanna oiliúna intí éagsúla eile. Is é seo a leanas sampla de na cláir oiliúna a cuireadh ar fáil in 2019: -

- Ionduchtú Foirne
- Láimhsiú Sábháilte
- Pas sábháilte
- Roithleáin Scríobacha
- Spásanna Teoranta
- Suíomh na Seirbhísí Faoi Thalamh
- Oiliúint maidir le Comharthaíocht, Soilsiú & Gardáil de chuid na Scéime Deimhnithe Scileanna Foirgníochta (SDSF)
- Oiliúint maidir le Sláinte & Sábháilteacht ag Oibreacha Bóthair de chuid na Scéime Deimhnithe Scileanna Foirgníochta (SDSF)
- Oiliúint maidir le hArdán Oibre Ardaithe Soghluaiste
- Oiliúint maidir le Tiomáint Forcardaitheora
- Ag Déileáil le Foréigean & Forrántacht
- Garchabhair Oibre
- Oiliúint maidir le hIonduchtú Foirne
- Oiliúint Ceannaireachta
- Oiliúint Bainistíochta Maoirseachta
- Staidéar Rialtais Áitiúil

Déanann Comhairle Contae Chill Chainnigh iarracht, faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil, tacú le fostaithe agus ar mian leo Cúrsaí Tríú Leibhéal a dhéanamh atá ábhartha dá ról agus do riachtanas gnó na Comhairle agus a chuireann leis agus chun é sin a éascú dóibh.

**Comhionannas agus Tacaíocht don Éagsúlacht**

Is fostóir comhdheise í Comhairle Contae Chill Chainnigh agus tá sí tiomanta do raon leathan beartas, cleachtas agus nósanna imeachta a bhfuil sé mar aidhm leo rannchuidiú agus feidhmíocht aonair a aithint, cumas gach duine a fhorbairt agus deis chomhionann a thabhairt do gach duine a t(h)allann a úsáid agus lán a (h)acmhainneachta a bhaint amach.

Tacaíonn Comhairle Contae Chill Chainnigh le fostaíocht daoine faoi mhíchumas agus comhlíonann sí an sprioc mar atá leagtha amach ag an Roinn Tithíochta agus Rialtais Áitiúil.

**Caidreamh Tionscail**

Bíonn Acmhainní Daonna Chomhairle Contae Chill Chainnigh ag obair go dearfach le hionadaithe ceardchumann foirne chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna ar bhealach dearfach réamhghníomhach.

# INIÚCHADH INMHEÁNACH

Tá an Coiste Iniúchóireachta comhdhéanta de thriúr ball seachtracha agus beirt bhall tofa. Bunaíodh an coiste iniúchta reatha le rún ón gComhairle ar ainmniúchán ón nGrúpa Beartais Chorparáidigh agus tar éis dul i gcomhairle leis an bPríomhfheidhmeannach. Tá téarma an choiste comhthráthach le téarma na Comhairle reatha a thosaigh ar an 1 Meitheamh 2019 agus a thiocfaidh chun críche ar an 31 Bealtaine 2024. Is é a leanas a ról:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais agus nósanna imeachta tuairiscithe airgeadais na Comhairle
- Forbairt an chleachtais is fearr a chothú i bhfeidhm iniúchta inmheánaigh na n-údarás áitiúil
- Tuarascálacha airgeadais na Comhairle a athbhreithniú agus tuairisciú ar a torthaí
- Éifeachtúlacht agus luach ar airgead a mheas agus a chur chun cinn
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chórais a oibríonn an t-údarás áitiúil chun rioscaí a bhainistiú.

Mar gheall ar na Toghcháin Áitiúla, tionóladh trí chruinniú den Choiste Iniúchóireachta in 2019. I rith na bliana bhuail an Coiste leis an bPríomhfheidhmeannach Colette Byrne agus le bainisteoirí líne éagsúla chun raon leathan saincheisteanna a phlé.

I measc na réimsí tosaíochta bhí:

- Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2018
- Buiséad Bliantúil 2019
- Tuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh
- Príomhthionscadail Chaipitil
- Tuarascáil Reachtúil na Seirbhíse Iniúchta Rialtais Áitiúil 2018
- Clár Tithíochta
- Tuarascálacha CNMI

# BÓITHRE & IOMPAR

Ghlac na Comhaltaí Tofa Scéim 2019 um Oibreacha Bóthair do Chontae Chill Chainnigh i mí Aibreáin 2019. B'ionann agus €23.8 milliún luach iomlán na Scéimeanna Cothabhála agus Feabhsúcháin.

Rinneadh méid suntasach oibreacha ar bhonn náisiúnta agus neamhnáisiúnta i rith na bliana.

**GRÉASÁIN BÓITHRE NÁISIÚNTA**

**Seachbhóthar N25 Ros Mhic Thriúin**
Tá an chéim dheartha agus tógála chun an bonneagar suntasach seo a sheachadadh á déanamh faoi Chonradh Comhpháirtíochta Príobháidí/Poiblí (CPP). Cuireadh tús le hoibreacha ar an láithreán i mí Feabhra 2016 agus bhí siad tugtha chun críche go rathúil faoi Ráithe 4 2019. Meastar go n-osclófar an Scéim do thrácht le linn R1 2020. Bhí suíomh gréasáin tionscadail lán faisnéise www.n25newross.ie ar fáil le haghaidh nuashonruithe ar dhul chun cinn na scéime don phobal.

**N25 Mór-Scéim an Ghleanna Mhóir go Port Láirge**
Soláthraíodh leithdháileadh €400,000 in 2019 chun an Scéim sin a chur ar aghaidh. Tá pleanáil agus dearadh (Céim 1)
1) den scéim tugtha chun críche agus leantar ar aghaidh chuig (Céim 2) Rogha Roghnúcháin Threoirlínte Bainistíochta Tionscadal TII le linn 2019

Táthar ag súil leis an gcéad chomhairliúchán poiblí ar roghanna féideartha conairí bealaí ag deireadh Ráithe 1 2020.

**N24 Mór-Scéim Phort Láirge go dtí an Chathair**
I Ráithe 3 de 2019, thug TII cead do Chomhairle Contae Chill Chainnigh seirbhísí comhairleora innealtóireachta a fhostú chun céim phleanála agus dheartha na Scéime seo a chur chun cinn. Beidh Comhairle Contae Chill Chainnigh mar phríomhúdarás ar an tionscadal trí chomhaontú Alt 85 le Comhairle Contae Thiobraid Árann. Tá tairiscintí do sheirbhísí comhairleoireachta ar siúl faoi láthair le dáta deiridh i lár R1 2020. Meastar go gceapfar an comhairleoir rathúil go déanach i Ráithe 1 2020.

**An Clár um Fheabhsú Cosán agus Mionoibreacha**
Faoin gClár um Fheabhsú Cosán agus Mionoibreacha, tá dul chun cinn suntasach déanta ag Comhairle Contae Chill Chainnigh maidir leis an méid seo a leanas:

**N25 Ghráig na Cille (Ceangail Seachróid Ros Mhic Thriúin) go Baile na nGall/an Fhliuchmhuine/Gleann Rhu**
Is éard a bhí sa tionscadal sin forleagan feabhsúcháin pábhála 4.5 km agus oibreacha gaolmhara eile. Tugadh an tionscadal chun críche le linn 2019 le luach conartha de €2,040,000.

**N76 Bhaile Mhic Dháith go Caisleán an Tóibínigh/Baile an Bhrúnaigh go Baile an Bhurraigh/Gráinseach Chuffe**
Rinneadh dul chun cinn ar ullmhúchán doiciméad dearaidh agus tairisceana don scéim seo le linn 2019. Eiseofar na cáipéisí tairisceana go luath i Ráithe 1 2020.

**N24 Scéim Mionfheabhsúcháin ar Bhóthar na Carraige**
Soláthraíodh leithdháileadh €200,000 in 2019 chun céim dheartha na Scéime sin a chur chun cinn. Tionóladh comhairliúchán poiblí i Halla Pobail Mhóin Choinn i mí Iúil 2019, áit ar tugadh breac-chuntas ar an rogha conaire bealaigh.

**Scéim Feabhsúcháin Acomhal Bhóthar an Túir N24**
Soláthraíodh leithdháileadh de €400,000 in 2019 chun céim dheartha na Scéime seo a chur chun cinn. Fuarthas Cuid 8 maidir le Faomhadh Pleanála don scéim i mí Aibreáin 2019 agus tá an scéim faoi láthair ag Céim an Ordaithe Éigeantaigh. Cuireadh iarratas faoi bhráid an Bhoird Phleanála ar an 25 Deireadh Fómhair 2019. Taisceadh agóidí agus táthar ag súil go ndéanfar Éisteacht ó Bhéal maidir leis an OCÉ le linn Ráithe 1 2020.

**N77 Scéim Feabhsúcháin Béal Átha Ragad go Baile na Slí**
Soláthraíodh leithdháileadh €100,000 in 2019 chun céim dheartha na Scéime seo a chur chun cinn. Táthar ag súil go ndéanfar iarratas pleanála agus iarratas OCÉ ar an mBord Pleanála le linn 2020.

**Droichead Coisithe ar N78, Caisleán an Chomair**
Cuireadh iarratas ar chead pleanála faoi bhráid an Bhoird Phleanála ar an 4 Deireadh Fómhair 2019. Tá Éisteacht ó Bhéal maidir leis an tionscadal socraithe do R1 2020. Is é an dáta tosaithe is luaithe le haghaidh tógála faoi réir na gceaduithe riachtanacha i ndeireadh 2020.

**Oibreacha Cothabhála Caipitil ar Bhóithre Náisiúnta.**
Críochnaíodh oibreacha dar luach €400,000 ar an N24 ag Móin Choinn & an N76 ag Garraí Ricín go Cill tSalcháin i rith 2019.

**Oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta HD15 ar an Gréasán Bóithre Náisiúnta**
Fuair Comhairle Contae Chill Chainnigh maoiniú de €72,000 le linn 2019 chun oibreacha feabhsúcháin sábháilteachta a dhéanamh ar N76 sheachbhóthar Challainn. Tugadh na hoibreacha seo chun críche le linn R3/4 2019.

Eisíodh an tairiscint le haghaidh oibreacha feabhsúcháin pábhála agus sábháilteachta (lánaí ar chasadh ar dheis a sholáthar) ar an N25 ag an gCurrach Mór le linn Ráithe 4 2019. Meastar go mbronnfar an conradh le linn R1 2020.

**Bóthar Náisiúnta Chlár Athsholáthair LED Chill Chainnigh**
Chríochnaigh Comhairle Contae Chill Chainnigh oibreacha le linn 2019 ar luach €250,000 le haghaidh aisfheistiú 548 solas poiblí mar chuid de fheabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh ar an ngréasán bóithre náisiúnta. I measc na n-áiteanna ar tugadh aghaidh orthu bhí: N77 Bhéal Átha Ragad, N78 Chaisleán an Chomair, N24 Mhhóin Choinn, N10/77 Cathair Chill Chain.nigh (Cuarbhóthar) agus N76 Challainn

**LÍONRA BÓITHRE NEAMHNÁISIÚNTA**

**An Clár um Fheabhsúcháin Athchóirithe agus Cothabháil Athchóirithe 2019**
Maoinítear na feabhsúcháin bóithre ar an ngréasán bóithre nach bóithre náisiúnta iad ón Scéim Deontais um Fheabhsúcháin Athchóirithe agus Cothabháil Athchóirithe Bóithre. Fuair an Chomhairle leithdháileadh iomlán deontais de €13.8m do bhóithre neamhnáisiúnta le leithdháileadh €8.7m go sonrach le haghaidh dromchlaithe. Tugtar tosaíocht do na hoibreacha dromchla ar bhonn foráil a dhéanamh d'fheabhsuithe ar rátáil riocht an bhóthair, ar fhriotaíocht scide agus ar neamh-thréscaoilteacht. In 2019, feabhsaíodh 59Km de bhóithre faoin Scéim sin, agus feabhsaíodh 78Km faoin gClár Cothabhála Athchóirithe (cóiriú dromchla). Tá dul chun cinn suntasach déanta ar ghréasán na mbóithre Neamhnáisiúnta thar na blianta ó tugadh an Deontas Athchóirithe isteach agus is féidir rátáil riocht na mbóithre i gContae Chill Chainnigh a chur i gcomparáid go fabhrach le rátáil Chontaetha eile.

**An Clár Sábháilteachta ar Chostas Íseal do Bhóithre nach Bóithre Náisiúnta iad**
Tá an Clár Sábháilteachta ar Chostas Íseal do Bhóithre nach Bóithre Náisiúnta iad dírithe ar áiteanna ar feadh an ghréasáin bóithre neamhnáisiúnta a sainaithníodh mar chriosanna a bhfuil seans maith ann go dtarlódh imbhualadh orthu. I measc na n-oibreacha a dhéantar faoin gclár seo tá imlíniú acomhal feabhsaithe agus spré léargais, ceansú tráchta, imlíniú feabhsaithe ar thaobh an bhóthair agus saoráidí trasnaithe do choisithe laistigh de cheantair uirbeacha. Críochnaíodh aon scéim déag [11] faoin gclár seo ar chostas €318,000 in 2019.

**PRÍOMHSCÉIMEANNA FEABHSÚCHÁIN BONNEAGAIR**

**Scéim Feabhsúcháin Shráideanna an Bhaile Ghaelaigh**
Leanadh le hoibreacha in 2019 ar ghné Bhaile na hÉireann de Scéim Feabhsúcháin Mhíle na Meánaoise a dhéanamh soláthar d'uasghrádú na saoráidí do coisithe agus na pábhála atá ann cheana. Feabhsaíonn na hoibreacha críochnaithe tarraingteacht na sráide go mór agus soláthraíonn siad nascacht níos fearr do choisithe freisin.

**Síneadh ar Chuarbhóthar Thuaisceart Chill Chainnigh**
D'iarr 3 úinéirí talún áitiúla Athbhreithniú Breithiúnach ar chinneadh 2014 a rinne an Bord Pleanála chun an Staidéar Tionchair Timpeallachta (STT) agus an OCÉ a cheadú don scéim seo. I mí na Bealtaine 2017 chuir an Ard-Chúirt an cás faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa. De bhun chinneadh Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa, chuir an Ard-Chúirt, le comhaontú an Bhoird Phleanála, deireadh leis an gcinneadh chun an STT agus an OCÉ a cheadú. Tá an Chomhairle tar éis tús a chur leis an bpróiseas pleanála agus deartha anois chun an tionscadal a chur chun cinn. San am ó rinneadh cinneadh bunaidh an Bhoird in 2014, tá athrú tagtha ar an bpróiseas pleanála agus deartha. Ceanglófar anois ar Chomhairle Contae Chill Chainnigh TMTT (Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta) a ullmhú agus an próiseas roghnaithe conaire bealaigh a athdhéanamh (a bhféadfadh go mbeadh gá le OCÉ athbhreithnithe mar thoradh air).

Chuir Comhairle Contae Chill Chainnigh an chéad ghné den phróiseas pleanála agus deartha don scéim seo (Foirm Réamh-mheastóireachta a Thaisceadh) chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i mí na Nollag 2019.

**Céim 1 Phurláin Iarthar Chill Chainnigh, Bonneagar**
Cuireadh tús le tógáil na scéime ar an 4 Márta 2019. Tá na hoibreacha ag dul ar aghaidh go maith agus tá siad faoi réir le tabhairt i gcrích faoin dáta críochnaithe beartaithe, Meán Fómhair 2020. Is é SIAC Construction Limited príomhchonraitheoir na scéime. Tá an Cuarbhóthar dúnta faoi láthair chun tógáil droichid nua thar Abhainn na Breagaí a éascú. Meastar go mbeidh na hoibreacha seo tugtha chun críche faoi mhí an Mhárta 2020 lena gceadófar don Chuarbhóthar athoscailt sula gcuirfear an chuid eile den scéim i gcrích.

**R700 Thóchar Bhaile Mhic Andáin**
Cuireadh tús le hoibreacha ar an Thóchar Bhaile Mhic Andáin le linn R1 2019 agus bhí siad tugtha chun críche nach mór faoi dheireadh Ráithe 3 2019. Bhí gá leis na hoibreacha toisc gur aithníodh easnaimh le linn na Scéime Athnuachana ar Bhailte agus Sráidbhailte le déanaí leis an tóchar seo a iompraíonn sruth beag faoi na Bóithre Réigiúnacha R700, R448 trí Shráid Thobar Mhuire, Sráid an Phíopa agus Sráid an Mhargaidh. Is é €800,000 costas iomlán na n-oibreacha agus cuirfidh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maoiniú ar fáil tríd an Deontas Feabhsúcháin Shonraigh.

**Clár Athsholáthair LED Chill Chainnigh do Bóithre nach Bóithre Náisiúnta iad**
Bronnadh maoiniú ar an gComhairle trí Phobail um Fhuinneamh Níos Fearr 2019 (FNF) le haghaidh aisfheistiú thart ar 1,005 lóchrann ar chostas €209,000. Mhaoinigh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann 30 % agus mhaoinigh Comhairle Contae Chill Chainnigh an fuílleach. Ba é seo an tríú céim den uasghrádú fuinnimh soilsithe poiblí agus tá na hoibreacha críochnaithe. Rinneadh aisfheistiú ar 1,300 lóchrann in 2017 agus ar 2,240 lóchrann in 2018.

**Sábháilteacht ar Bhóithre**
Leanann an Chomhairle leis an bhfeidhm thábhachtach seo a mhaoiniú trí fheasacht ar shábháilteacht ar bhóithre, an córas maor scoile agus trí thacaíocht a thabhairt d'fheachtais sábháilteachta bóthair a dhírítear ar an bpobal.

Ghlac na Comhaltaí Tofa Plean Sábháilteachta ar Bhóithre Chill Chainnigh 2015 go 2020 i mí Iúil 2015. Leagtar amach sa Phlean seo treoirphlean soiléir maidir le dul chun cinn i réimse na sábháilteachta ar bhóithre go dtí deireadh 2020. Tá sraith tionscadal agus gníomhaíochtaí sainithe mar bhonn leis an bPlean ar fud na bpríomhréimsí idirghabhála, eadhon: Innealtóireacht, Oideachas, Forfheidhmiú agus Rannpháirtíocht. Tosóidh an t-ullmhúchán ar Phlean Sábháilteachta Bóthair nua agus beidh CBS an Iompair agus na páirtithe leasmhara ábhartha i gceist leis.

**SCÉIMEANNA UM FHAOISEAMH TUILE**
In 2018, d'fhoilsigh Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) na Pleananna Bainistíochta i gCás Riosca Tuilte do Chill Chainnigh. I mí na Bealtaine 2018 d'fhógair an tAire maoiniú do 6 Scéim um Fhaoiseamh Tuile i gCill Chainnigh.

Ceadaíodh €29.8 milliún do Chill Chainnigh mar a leanas:

- Gráig na Manach ............ €9.06 milliún

- Baile Héil.......................... € 0.43 milliún
- Achadh Úr ....................... € 3.80 milliún
- Baile Mhic Andáin.......... € 12.70 milliún
- Inis Tíog ........................... € 1.49 milliún
- Scéim um Cheansú.......... € 1.60 milliún

R2 2019 - Bunaíodh an Oifig Chaipitil um Fhaoiseamh Tuile. Cheap Comhairle Contae Chill Chainnigh foireann inmheánach chun na 6 Scéim um Fhaoiseamh Tuile a sheachadadh thar an tréimhse 10 mbliana.
Ba iad na chéad 2 scéim ar cuireadh tús leo Scéimeanna um Fhaoiseamh Tuile Ghráig na Manach agus Bhaile Héil.

**Scéim um Fhaoiseamh Tuile Ghráig na Manach**

Cuireadh Grúpa Choiste Stiúrtha Ghráig na Manach le chéile i mí Aibreáin 2019 le hionadaithe ó Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh agus Cheatharlach agus Oifig na nOibreacha Poiblí. Cheadaigh an dá Údarás Áitiúil Comhaontú Alt 85 ag sannadh Chomhairle Contae Chill Chainnigh mar an Príomhúdarás chun an scéim a sheachadadh.

R4 2019 - Cuireadh Comórtas Tairisceana i gcrích ag baint úsáid as Creat OOP chun seirbhísí na Seirbhísí Innealtóireachta & Comhairleachta Comhshaoil a dhaingniú chun an scéim a dhearadh do Ghráig na Manach. Fuarthas tairiscintí i mí Dheireadh Fómhair 2019 agus ceapadh an Comhairleoir rathúil go luath i mí Eanáir 2020. Tosóidh Céim 1 den tionscadal i R1 2020.

Ráithe 4 2019 - suiteáladh dhá thomhsaire leibhéal uisce nua ar Abhainn an Dubhuisce ag Margadh na Móna agus an Chúil Rua chun cabhrú le sonraí a bhailiú chun próifíl a dhéanamh ar Abhainn an Dubhuisce.



*Tomhsaire Nua ar Leibhéal Uisce - an Chúil Rua*



*Tomhsaire Nua Leibhéal Uisce - Margadh na Móna*

**Scéim um Fhaoiseamh Tuile Bhaile Héil**
Ráithe 4 2019 - Cuireadh Comórtas Tairisceana i gcrích ag baint úsáid as creat OOP chun seirbhísí na Seirbhísí Innealtóireachta & Comhairleachta Comhshaoil a dhaingniú chun an scéim a dhearadh do Bhaile Héil. Fuarthas tairiscintí i mí na Nollag 2019 agus táthar ag súil go gceapfaí an Comhairleoir rathúil go luath i mí Feabhra 2020. Tosóidh Céim 1 den tionscadal i R1 2020.



*Abhainn Bhaile Héil*

**Oibriú & Cothabháil**
Déanann Comhairle Contae Chill Chainnigh bainistíocht ar 23 sholáthar poiblí uisce óil agus 36 scéim cóireála fuíolluisce phoiblí thar ceann Uisce Éireann. Soláthraíodh 10.40 billiún lítear uisce (28.5 milliún lítear/sa lá) trí ghréasán soláthair uisce phoiblí Chill Chainnigh do thart ar 67,500 custaiméir.

Is í 2018 an bhliain is déanaí a d'fhoilsigh GCC a Tuarascáil ar Cháilíocht an Uisce Óil. Foilseofar tuarascáil 2019 níos déanaí in 2020.

In 2018, don ochtú bliain as a chéile, ghnóthaigh Scéimeanna Uisce Poiblí Chill Chainnigh comhlíonadh micribhitheolaíoch 100 % (99.83 % ar an meán náisiúnta). Baineadh amach comhlíonadh 99.6 % do pharaiméadair cheimiceacha (Meán Náisiúnta 99.6 %).

Ag teacht le blianta beaga anuas, tá leibhéal an chomhlíonta comhshaoil a baineadh amach ag ionaid chóireála uisce Chill Chainnigh ag feabhsú i gcónaí. Léirítear an treocht fhoriomlán sin leis an bhfeabhsúchán ar thorthaí a taifeadadh i dTuarascálacha Bliantúla ar Fhuíolluisce Uirbeach GCC.

**OIBREACHA CAIPITIÚLA**

**Scéim Soláthair Uisce Inis Tíog**
Is éard atá i gceist leis an scéim soláthair uisce €12m seo ná 18.7Km de phríomhphíopaí uisce nua a thógáil, 2 thaiscumar nua, 2 thobar nua agus stáisiún caidéalaithe teannbhrú nua mar aon le huasghrádú ar an mbonneagar atá ann cheana. Cuireadh tús le hoibreacha ar an láithreán i mí Lúnasa 2017 agus tá siad beagnach tugtha chun críche anois. Meastar go gcuirfear an scéim i ngníomh i mí Eanáir 2020.

**Ionad Cóireála Uisce Mhuileann an Bhata**
Is éard atá i gceist leis an scéim seo córas cóireála fuíolluisce nua a thógáil ar láithreán úrnua, eis-sreabhadh nua chuig Abhainn na Dubhabhann, stáisiún caidéalaithe nua agus roinnt feabhsuithe gréasáin. Tugadh cead pleanála don tionscadal seo. Tá idirbheartaíocht ar siúl maidir le talamh agus is dóigh go mbeidh gá le hordú ceannaigh éigeantaigh (OCÉ) chun na héadálacha talún riachtanacha a chur i gcrích. Cuireadh oibreacha imscrúdaithe láithreáin i gcrích in 2019, rud a cheadóidh dearadh mionsonraithe na scéime a chur i gcrích a luaithe a réiteofar saincheisteanna talún. Tá dul chun cinn an tionscadail lasmuigh den dearadh mionsonraithe ag brath ar mhaoiniú a bheith ar fáil freisin.

**Córas Cóireála Fuíolluisce Inis Tíog**
Is éard atá i gceist leis an scéim seo córas cóireála fuíolluisce nua a thógáil, uasghrádú a dhéanamh ar an stáisiún caidéalaithe atá ann agus roinnt feabhsuithe gréasáin. Tugadh Cead Pleanála don tionscadal agus tá gach éadáil talún agus cead slí tugtha chun críche mar aon leis na hoibreacha imscrúdaithe láithreáin. Tá dearadh mionsonraithe na scéime ar siúl i gcónaí. Tá dul chun cinn an tionscadail lasmuigh den dearadh mionsonraithe ag brath ar mhaoiniú a bheith ar fáil.

**Plean Ceantair Draenála Chill Chainnigh**
Cuimsíonn an tionscadal seo mapáil agus samhaltú an líonra séarachais atá ann cheana sa Chathair agus éascófar leis measúnú ar acmhainn, riocht agus leibhéal feidhmíochta an líonra séarachais. Nuair a bheidh sé tugtha chun críche cabhróidh an plean sin le feidhmíocht na líonraí fuíolluisce a fheabhsú, an comhshaol a chosaint agus forbairt shóisialta agus eacnamaíoch a éascú sna blianta amach romhainn. Críochnaíodh suirbhé chun cinn ar 'Séarach & Brainsí Ghleann na Bréagaí' i mí Feabhra 2019 agus rinneadh samhaltú hiodrálach ina dhiaidh sin. Cuireadh tús le príomhoibreacha an tsuirbhé i mí Aibreáin 2019 agus cuireadh deireadh leo go sealadach i mí Mheán Fómhair 2019. Meastar go dtosóidh an príomhshuirbhé i mí Feabhra 2020 agus tógfaidh sé thart ar. 4 mhí lena chur i gcrích.

**Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Ghabhráin**
Is éard atá i gceist leis an scéim seo ionad cóireála uisce nua, taiscumar, príomhphíobán aníos, dhá thollpholl astarraingthe a fhorbairt agus gléasra atá ann cheana a dhíchoimisiúnú. Leis an tionscadal seo méadófar acmhainn an tsoláthair uisce go Gabhrán, an Droichead Nua & Baile Phóil agus cuirfidh sé leis an gcumas chun fáis agus forbartha sa cheantar áitiúil. Deonaíodh pleanáil don scéim i mí Mheán Fómhair 2019. Tá ullmhúchán doiciméad tairisceana ag céim mhór chun cinn. Tá dul chun cinn an tionscadail go tairiscint ag brath ar mhaoiniú a bheith ar fáil.

**Sláintíocht an tSoláthair Uisce Tuaithe (SSUT) de chuid Chathair Chill Chainnigh - Uasghrádú ar Ionad Cóireála Uisce (ICU) Choill an Treoigh.**
Thug an Bord Pleanála cead pleanála agus an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh gan mhodhnú go déanach in 2019. Caithfidh Uisce Éireann an OCÉ (faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt (APF) 2000) a dhearbhú laistigh de 12 sheachtain ón gcinneadh. Fógraíodh an tionscadal le haghaidh tairisceana in 2018 ach cuireadh an próiseas tairisceana ar fionraí mar gheall ar achomhairc chuig an mBord Pleanála. Táthar ag súil go gcuirfear an próiseas tairisceana i gcrích go luath in 2020 agus cuirfear tús le hoibreacha faoi réir maoinithe faoi lár 2020.

**Uisce Tuaithe**
Cé gurb é an GCC (an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil) an tÚdarás Maoirseachta do sholáthairtí uisce poiblí, is í Comhairle Contae Chill Chainnigh an t-údarás maoirseachta do sholáthairtí príobháideacha uisce i gContae Chill Chainnigh a thagann faoi na Rialacháin um Uisce Óil.

Cuimsítear leis sin 134 Sholáthar Príobháideach bheaga (SPB) a chuimsíonn scoileanna, áitribh bia agus eastáit tithíochta tuaithe de ghnáth.

Déanann an Chomhairle bainistíocht agus leithdháileadh freisin ar dheontais Rialtais atá ceadaithe faoin gClár Uisce Tuaithe do ghrúpscéimeanna uisce agus fuíolluisce i dteannta le deontais co thoibreacha príobháideacha.

Tá 195 Ghrúpscéim Uisce ann. Freastalaíonn a bhfoinsí féin ar 125 díobh agus déantar freastal ar 70 acu sin ón bpríomhlíonra poiblí.

Ní bhfuair Comhairle Contae Chill Chainnigh Cúnamh Deontais Rialtais don Chlár Ilbhliantúil um Uisce Tuaithe 2019-2021 go dtí Deireadh Fómhair 2019. Mar gheall ar an leithdháileadh déanach sin, níor tharla mór-oibreacha caipitil i gCill Chainnigh in 2019. Tá móroibreacha caipitil á bpleanáil agus á ndearadh anois agus críochnófar iad laistigh de na trí bliana amach romhainn.

D'íoc an Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil €90,855 le Comhairle Contae Chill Chainnigh as oibreacha a rinneadh faoin gClár Uisce Tuaithe.

- ✓ €38,737 chun méadair a shuiteáil ar 6 Scéim Uisce do Ghrúpaí Príobháideacha.
- ✓ €21,361 don phróiseas maidir le Tógáil i gCúram ag Uisce Éireann.
- ✓ €25,872 chun tobar nua 8" a sholáthar ag Grúpscéim Uisce an Bhábhúin Mhóir.
- ✓ €4,855 le haghaidh uasghrádú ar chóireáil uisce agus cosaint bharr tobair.

**Uisce Éireann ag Tógáil i gCúram**
- ✓ Thóg Uisce Éireann 9 Scéim Uisce do Ghrúpaí Poiblí i gcúram go hoifigiúil in 2019.
  - o Baile Mhuadáin Baile Dhónaill Páirc an Bhirsigh Cluain Morna, Kilcurl, Baile an Bhailéisigh, Baile Nua Bhaile na nEirleach, Baile Rád, Coill an Treoigh.
- ✓ Íocadh €395,639 le 52 Fhóirdheontas Grúpa - costais reatha oibríochta
- ✓ Íocadh €157,326 i ndeontais tobair.
- ✓ Ceadaíodh 91 iarratas ar dheontas le haghaidh toibreacha príobháideacha.

# STIÚRTHÓIREACHT AR SHEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA, SÓISIALTA, POBAIL AGUS

**Stiúrthóir Seirbhísí: Mary J. Mulholland, Uasal**

# TITHÍOCHT

## TITHÍOCHT & CÓIRÍOCHT

Ionchorpraíonn an Stiúrthóireacht Tithíochta raon leathan seirbhísí d'iarratasóirí agus do thionóntaithe chun soláthar cóiríochta neamhspleách agus tacaithe a éascú agus tacú leis. Baintear é seo amach trí thacaíochtaí éagsúla tithíochta sóisialta atá á dtairiscint ag na hÚdaráis Tithíochta, ag an Earnáil Dheonach agus Phríobháideach.

Is iad a leanas na Príomhsheirbhísí Tithíochta:

**Clár Caipitil Tithíochta 2019**

Ba í 2019 an dara bliain den chlár seachadta tithíochta Atógáil Éireann. Chuir an tAire Tithíochta Chomhairle Contae Chill Chainnigh ar an eolas faoina spriocanna seachadta athbhreithnithe i.e. 599 aonad don tréimhse 2018 go 2021 agus sprioc shonrach de 190 aonad do 2019.

**Críochnaithe in 2019**

- 16 Aonad ag Siúlán na Mainistreach, Callainn (An Chlúid AHB)
- 4 Árasán ar Lána na Suiríoch, Caisleán an Chomair *(Tithíocht Chomharchumann)*
- 54 aonad ar Shráid an Bhaile Bhoicht, Cill Chainnigh *(Freagra Tithíochta)*
- 1 teach ag Scéim Tithíochta Ghrúpa Naomh Muire, Hebron, Cill Chainnigh
- 4 aonad ag an Maide Dubh, Callainn
- 27 n-aonad ag Sráid Bhailcín, Cill Chainnigh *(Tithíocht Oaklee)*
- 6 aonad ag Sráid an Droichid, Callainn *(an tAoire Maith)*



*54 aonad ag Sráid Bhaile an Bhoicht, Cill Chainnigh - Freagra Tithíochta*



*Sráid an Droichid, Callainn, Co. Chill Chainnigh - an tAoire maith, Cumann Tithíochta Deonach Chill Chainnigh.*

**Scéimeanna á dtógáil amhail ón 31 Nollaig, 2019**

- 38 n-aonad ag Páirc Uí Úbáin, Bóltan, Callainn
- 15 aonad ag Bóthar an Nuintis, Cill Chainnigh *(Freagra Tithíochta)*
- 17 nAonad ag Plás na Bréagaí, An Phríomhshráid, Baile an Phoill
- 33 aonad ag Taobh na Gléibe, Dún an Ghaill, Caisleán an Chomair
- 6 Aonad ag an mBóthar Nua agus ar Shráid an tSéipéil, Móin Choinn
- 22 aonad ag Ascaill an Stáisiúin, Béal Átha Ragad
- 40 aonad Baile Mháiréide, Bóthar Challainn, Cill Chainnigh
- 4 aonad (Teach ghrúpa) ag Cloch an Bhródaigh, Baile Mhic Andáin

**Scéimeanna ag Céim na Tairisceana**

- 18 n-aonad ag Broguemaker, Bóthar Chaisleán an Chomair, Cill Chainnigh
- 5 aonad ag Bailtín Uí Dhroighneáin, Baile Mhic Andáin (Camchoill)

**Scéimeanna ag Céim an Dearaidh Mhionsonraithe**

- 6 aonad ag Bóthar an Mhachaire Ghailf (Siopa Uí Mhaolchathail) Cill Chainnigh
- 2 Aonad ag Seangánach, Corlach
- 2 Aonad ag Inse an Chairn, Muileann an Bhata
- 2 Aonad ag an Sean-Stáisiún Dóiteáin, Gráig na Manach

**Scéimeanna ag an gCéim Phleanála:**
- 86 aonad (tithe/árasáin) agus saoráid phobail a fhorbairt ag Cnoc an Chrócaraigh, Bóthar Thobar Chainnigh, Cill Chainnigh
- 25 Aonad ag Tobar Mhuire, Baile Mhic Andáin

**Éadálacha**
- 48 gceannachán curtha i gcrích ag Comhairle Contae Chill Chainnigh.
- 105 cheannachán curtha i gcrích ag Comhlachtaí Tithíochta Deonacha.

**Scéim Cóiríochta ar Cíos [SCC] & Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta [ÍCT]**
- Caitheadh €6.1 milliún ar chóiríocht SCC
- 494 réadmhaoin SCC curtha ar fáil le haghaidh roghanna tithíochta sóisialta
- Glacadh le 8 réadmhaoin agus d'fhág 46 réadmhaoin an Scéim SCC in 2019
- Tá 1,563 aonad sa Scéim ÍCT ó 2014 agus 867 beo ar an 31 Nollaig, 2019
- Tá níos mó ná 100 teaghlach ar fhorlíonadh cíosa (FC) i gCill Chainnigh ar an 31 Nollaig, 2019

Chomh maith leis an 50,000 aonad atá le seachadadh go náisiúnta faoi Atógáil Éireann trí Fháil/Tógáil agus Léasú, leanann an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta ([ÍCT) agus an Scéim Cóiríochta Cíosa (SCC) de bheith mar chineál de thacaíocht tithíochta sóisialta láithreach agus í ina meicníocht éifeachtach chun freastal ar riachtanas tithíochta.

Sa tábla seo a leanas leagtar amach na spriocanna do Chomhairle Contae Chill Chainnigh do 2019:

| | Iomlán SCC | ÍCT Iomlán | ÍCT Seachtainiúil | Forlíonadh Cíosa ar ÍCT | Aistrithe Iomlán SCC Comhcheangailte | Líon Iomlán Teaghlach Nua |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Sprioc | 32 | 152 | 3 | 31 | 63 | 184 |
| Seachadadh go dtí seo | 81 | 187 | 4 | 10 | 90 | 268 |

**Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean 2019**
- 256 duine gan dídean a lorg cúnamh i rith 2019, arb é sin laghdú de 17 ó 2018
- 6 dhuine ag baint leasa as cóiríocht éigeandála ar an 31 Nollaig, arbh leanaí iad 2 acu siúd.
- Níor aimsíodh aon duine a raibh orthu codladh amuigh i gCathair agus i bPurláin Chill Chainnigh oíche an Chomhairimh Oifigiúil maidir le Daoine a Chodail Amuigh a rinneadh i mí na Bealtaine agus i mí na Samhna 2019
- Tá an laghdú ar dhaoine gan dídean atá ag lorg cúnaimh ó 2018 (6 %) mar thoradh ar na bearta coisctheacha agus mar gheall ar an obair a rinne an Fhoireann do Dhaoine gan Dídean agus an tOifigeach um Aimsiú Cóiríochta

**Cóiríocht ar Cíos Príobháideach**
Socraíodh sprioc de 698 n-iniúchadh do 2019. Sprioc bainte amach agus figiúirí don bhliain mar seo a leanas:

- Líon iomlán na gcigireachtaí a rinneadh in 2019 .................................. 709
- Na Chéad Chigireachtaí ........................................................................ 500
- An Dara Cigireacht ................................................................................ 209
- Líon na gcigireachtaí deiridh a bhain amach comhlíonadh................. 286
- Líon na bhFógraí Feabhsúcháin a eisíodh ................................................ 4
- Líon na bhFógraí Toirmisc a eisíodh ......................................................... 0
- Líon na gCásanna Dlíthiúla a tionscnaíodh ............................................. 0

**Clár Cóiríochta don Lucht Siúil**
- Cuireadh cóiríocht ar fáil do 90 teaghlach den Lucht Siúil sa tréimhse 2014-2019
- Clár Cóiríochta don Lucht Siúil don tréimhse 1 Iúil 2019 - 30 Meitheamh 2024 arna ghlacadh ag na Comhaltaí Tofa an 16 Meán Fómhair, 2019
- Sprioc de 66 réiteach tithíochta don tréimhse suas go dtí 2024

**Measúnú ar Riachtanais**
- Críochnaíodh an Tuarascáil Achoimre ar Mheasúnú Riachtanas Tithíochta in 2019 agus ba é 821

líon na n-iarratasóirí ceadaithe (**Glanriachtanas**) ar ár Liosta Feithimh Tithíochta ar an 25 Meitheamh 2019. (Ní chuimsítear san fhigiúr Glanriachtanas aistrithe, SCC agus ÍCT).

**Liosta Tithíochta**

Is é 1,988 an t-olléileamh reatha ar Thithíocht ar an 31 Nollaig 2019 agus leagtar amach anailís chomparáideach le blianta roimhe seo thíos:

| Bliain | Líon Daoine ar an Liosta Tithíochta |
|---|---|
| Nollaig 2019 | 1,988 |
| Nollaig 2018 | 2,070 |
| Nollaig 2017 | 2,180 |
| Nollaig 2016 | 2,059 *(Measúnú Reachtúil 2016)* |
| Nollaig 2015 | 2,744 |
| Nollaig 2014 | 2,456 |
| Nollaig 2013 | 2,144 *(Measúnú Reachtúil 2013)* |
| Nollaig 2012 | 3,688 |
| Nollaig 2011 | 3,118 |
| Nollaig 2010 | 2,876 |

**Stoc Tithíochta a Chothabháil**

- 37 dteach curtha in oiriúint ar chostas €312,238
- Críochnaíodh 2 shíneadh ar chostas €97,725
- Eisíodh tairiscintí le haghaidh 16 theach le haghaidh insliú seachtrach faoin gClár Aisfheistithe Fuinnimh, oibreacha atá le déanamh go luath in 2020
- Cuireadh 5,519 nglao ag lorg deisiúcháin tithíochta in 2019

**Deontais Bainistíochta Eastáit**

- Íocadh 50 Deontas dar luach €33,000 le Grúpaí Pobail agus Cumainn Chónaitheoirí
- Foilsíodh eagrán 13,14, 15 agus 16 de r-nuachtlitir Idirghníomhach Pobail na Comhairle
- Comórtas na nEastát Slachtmhar - Bronnadh duaiseanna Eastát Slachtmhar 2019 na Comhairle i mí Lúnasa/tús mhí Mheán Fómhair. Fógraíodh na buaiteoirí i mí Eanáir, 2020

**Iasachtaí Tithíochta & Scéim Ceannaigh Tionóntaí**

- Fuarthas 46 iarratas ar iasacht
- 26 Iasacht ceadaithe - luach €3,458,880
- 24 Iasacht a íocadh amach in 2019 ar luach €3,007,655
- Ba é €141,880 an meán-iasacht bhaile a íocadh amach in 2019.
- Díoladh 6 theach faoin Scéim Ceannaigh Tionóntaí (Incriminteach)

**Iompar Frithshóisialta**

- Fuarthas 438 ngearán
- Ceapadh Oifigeach Idirchaidrimh Tionóntaí breise

**An Clár Athlonnaithe do Dhídeanaithe**

- Chuir an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais Comhairle Contae Chill Chainnigh ar an eolas faoina leithdháileadh chun 140 teifeach a athlonnú go déanach in 2017
- Tháinig an chéad teaghlach i mí Eanáir 2018 agus athlonnaíodh an teaghlach deireanach ar an 21 Samhain, 2019
- Athlonnaíodh 25 theaghlach ón tSiria in ocht (8) mbaile timpeall ar Chill Chainnigh, 141 dhuine san iomlán
- Tacaíonn Oibrí Athlonnaithe agus Oibrí Idirchultúrtha leis na teaghlaigh nua agus iad ag teacht go Cill Chainnigh

**Deontais Phríobháideacha Tithíochta**
Is é seo a leanas líon na nDeontas Príobháideach a íocadh in 2019:

| Scéim | Líon | Méid Formheasta |
|---|---|---|
| Deontais Tithíochta um Míchumas [DTM] | 83 | €902,744 |
| Deontas Áiseanna Soghluaisteachta [DÁS] | 19 | €92,569 |
| Tithíocht do Dhaoine Breacaosta [TDB] | 203 | €1,003,153 |
| **Iomlán** | **305** | **€1,998,466** |

**Straitéis Míchumais**
Tháinig an Grúpa Stiúrtha Tithíochta & Míchumais le chéile 4 huaire le

linn 2019. Ceisteanna a pléadh:

- Dí-chomhthionól Naomh Pádraig
- Tionscadal Aistrithe um Meabhairshláinte
- Scéimeanna Seachadta Tithíochta/Caipitil
- Tacaíocht do Spriocanna Tionóntachta agus Aisghabhála (T.S.T.A.A.)
- Athbhreithniú ar an Straitéis Náisiúnta Míchumais
- Leithdháiltí & Measúnuithe
- Foirm Athbhreithnithe ar Iarratas Leighis
- Maireachtáil Neamhspleách

Tá dí-chomhthionól Naomh Pádraig ag dul ar aghaidh nuair a athlonnaítear cónaitheoirí ar ais isteach i gcóiríocht de chineál cóiríochta pobail. Bhí fiche cliant (21) fós san Ionad faoi dheireadh 2019.

- Tuarascáil bhliantúil curtha ar fáil. Déantar cóipeanna a dháileadh go forleathan agus a chur ar fáil ar líne.
- Chuir an Chomhairle deontais ar fáil do "The Big Hello" a sheol an tAire Ring.
- Lorg an Chomhairle maoiniú do shuíocháin agus trealamh giomnáisiam Aoisbháúil i Sliabh Rua faoin Scéim maidir le hAthnuachan ar Bhailte agus Sráidbhailte 2019
- Cuireadh spás oscailte aclaíochta ar fáil do dhaoine breacaosta i gCallainn.
- Chomhaontaigh Iarnród Éireann bealach isteach a sholáthar ón ionad siopadóireachta chuig an Stáisiún Traenach atá le cur ar fáil ag Ionad Siopadóireachta Acomhal Mhic Dhonnchadha
- Tá CIE ag dul ar aghaidh le Stáisiún Chill Chainnigh a dhéanamh ina stáisiún aoisbháúil.
- Airgead curtha ar fáil chun uasghrádú a dhéanamh ar an tSráid Íseal i mBaile Mhic Andáin faoin gCiste Athnuachana Tuaithe.
- Chuir an Chomhairle maoiniú breise ar fáil do Bhotháin na bhFear/ na mBan.
- Chuir Ciorcal Oscailte Ealaíon cláir ar fáil do dhíograiseoirí Ealaíne d'fhonn a mianta ealaíne a chomhlíonadh.
- Cuireadh tús le seirbhís Bus Chathair Chill Chainnigh ar an 18 Nollaig.
- I measc na n-oibreacha bonneagair leanúnacha a sholáthraíonn an Chomhairle tá stadanna bus, páirceáil aoisbháúil agus trasrianta do choisithe.
- Plean Bhaile Aoisbháúil do Bhaile Mhic Andáin a sheol an tAire Daly i mí Iúil. Bronnadh stádas Baile Aoisbháúil nuair a cuireadh bearta áirithe den phlean chun feidhme.
- Cuireadh tús le hoibreacha ar charrchlós agus leabharlann Bhaile Mhic Andáin.
- Gheall an Chomhairle maoiniú a dhéanamh ar TCI breise i gCathair Chill Chainnigh don chéad 4 bliana eile.
- Leabharlanna Aoisbháúla. Chuaigh Leabharlann Ghráig na Manach chun cinn mar Leabharlann Aoisbháúil. Cuireann gach Leabharlann i gCill Chainnigh seirbhísí aoisbháúla ar fáil.

**Comhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chill Chainnigh**

- Ceachtanna Snámha in Óstán Ormonde.
- Siúlóidí Oíche Luain.
- Réamheolas ar an nGiomnáisiam
- Clár nua "Gníomhach Fad Saoil" i gcomhpháirtíocht le Giomnáisiam TJ Reid
- Rothaíocht Gan Aois
- Gníomhaíochtaí bunaithe ar chathaoireacha sa Halla i mBaile Mhic Andáin.
- Ranganna Aclaíochta do Dhaoine Breacaosta – Callainn, Cill Chainnigh agus Baile Mhic Andáin.
- Cluichí Beir Beo ar an Saol
- Seachtain na Rothar – Clár maidir le gabh ar ais ar do rothar.
- Treoirthionscadal den chlár fir ag aistriú i gCill Chainnigh, Caisleán an Chomair agus Callainn.
- Cláir Siúil do Dhaoine Breacaosta ó Chearnóg na Canálach.
- Ranganna Corpoideachais do Dhaoine Breacaosta – sa Dobhardhroim agus i gCallainn.
- Aclaíocht san uisce in Óstán na Páirce Nua

**An Garda Síochána**

- Faire na coireachta/ Cúnamh pobail ar Raidió Pobail Chill Chainnigh, ½ uair gach seachtain.
- Rannpháirtíocht Póilíneachta Áitiúil ar siúl.
- Seoladh Oibríocht um Fhilleadh Abhaile go Sábháilte.
- Osclaíodh an Oifig um Rannpháirtíocht Íospartach agus Pobail
- Chuir Cúntóirí Baile bileoga um chomhairle slándála i gcoinne na coireachta ar fáil do 1,200 teach a dtugann siad cuairt orthu.
- Comhpháirtíocht leis na Gardaí agus An Post do phobail níos sábháilte.
- Bhí seastán sábháilteachta ag na Gardaí ag Comhdháil Bhliantúil na Sinsearach.
- Comhpháirtíocht le FSS chun liosta de Dhaoine Leochaileacha a thiomsú.

**Fóram Sinsear Chill Chainnigh**

- Ionchur i ndearadh suíochán Scáthláin Bus - suíochána chomhréidhea agus ní cinn uillinneacha.
- Ag an gcruinniú cinn bliana pléadh an Clár Aoisbháúil Aitheantais Gnó, Baile Aoisbháúil Bhaile Mhic Andáin, Ospidéil Aoisbháúla, Grúpa Fócais Míchumais, córas nua iompair phoiblí i gCill Chainnigh (R4) agus i go leor limistéar eile.
- Cainteanna le hIonad Siopadóireachta na Páirce Nua agus leis an gComhlachas Tráchtála maidir le hathdhearadh na nIonad Siopadóireachta agus maidir le haitheantas gnó i leith Aoisbháúlachta a bhaint amach.
- Ceapadh Betty Dewbery ina Cathaoirleach ag CGB an Fhóraim i Halla an Chontae tar éis do John Coonan éirí as an gCathaoirleacht.
- Freastal ar Chomhdháil Náisiúnta na nDaoine Breacaosta i nDún na nGall i mí na Bealtaine.
- Freastal ar Chomhdháil na Seanóirí in Óstán Chill Chainnigh agus ar imeacht oiliúna i dTiobraid Árann maidir le Comhairle do Dhaoine Breacaosta a chur ar bun agus a reáchtáil.
- Grúpa stiúrtha an Ospidéil Aoisbháúil, ag baint amach stádas Ospidéil Aoisbháúil.
- Ag obair i gcomhar le ALONE i dtreo seirbhíse teileafóin Aoisbháúil agus rinneadh plé ar sholáthar aonad tithíochta faoi thacaíocht.
- Oibriú i gcomhar le BOO agus leis an Kilkenny Leader chun na gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a sholáthar i gceantair a shainaithint agus chun na Hallaí Pobail is féidir a úsáid a shainaithint.
- Tionóladh an Chomhdháil Bhliantúil ar an 31 Deireadh Fómhair. Cuireadh go leor faisnéise ar fáil ar sheastáin maidir le saincheisteanna a bhaineann le haois lena n-áirítear cosaintí agus smaoineamh chun tosaigh.
- Fuair an Fóram €6,000 de Mhaoiniú Fondúireachta Pobail chun idirchaidreamh le pobail tuaithe a leathnú. Sainaithníodh Fiodh Dúin, Muileann an Bhata, Port an Chalaidh agus Caisleán an Chomair mar cheantair le díriú orthu.
- D'fhreastail an Fóram ar na Gradaim Náisiúnta um Aoisbháúlacht i mBaile Átha Cliath. Bhí Clár Aitheantais Ghnó Chill Chainnigh ar an ngearrliosta le haghaidh gradaim.
- Thug an Fóram cuairt ar sheirbhís um chairdeas ar theileafóin Dhún Dealgan. Ag obair i gcomhar le Alone chun an tseirbhís a chur i bhfeidhm i gCill Chainnigh.
- D'fhreastail ar Sheimineár um Aosú Dearfach, ag plé Cuimsiú Sóisialta Seirbhísí do Dhaoine Breacaosta, agus ICPOP
  - cúram comhtháite do dhaoine breacaosta. Ionchur sa Straitéis um Aosú Dearfach

**Comhpháirtíocht Leader Chill Chainnigh (CLCC)**

- Tacaíocht tugtha do Bhotháin na bhFear timpeall ar Chill Chainnigh lena n-áirítear Gráig na Manach, Baile Mhic Andáin, Caisleán an Chomair agus Plás an Easpaig Birch.
- Seirbhísí Deonacha – i dTithe Altranais agus in Ospidéal Naomh Lúcáis
- Gairdín Pobail i gCaisleán an Chomair
- Thug CLCC agus *Ring a Link* faoi chomhiarratas ar bhealach nua bus i gCill Chainnigh Theas.
- Tá comhar Iompair Phoiblí ar siúl chun scáthláin bus agus stadanna bus a cheannach.
- Rinne an tSeirbhís Dheonach iarratas chuig an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe le haghaidh Ionad d'Oibrithe Deonacha (IOD) iomlán don Chontae.
- I measc na gclár *Leader* bhí tionscadal leathanbhanda, Energy Town CLCC, siopa Pobail i mBearna na Gaoithe agus tacaíochtaí Halla Pobail d'uasghráduithe i mBaile Phóil, i mBaile Oscail agus i mBearna na Gaoithe.
- Lean Deontais Cúnaimh Tithíochta ag cabhrú le daoine breacaosta chun feabhsúcháin tí a dhéanamh
- Iarratas chun rothaíocht a fhorbairt i gCill Chainnigh chun margaíocht, oiliúint agus brandáil a chur san áireamh chomh maith le staidéar teicniúil.
- I measc na gclár maoinithe de chuid *Leader* bhí Siopa Pobail ag ceannaire bhí Siopa Pobail Mhaigh Coillí, uasghrádú ar ríomhairí in Ionad an Athar Mhic Craith agus uasghrádú TF d'Ionad Acmhainní Teaghlaigh na Páirce Nua, maoiniú d'fhoirgneamh mol san Achadh Úr, i mBaile Phóil, i mBaile Oscail agus i mBearna na Gaoithe.
- Faoi chlár SICAP gheall CLCC tacaíodh le 26 Ghrúpa Pobail. Tacaíocht Meabhairshláinte trí Lifelink, an tIonad Rannpháirtíochta agus Caifé Crises lasmuigh d'uaireanta oibre.

**Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte**

- Seoladh Clár Aoisbháúil in Ospidéil agus sa tSeirbhís Leigheas Éigeandála Seanliachta.
- Bhain Siopa Caife san Ospidéal aitheantas amach mar Ghnó atá Aoisbháúil.
- Áiríodh ar an gclár aoisbháúil san ospidéal suíocháin níos fearr, soilsiú níos fearr agus comharthaí códaithe dathanna ar an talamh.
- Tionscadal *Care Bear* le daltaí na hidirbhliana.
- Plean náisiúnta chur chun feidhme costas do sheirbhísí tacaíochta baile don Chontae ar fad.
- Baile Mhic Andáin, aonad ospidéil 100 leaba formheasta do Bhaile Mhic Andáin.
- Rinne an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (ÚFCS) cigireachtaí ar 4 Aonad Cónaithe i gCeatharlach/Cill Chainnigh agus d'éirigh le gach ceann acu.
- Deacrachtaí airgeadais Scáthchóiríochta i gCill Chainnigh agus i gCeatharlach agus an gá lena chinntiú go gcoinneofar oscailte iad.
- Daoine Fásta a Chosaint - ag tacú le treoracha um phlean cúraim sláinte.
- Vacsaínithe fliú ag díriú ar dhaoine a thugann aire do dhaoine breacaosta nó ar dhaoine a thugann cuairt ar ospidéil.
- Fuair Cúram Comhtháite maoiniú ón Roinn -INPOC - ag obair le Naomh Lúcás chun bheith ina mhol chun daoine os cionn 70 bliain a shruthlíniú/a atreorú go mear chuig ospidéal/cóireáil.

**Comhlachas Tráchtála Chill Chainnigh**

- Tionscnaimh ghnó atá Aoisbháúil
- Tionóladh Cairteacha Gnó i mí an Mhárta 2019.
- Spreagadh cló níos mó, suíocháin do dhaoine breacaosta etc. agus leagadh béim ar an "ngeilleagar liath".
- Ainmníodh an Clár Aitheantais Gnó le haghaidh Gradam um Aoisbháúlacht agus Sármhaitheas sa Rialtas Áitiúil. Bhí 61 ghnó i gCill Chainnigh rannpháirteach sa chlár.

**Bord Oiliúna Oideachais Chill Chainnigh/Cheatharlach**

- Oiliúint mhaoinithe sna Leabharlanna Áitiúla agus sa Phobal Áitiúil freisin.
- Thosaigh 2 ghrúpa nua i mBearna na Gaoithe.
- Grúpaí nua le dul i mbun clár amhail Ealaín, Cniotáil agus Fuáil.

**Ionad d'Oibrithe Deonacha Chill Chainnigh**
Tá soláthar déanta ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail chun Ionad d'Oibrithe Deonacha a bhunú i gCill Chainnigh.

**Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Chill Chainnigh (LRP)**
Leanann an Rannóg Pobail de bheith ag tacú le agus ag soláthar acmhainní do LRP Chill Chainnigh.

**Scéim maidir le hAthnuachan ar Bhailte & Sráidbhailte 2019**
Chuir Comhairle Contae Chill Chainnigh 12 iarratas ar mhaoiniú isteach. Leithdháileadh €391,600 ar 7 dtionscadal athnuachana bailte agus sráidbhailte ag an Robhar, an Sliabh Rua, Muileann an Bhata, an Droichead Nua, Caisleán an Chomair, Baile Mhic Andáin agus Áth na nUrlainn-Baile Sheáin.

**Scéim Chaipitil um Shaoráidí Pobail agus Cultúrtha (SCSPC) 2019**
Leithdháileadh €288,520 faoin scéim seo in 2019 ar 7 dtionscadal ar fud an chontae.

**Coiste Athlonnaithe Idirghníomhaireachta Chill Chainnigh (CAICC)**
Tá an Rannóg Pobail i gcomhpháirtíocht leis an Rannóg Tithíochta tar éis a bheith ag comhordú clár athlonnaithe áitiúil i gcomhar le gníomhaireachtaí reachtúla ó 2017. In 2019 rinne CAICC an teaghlach deireanach Siriach a athlonnú, agus rinneadh 25 theaghlach san iomlán a athlonnú i mbailte agus i sráidbhailte tuaithe ar fud an chontae.

**Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Chill Chainnigh**
Rinne an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail athbhreithniú náisiúnta ar Choistí Forbartha Pobail Áitiúla (CFPÁ) i mí Iúil 2019. Thug CFPÁ Chill Chainnigh athbhreithniú freisin i mí na Nollag agus sainaithníodh roinnt cuspóirí tosaíochta le haghaidh athrú féideartha.

**Sruthanna Maoinithe an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil**
Leanann Comhairle Contae Chill Chainnigh ag tacú leis an CFPÁ maidir le sruthanna maoinithe éagsúla a riaradh agus monatóireacht a dhéanamh orthu do phobail atá thíos leis an eisiamh sóisialta nó do phobail atá faoi mhíbhuntáiste.

**Maoiniú an Chláir um Fheabhsú Pobail:**
Ba é €136,300 leithdháileadh CFPÁ Chill Chainnigh faoin gClár um Fheabhsú Pobail (CFP) do 2019. Rinneadh 30 % den mhaoiniú a imfhálú le haghaidh deontas beag de €3,000 nó níos lú agus rinneadh 70 % a imfhálú le haghaidh deontas meánach go dtí uasmhéid de €10,000.

Leithdháileadh 20 miondeontas thart ar €1,500 ar an meán in aghaidh an deontais agus 20 deontas meánach €5,500 ar an meán ar thionscadail ar fud an chontae dar luach iomlán de €39,700 do miondeontais agus €96,600 do mheándheontais.

**Rinne CFPÁ Chill Chainnigh leithdháileadh ar mhaoiniú do Bhotháin na bhFear**
I mí Iúil 2019, leithdháileadh maoiniú breise de €0.5m go náisiúnta ar an gClár um Fheabhsú Pobail. Rinneadh an maoiniú a imfhálú le haghaidh miondeontas caipitil do Bhotháin na bhFear. Leithdháileadh €11,780 san iomlán ar Chill Chainnigh. Scaipeadh iarratais ar 9 mBothán na bhFear cleamhnaithe i gCill Chainnigh. Fuarthas seacht n-iarratas agus leithdháileadh maoiniú ar gach ceann den 7 n-iarratasóirí.

**Éire Shláintiúil**
Bronnadh €245,548 ar CFPÁ Chill Chainnigh chun trí ghníomh in Éirinn Shláintiúil a mhaoiniú lena n-áirítear: 'Pobail Ionchuimsitheacha Sláintiúla', 'Tacú le For-rochtain agus Rannpháirtíocht le Tuismitheoirí Aonair agus comhoibrithe a thógáil chun freagairt do riachtanais', agus 'Cur chun feidhme réigiúnach na gclár tosaíochta beartais comhaontaithe (5 chontae) agus gníomh amháin de chuid Chiste Sláinte um Meabhairshláinte Phobail (CSMP): 'Forordú Sóisialta , mar aon le gníomh chun Comhordaitheoir Sláintiúil Chill Chainnigh a fhostú, Gníomh um Rannpháirtíocht Pobail agus Scéim Miondeontas de chuid an Chiste Sláinte um Meabhairshláinte Phobail (CSMP).

**Leithdháileadh na nDeontas *Big Hello***
Leithdháileadh 27 ndeontas idir €200 agus €400 ar ghrúpaí pobail éagsúla agus reáchtáladh imeachtaí i rith dheireadh seachtaine Saoire Bainc Lá Bealtaine in 2019.

**An Clár Gníomhachtaithe Pobail um Ionchuimsiú Sóisialta (CGPIS)**
Leanann CFPÁ Chill Chainnigh lena bhainistíocht ar an gconradh don Chlár Gníomhachtaithe Pobail um Ionchuimsiú Sóisialta (CGPIS) ar luach €650,090. Thacaigh Plean 2019 le níos mó ná 30 grúpa pobail i gceantair faoi mhíbhuntáiste sa chontae. Thacaigh an clár CGPIS le 529 nduine aonair san oideachas, san fhostaíocht nó i bhfiontair.

**Seoladh Phlean Feabhsúcháin Bhaile Challainn**
Chuir Foireann Bhaile Challainn Plean Feabhsúcháin Bhaile Challainn le chéile i gcomhar le Comhairle Contae Chill Chainnigh agus seoladh é ar an 11 Iúil 2019.

**Leabhrán Deontas Pobail**
Rinne an Chomhairle an dara leabhrán faisnéise faoi Dheontais Phobail a tháirgeadh agus a sheoladh in 2019. Tá an leabhrán sin ar fáil ar líne.

**Céim 2 d'IONAD ILFHREASTAIL**
Forbraíodh Céim 2 den IONAD ILFHREASTAIL ar líne le haghaidh maoinithe. Tá an tairseach ar líne saincheaptha chun Leabhrán Deontas Chill Chainnigh a dhéanamh níos inrochtana don phobal i gcoitinne.

**Mórtas Cine is Ceantair 2019**
Ba mhór an onóir do Chomhairle Contae Chill Chainnigh an 17ú Searmanas Bliantúil Mórghradaim um Mórtas Cine is Ceantair Uile-Éireann a óstáil in Óstán Lyrtath, Cill Chainnigh Dé Sathairn an 30 Samhain 2019. Ghnóthaigh Grúpa Chill Mhic Bhúith chomh maith le Cumann Forbartha Bhaile Héil Dámhachtainí Náisiúnta um Mórtas Cine is Ceantair. Bhuaigh Cill Mhic Bhúith an Gradam Náisiúnta faoin gCatagóir Folláine Pobail. Bronnadh an dara háit ar Bhaile Héil sa Chatagóir Daonra. Rinne grúpaí pobail Inis Tíog agus Ghráig na Manach ionadaíocht thar ceann Chill Chainnigh ag an searmanas bronnta fleáchais.

**Oíche Dámhachtainí Pobail 2019**
Rinne 13 phobal as gach cearn de Chill Chainnigh ionadaíocht dá gcontae ag roinnt comórtais idirnáisiúnta agus náisiúnta – Entente Florale, Dámhachtainí Náisiúnta Fiontraíochta Náisiúnta Bhanc na hÉireann, Dámhachtainí um Mórtas Cine is Ceantair IPB agus Bailte Slachtmhara SuperValu. Ar an 16 Eanáir 2019 d'óstáil Comhairle Contae Chill Chainnigh & An Cathaoirleach, an Clr Eamon Aylward an chéad oíche de Ghradaim Phobail de chuid Chomhairle Contae Chill Chainnigh ag fáiltiú i dTúr na Paráide chun aitheantas, comhghairdeas agus buíochas a ghabháil leis na grúpaí sin as a dtiomantas agus as a ndíograis ina bpobail faoi seach.

**Scéim Deontas Imeachtaí Pobail**
Bronnadh €19,000 faoi na Deontais Imeachtaí Pobail athbhreithnithe ar 73 ghrúpa i gContae Chill Chainnigh. Chuidigh an scéim deontais d'imeachtaí pobail le heagraithe imeachtaí pobail le himeachtaí pobail ar scála beag a fhorbairt, a chur chun cinn agus a reáchtáil.

**Comhairle na nÓg**
Thug Comhairle na nÓg tús áite d'iompar mar an phríomhcheist a bhí le sárú ag daoine óga i gCill Chainnigh agus ba é sin fócas a gclár oibre in 2019. Mar thoradh ar an obair forbraíodh naisc níos láidre le Nasc Tuaithe do dhaoine óga agus chuir Comhairle na nÓg an tseirbhís bus Nasc Tuaithe chun cinn do dhaoine óga.

D'éirigh go han-mhaith le CGB 2019 a tionóladh in Óstán Spring Hill. D'fhreastail 117 ndalta dara leibhéal ar an lá ó 11 mheánscoil ar fud Chill Chainnigh.

**An Coiste um Sheirbhísí Leanaí agus Daoine Óga (CSLDÓ)**
Lean an coiste idirghníomhaireachta in 2019 le hobair thaighde agus fhorbartha a dhéanamh chun an chéad straitéis a bhunú don tSeirbhís Leanaí agus Daoine Óga i gCill Chainnigh.

Rinneadh oibreacha fairsinge le baill foirne seachadta seirbhíse duine le duine chun gníomhaíochtaí a fhorbairt a mbeidh tionchar acu i réimsí amhail meabhairshláinte, gníomhaíocht choirp, foghlaim agus forbairt, sábháilteacht ó dhochar, nasctha agus faoi mheas agus slándáil agus deiseanna.

**CSLDÓ – Maoiniú i gcomhair Éire Shláintiúil**

D'éirigh coiste CSLDÓ teacht ar mhaoiniú in 2019 faoin gclár Éire Shláintiúil, inar tugadh dhá thionscadal chun críche in 2019, ceann in Óige Osraí agus an dara ceanna 'Sráideanna Sláinte' a cuireadh i bhfeidhm i Lárionad Acmhainní Teaghlaigh na Páirce Nua agus i Lárionad Acmhainní Teaghlaigh an Ath. Mhic Craith, ina ndearnadh seisiúin chócaireachta agus folláine a sholáthar do 20 teaghlach.

Fuair an Coiste maoiniú de bheagnach €96,000 le haghaidh clár 2 bhliain bhreise d'fhonn tacú le tionscadail Sráideanna Sláinte i gCathair Chill Chainnigh, i nGráig na Manach agus i gCaisleán an Chomair.

**CLÁR**

Fuair Cill Chainnigh maoiniú de €114,770 le haghaidh trí thionscadal faoin sruth cistithe náisiúnta sin in 2019.

- Bearna na Gaoithe – Trasrian nua do choisithe ag an halla pobail agus na seomraí tae athchóirithe
- CLG Black & Whites – Chun limistéar cluichí ilúsáidte nua a fhorbairt
- CLG Thulachair-Ros Bearrcon – Dromchla Carrchlóis.

**Ciste Forbartha Athnuachana Tuaithe [CFAT] Bhaile Mhic Andáin**

Bronnadh €2,080,486 ar Chomhairle Contae Chill Chainnigh le haghaidh sraith tionscadal i mBaile Mhic Andáin. Ina measc sin tá oibreacha ar an sean-Teach Cúirte, ar an ionad pobail agus ar an leabharlann, oibreacha ar Shráid Logan/Sráid Lowe, staidéar ar Shráid Mhaidilín agus oibreacha ar charrchlós an Ché.

**Seachtain na Rothar**

Tionóladh seachtain na rothar i mí an Mheithimh. Maoinítear é trí mhaoiniú díreach ón gComhairle agus le deontas de €15,000 ón Roinn Iompair. Tionóladh 19 n-imeacht le níos mó ná 1,200 rannpháirtí ar fad ann.

**Lá Náisiúnta Súgartha & Seachtain Náisiúnta Áineasa**

Tionóladh 12 imeacht le níos mó ná 1,000 rannpháirtí don lá náisiúnta súgartha agus don chlár náisiúnta áineasa in 2019.

**Deontais Súgartha Caipitil & Áineasa**

Cheadaigh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige €22,500 i gcomhair costas caipitil trealaimh do chlós súgartha. Athraíodh píosa trealaimh amháin i ngach ceann de na clóis súgartha i mBaile Mhic Andáin, i nGráig na Manach agus i gCaisleán an Chomair.

**Obair Óige agus Tacaíocht don Aos Óg**

Leanann Comhairle Contae Chill Chainnigh ag tacú le hobair forbartha óige ar fud an chontae tríd an méid seo a leanas -

- Cláir d'Aireagóirí Sóisialta Óga do dhaoine idir 15 agus 18 mbliana d'aois, ag díriú ar nuálaíocht maidir le saincheisteanna sóisialta a théann i bhfeidhm ar dhaoine óga
- Óige Osraí – Tacaíocht do sheachadadh clár
- Caifé Óige DRUM - Comhpháirtí maoinithe le TUSLA don tionscadal caifé óige DRUM atá lonnaithe ag Acomhal Mhic Dhonncha

# SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE

**An tSeirbhís Leabharlainne**

- Méadú 26 % ar líon na ndaoine atá ina mball den leabharlann
- Méadú 36 % ar úsáid ríomhleabhar, ríomh-chlosleabhar agus r-Irisí agus méadú 44 % ar úsáid Wi-Fi
- Mol digiteach forbartha - printéir 3T, Podchraoladh, táibléid oiliúna agus ríomhairí glúine
- Tá Mo Leabharlann Oscailte i bhfeidhm i gCaisleán an Chomair, le 266 bhall
- D'éirigh le 1,988 leanbh Dúshlán Léitheoireachta an tSamhraidh a chur i gcrích – sin méadú 57 %
- D'fhreastail 2,294 leanbh ar Fhéile *Bookville* Chill Chainnigh




**Foghlaim**

Tacaíonn Seirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil agus éascaíonn sí í, ag cabhrú le daoine scileanna a fhorbairtle cur ar a gcumas forbairt a dhéanamh orthu féin.



Bubbly Maths, Science week - Graiguenamanagh Library

- Clár Aoisbháúil um Thréimhsí Gníomhacha Cruthaitheacha Aoisbháúla ina gcuimsítear imeachtaí i rith na bliana, ar aon dul lenár ngealltanais faoi Straitéis Aoisbháúil Chill Chainnigh. D'fhreastail 1,215 dhuine ar 83 imeacht idir ranganna ealaíne, ranganna garraíodóireachta, ranganna ríomhaireachta agus léachtaí staire
- Fuair muid an Chairt Aoisbháúil mar chuid den Chlár Aitheantais do Leabharlanna Náisiúnta Aoisbháúla
- Faoin gCiste Cuntas Díomhaoin, bronnadh €26,250 ar Sheirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Chill Chainnigh chun tacaíochtaí leabharlainne a fhorbairt do phobail imeallaithe, atá eisiata go sóisialta agus atá faoi mhíbhuntáiste. Chuir Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Chill Chainnigh €8,750 ar fáil.
- Soláthraíodh raon ranganna digiteacha chomh maith le tacaíochtaí duine le duine ó dhaltaí idirbhliana scoileanna áitiúla



Art Classes - Urlingford Library




Age Friendly Library Charter Awarded



Magic Table, Yulefest - Loughboy Library

**Eolas**

Leanann Seirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh ag soláthar réimse leathan acmhainní faisnéise i bhformáidí éagsúla agus is mol faisnéise ríthábhachtach í laistigh den phobal áitiúil.

Forbairt leanúnach ar Chartlann Dhigiteach Chill Chainnigh ag http://digital-archive.kilkenny.ie/ agus bailiúcháin nua bhreise.


D'éirigh go hiontach lenár gclár Deich mBliana na gCéadta le 125 dhuine ag freastal ar léachtaí. D'fhreastail 168 ndalta bunscoile agus meánscoile ar cheardlanna praiticiúla



Decade of Centenaries workshop - Castlecomer Library

**Léitheoireacht agus Litearthacht**


Tá Seirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh ar thús cadhnaíochta maidir le tacú le scileanna litearthachta, léitheoireachta, cruthaitheachta, nuálaíochta agus á bhforbairt agus maidir le cabhrú le daoine barr a gcumais a bhaint amach. An Plean Gníomhaíochta Ceart chun Léitheoireachta arna




| | | | |
|---|---|---|---|
| 622 Children at 33 Storytimes | 1,990 Children read over 16,000 books | 78 primary classes with attendance of 2,294 overall | 220 attended our family events |

sheachadadh trí chláir éagsúla lena n-áirítear:

- Deiseanna chun páirt a ghlacadh i gciorcail teanga, clubanna leabhar, grúpaí scríbhneoireachta cruthaithí agus amanna scéalta
- Feidhmiú céimneach na chéad chéime eile d'Éire Shláintiúil ag do Leabharlann le stoc cuimsitheach agus clár dinimiciúil imeachtaí i ngach brainse leabharlainne
- Fuarthas Gradam Curaidh um Cheart chun Léitheoireachta







Right to Read Champion Awarded for Literacy work

**Pobal agus Cultúr**

- Is lárionad gníomhaíochta pobail agus cultúrtha í an leabharlann. Soláthraítear léi spás fáilteach do dhaoine aonair agus do gach pobal, ag tabhairt daoine le chéile, ag ceiliúradh na héagsúlachta agus ag éascú forbairt phearsanta
- Rannpháirteach i gClár Éire Chruthaitheach 2019 lena n-áirítear Cruinniú na nÓg agus Féile *Bookville*

- Leanann an tseirbhís ar aghaidh ag glacadh páirt agus ag plé le féilte agus cláir náisiúnta agus áitiúla lena n-áirítear: Seachtain oidhreachta, seachtain Eolaíochta, Bealtaine, *Savour Kilkenny,* Seachtain na Gaeilge, Féile na Nollag, Oíche Chultúir
- Cuireadh Feisteáin Sábhála Fuinnimh Baile i bhfeidhm in áiteanna tuaithe agus lárnacha i gcomhpháirtíocht le Roinn Comhshaoil Chomhairle Contae Chill Chainnigh, mar aon le raon tionscnamh eile, mar phacáistí glana Earraigh agus imeachtaí uaschúrsála


Teach Rex Dinosaur workshop- Cruinniú na nÓg


Bookville 2019


**Forbairt Seirbhíse agus Bonneagar**
Is áiteanna rannpháirtíochta cathartha saor in aisce agus pointí fócasacha beoga an phobail iad ár leabharlanna poiblí. Déanaimid ár ndícheall i gcónaí ár spásanna a athdhearadh chun riachtanais athraitheacha an phobail agus an duine aonair a léiriú. Ba iad seo a leanas na tionscnaimh:


3D Printer - Loughboy Library

- Mar thoradh ar mhí 'cláraigh' Chill Chainnigh agus tionscnaimh leanúnacha eile tháinig méadú 26 % ar an mballraíocht
- Pleanáil chun cinn ar leabharlann nua in Mayfair, Cathair Chill Chainnigh
- Cruthaíodh spásanna nua-aimseartha, beoga agus inrochtana ag baint úsáid as troscán nua-aimseartha agus seilfeanna daite agus solúbtha
- Rinneadh próisis a chuíchóiriú agus a uathoibriú, úsáid mhéadaithe as TFC agus roghanna digiteacha
- Idirchaidreamh le hAonad Forbartha na Leabharlann agus leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
- Cur chun cinn méadaithe ar sheirbhísí leabharlainne le físeán tiomnaithe agus scannán beoite chun an rannpháirtíocht a mhéadú


Urlingford Library Children's room

**Lucht oibre**
Oibríonn Seirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh chun cur le beogacht agus rath a leabharlann poiblí agus an phobail éagsúil a ndéanaimid freastal orthu trí fhoireann na leabharlainne a shuíomh chun bheith réamhghníomhach, dírithe ar chustaiméirí agus oilte go maith. Freastalaíodh ar raon cúrsaí oiliúna agus forbartha chomh maith le comhdhálacha leabharlainne agus ceardlanna. Aontaíodh plean fórsa saothair agus tá tús curtha le hearcaíocht.



# NA hEALAÍONA

Déanann an Oifig Ealaíon gníomhaíocht ealaíne a fhorbairt, a chomhordú, a spreagadh, a ghríosú agus a chumhachtú ar fud na Cathrach agus an Chontae. Cuirimid na healaíona chun cinn mar ghníomhaíocht fhiúntach do chách agus oibrímid chun seasamh Chill Chainnigh a neartú tuilleadh mar lárionad barr feabhais do na healaíona agus chun timpeallacht ealaíon rathúil agus rachmasach a chinntiú sa réigiún. Tacaíonn an tOifigeach Ealaíon le héascú agus comhordú Chlár Chill Chainnigh um Éire Chruthaitheach.

**ÉACHTAÍ A RINNEADH**

- Ghlac 13,337 duine páirt in imeachtaí a d'eagraigh an Oifig Ealaíon agus d'fhreastail siad orthu
- Tugadh cuireadh do bhaill de *Rhyme Rag Ensemble* Orla Browne agus Aaron O'Dea bheith i láthair ar Chlár Filíochta Nollag RTÉ ar Raidió 1 a craoladh Lá Nollag
- Ghlac baill *Rhyme Rag Ensemble* páirt i gclár #WeAreThePoets de chuid Laureate na nÓg agus sheinn siad mar chuid de chlár oifigiúil Fhéile Ealaíon Chill Chainnigh
- Bronnadh 37 sparánacht agus deiseanna meantóireachta in 2019

**FORBAIRTÍ NUA**

- Bhog an Ciorcal Oscailte Ealaíon go dtí a dteach nua san fhoirgneamh Ealaíon ar champas SOS
- D'éirigh go han-mhaith leis an gClár Coimeádaí Cónaitheach Tionscnaimh Éiritheach 2019
- Cuireadh tús le comhpháirtíocht nua le hAmharc-Ealaíona na hÉireann ag seachadadh ceardlanna agus imeachtaí d'amharc-ealaíontóirí
- Rinneadh Creat-Chomhaontú a fhorbairt agus a shíniú le Comhairle Ealaíon na hÉireann. Is é an aidhm atá leis aird a tharraingt ar ár dtosaíochtaí straitéiseacha comhroinnte d'fhorbairt na n-ealaíon i gCill Chainnigh thar thréimhse an chomhaontaithe seo.

**Litríocht:** Cur chuige cothrom a chinntiú d'fhorbairt leanúnach ár gcláir liteartha.

- Bileog Filíochta Chill Chainnigh 19 curtha in eagar ag Jean O' Brien agus Léirithe ag Ale Mercado
- Iris ar líne Rhyme Rag - d'fhoilsigh sí filíocht scríbhneoirí óga Chill Chainnigh (aois 12 – 21). Foilsíodh 15 dhán ar líne in 2019.
- Ceardlanna Scríbhneoireachta Bliantúla do dhaoine fásta – 4 chlár ag teagasc scríbhneoirí ar fud an Chontae.
- *Rhyme Rag Ensemble* – d'oibrigh siad ar roinnt tionscadal spéisiúil lena n-áirítear tionscadal filíochta ar fud na hEorpa le daoine óga eile, cuairt ar Fhéile Lit i bPort Láirge agus roinnt ceardlann le scríbhneoirí iomráiteacha.

**Pobal, Oideachas agus Ionchuimsiú:** Cláir oideachais agus phobail ar ardchaighdeán a dhearadh agus a sheachadadh.

- Comharghnó Chiorcal Oscailte Ealaíon an Phobail - Rannpháirtíocht ealaíon agus eispéiris chultúrtha chomhchoiteanna a fhorbairt agus a sheachadadh do mhná ar fud chontae Chill Chainnigh
- Rinneadh athbhreithniú ar an gCiorcal Oscailte in 2019.
- Clár Siamsa do Leanaí - bhí páistí rannpháirteach i dtionscadail éagsúla na n-amharc-ealaíon agus scríbhneoireachta. Ceardlanna ar théama Oíche Shamhna, "Moonrise Reasures" le Caroline Busher agus Brickflicks
- Bhronn Amharclann Barnstorm fóirdheontais scoile le haghaidh léiriúchán amharclainne earraigh agus geimhridh
- Oíche Chultúir – Imeacht náisiúnta lena gcuirtear cultúr chun cinn i ngach foirm i 13 ionad le 17 n-imeacht. D'fhreastail 3,152 dhuine fásta agus leanaí ar imeachtaí sa Chathair agus sa Chontae.
- Seoladh Glúin Cheoil Chill Chainnigh Déardaoin an 28 Samhain. Ba thréimhse iontach spreagúil é an seoladh i dtírdhreach ceoil Chontae Chill Chainnigh dár leanaí agus dár muintir óg le léirithe iontacha ó leanaí Scoil Náisiúnta Naomh Breandáin Mhaigh Coillí agus Bunscoil na Toirbhirte i gCaisleán an Chomair
- Féile Bookville 2019 – féile an-rathúil ina gceiliúraítear leabhair agus litríocht trí imeachtaí éagsúla lena n-áirítear scríbhneoireacht, amharclannaíocht, na hamharc-ealaíona, scéalaíocht do theaghlaigh agus leanaí i gcomhpháirtíocht leis an tSeirbhís Leabharlainne

**Tacaíochtaí d'Ealaíontóirí**

- Deontais faoin Acht Ealaíon 2019 – bronnadh 18 nDeontas in 2019 trína éascaíodh roinnt tionscadal éagsúil a bheith ar siúl ar fud an chontae
- Sparánachtaí:
  - (i) Sparánacht Tyrone Guthrie: Bronnadh 4 sparánacht ar chleachtóirí atá ag obair sa Litríocht, san Amharclannaíocht agus sna hAmharc-Ealaíona
  - (ii) An Leamhan: aon sparánacht amháin bronnta ar scríbhneoir chun tacú lena chuid oibre sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach
  - (iii) CCI Paris: Bronnadh Gradam Amharc-Ealaíontóirí CCI Paris ar aon amharc-ealaíontóir amháin
- Stiúideo *Blackstack* – lean sé de bheith ag obair agus ag tacú le stiúideo *Fine Art Print.* Éascaíonn baill an stiúideo ealaíontóirí as Cill Chainnigh, Ceatharlach, Port Láirge agus Loch Garman
- ArtLinks - clár comhpháirtíochta CPD lena n-áirítear Comhairlí Contae Chill Chainnigh, Cheatharlach, Phort Láirge agus Loch Garman. Sparánachtaí: Bronnadh 12 sparánacht a chabhraigh le cleachtóirí a gcleachtas agus a ngairmeacha mar ealaíontóirí a fhorbairt
- Fócasghrúpaí - ar siúl ar fud an réigiúin chun aiseolas cothrom le dáta a bhailiú ó ealaíontóirí réigiúnacha agus chun pleanáil don chlár amach anseo

# OIDHREACHT

- Ba í Comhairle Contae Chill Chainnigh an chéad Údarás Áitiúil a shínigh comhaontú creatlaí leis an bPlean Pailneoirí Uile-Éireann – tiomantas fadtéarmach chun tacú le pailneoirí

- Ghlac 3,948 leanbh ó 44 bhunscoil páirt i gceardlanna Oidhreachta i Scoileanna saor in aisce – arna n-eagrú ag an gComhairle agus ag an gComhairle Oidhreachta, arna gcómhaoiniú ag Éire Chruthaitheach



*Síníonn an Príomhfheidhmeannach Colette Byrne agus an Cathaoirleach, an Clr Eamon Aylward Creat um Pailneoirí*

**Éachtaí**

- Rinne 25 oibrí deonacha 1,889 n-ainm páirce a thaifeadadh ó 85 bhaile fearainn do Thionscadal Taifeadta Ainmneacha Páirceanna Chill Chainnigh

- Thug Comhairle Contae Chill Chainnigh 55 ghníomh um pailneoirí lena n-áirítear suirbhéanna ar thalamh faoi úinéireacht na Comhairle, plandáil a thacaíonn le pailneoirí agus imeachtaí um ardú feasachta

- Tógadh grianghraf de agus rinneadh doiciméadú ar 51 aghaidh shiopaí traidisiúnta i gCathair Chill Chainnigh i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Pleanála

- D'fhreastail 49 múinteoir bunscoile agus cleachtóir luath-óige ar cheardlanna oiliúna do Bleachtaire Fiadhúlra Chill Chainnigh – acmhainn oideachais atá lonnaithe go háitiúil a d'fhorbair an Oifig Oidhreachta i gcomhpháirtíocht le hIonad Oideachais Chill Chainnigh agus Coiste Cúraim Leanaí Chontae Chill Chainnigh

- D'fhreastail 50 duine ar ócáid Lá Domhanda Bogaigh ag Eanach na Páirce Nua, arna eagrú ag *Birdwatch Ireland* agus urraithe ag an gComhairle

- Caomhnaíodh agus deisíodh an balla cathrach meánaoiseach ag Carrchlós na Mainistreach Duibhe le cómhaoiniú ó Líonra Bailte Múrtha na hÉireann

- D'óstáil Comhairle Contae Chill Chainnigh searmanas comórtha chun 100 bliain a cheiliúradh ó chéad chruinniú Dháil Éireann, agus mná ag baint amach vóta in olltoghchán 1918

- Tugadh 6 shuirbhé bithéagsúlachta chun críche *(Baile Mhic Andáin; an Gleann Mór; Scoil Náisiúnta an Mhóinín Rua; Ionad Fóntas Poiblí Dhún Mór; Tailte Halla an Chontae; Villa Maria, Inse an Talbóidigh)*



**Cuimhneachán Céad bliana den 1ú Dáil agus ceart na mban chun vótála, Ean. 2019**

- Reáchtáladh 70 imeacht seachtaine oidhreachta i gContae Chill Chainnigh chun an tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta a cheiliúradh

- Seachadadh Ceardlann Oidhreachta in éineacht le Comhairle na nÓg chun tacú leo aighneacht a dhéanamh chuig an Dréachtphlean Oidhreachta Náisiúnta "Oidhreacht 2030"

- Rinne Coiste Cuimhneacháin Shibhialta agus Bonneagair Ainmnithe measúnú agus thug sé comhairle ar ainmneacha maidir le 5 fhorbairt nua údaráis áitiúil agus maidir le 5 chuimhneachán/plaic pobail

- Seachadadh 2 chur i láthair oidhreachta chuig Fóram Bailte Slachtmhara Chill Chainnigh

**Forbairtí Nua**

- Cruthaíodh lógó na Bumbóige chun siombail a dhéanamh de ghlacadh na Comhair na bumbóige mar fheathal, agus tacaíocht do phailneoirí

- Dearadh dhá chomhartha nua, ag insint scéal Bhallaí Cathrach meánaoiseacha Chill agus rinneadh iad a shuiteáil ag Sráid Shéamais & Lána Tilbury

**Dámhachtainí/Aitheantais**

- 2 bhuaiteoirí sna Duaiseanna réigiúnacha do Phailneoirí i gcomórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara - Coinnigh Cill Chainnigh Álainn & Tulchacht

- D'óstáil an tUachtarán Michael D. Ó hUigínn searmanas d'Oifigigh Oidhreachta Údaráis Áitiúil in Áras an Uachtaráin chun 20 bliain de Chlár na nOifigeach Oidhreachta a cheiliúradh



*Ag seoladh comharthaí Bhallaí na Cathrach, Francis Coady, an Clr Peter Cleere, an Méara, an Clr Tim Butler, an Clr Andrew McGuinness, Leas Cathaoirleach, Dearbhala Ledwidge, Simon Walton, Sean McKeown*



*An tUachtarán Ó hUigínn le hOifigigh Oidhreachta Údaráis Áitiúil, agus le Foireann na Comhairle Oidhreachta, ag Áras an Uachtaráin*

# SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN & MÓRÉIGEANDÁLA

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh:

- Idirchaidreamh leis an bpobal d'fhonn saoránaigh a chur ar an eolas agus oideachas a chur orthu maidir le conas an riosca ó thinte agus ó éigeandálaí eile a laghdú.
- Tionchar a imirt ar an timpeallacht thógtha agus í a rialáil d'fhonn daoine, maoin agus an comhshaol a chosaint ar dhochar.
- Pleanáil agus ullmhúchán a dhéanamh le haghaidh éigeandálaí a d'fhéadfadh tarlú, agus freagairt ardchaighdeáin, éifeachtach agus athléimneach a thabhairt orthu.
- Oibriú le chéile chun na seirbhísí den chaighdeán is airde a sholáthar i dtimpeallacht shábháilte dhearfach do gach duine san eagraíocht.

Tá ár bhfócas ar na pobail a ndéanaimid freastal orthu a chosaint. Tá diongbháilteacht agus tiomantas ár bhfoirne chun beatha agus maoin a chosaint fíorthábhachtach. Soláthraíonn Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh freagairt ardoilte ar raon éigeandálaí agus tá tionscnaimh tharrthála curtha chun feidhme acu. Tá an comhrac dóiteáin contúirteach, ach leanaimid le feabhas a chur ar ár gcleachtais oibre chun freagairt d'imeachtaí a dhéanamh chomh sábháilte agus is féidir.

**Príomhstaidrimh do 2019**

- ✓ Thug Pearsanra Dóiteáin freagra ar 815 eachtra
- ✓ Fuarthas 105 iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta ó dhóiteán
- ✓ Seirbheáladh 1 Fhógra Sábháilteachta ó Dhóiteán faoi na hAchtanna um Sheirbhísí Dóiteáin 1981 agus 2003
- ✓ Rinneadh 53 Chigireacht Sábháilteachta ó Dhóiteán
- ✓ Ordaíodh 1 Mheasúnú Sábháilteachta ó Dhóiteáin faoi na hAchtanna um Sheirbhísí Dóiteáin 1981 agus 2003
- ✓ Fuair 2,079 leanbh i 65 scoil an clár bunscoile sábháilteachta ó dhóiteán

**Tionscadail Chaipitil**

D'éirigh le Seirbhís Dóiteáin Chill Chainnigh aistriú go teicneolaíocht raidió digiteach TETRA ar chóras raidió digiteach na Seirbhísí Éigeandála Náisiúnta. Tá teirminéil feistithe ar gach feithicil seirbhíse dóiteáin agus tá oiliúint curtha i bhfeidhm do phearsanra uile na seirbhíse dóiteáin. Feabhsaíonn raidiónna TETRA go mór cumarsáid Sheirbhísí Dóiteáin Chill Chainnigh ar fud an chontae agus soláthraíonn siad cumarsáid dhíreach leis na príomhsheirbhísí éigeandála eile.

**Sábháilteacht Dóiteáin Pobail**

- Pearsanra a raibh baint acu le 51 imeacht pobail le linn 2019 – sár-obair, rannpháirtíocht mhór agus aiseolas an-dearfach ón lucht eagraithe.
- Fuair 35 dár 68 gcomhraiceoir dóiteáin oiliúint in óráidíocht phoiblí agus i gcur i láthair poiblí chun an teachtaireacht sábháilteachta dóiteáin a sheachadadh inár bpobail
- Coinníodh feachtais leanúnacha teachtaireachtaí poiblí chun baill an phobail a spreagadh chun aláraim dheataigh a shuiteáil agus chun a gcuid aláram deataigh a thástáil uair sa tseachtain lena chinntiú go bhfuil siad ag obair
- Tionóladh feachtas feasachta le linn na Seachtaine Náisiúnta um Shábháilteacht ó Dhóiteán i mí Dheireadh Fómhair chun aird a tharraingt ar thábhacht na sábháilteachta ó dhóiteán sa bhaile



*Taispeántas de phanna sceallóg le Grúpa Scoil Náisiúnta Bhaile Mhic Andáin*



*Tugadh cainteanna agus faisnéis do phobail éagsúla amhail Grúpa Gníomhaíochta Lucht Scoir Chill Mhic Bhúith Botháin na bhFear do Bhaile Mhic Andáin, etc.*



*Thug Oifigigh Dóiteáin ó chriú Ghráig na Manach cuairt ar theach scoir áitiúil Theach Gahan chun sábháilteacht ó dhóiteán agus cosc dóiteáin a phlé leis na cónaitheoirí agus leis an bhfoireann.*

Leanann Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh ag seachadadh Clár Bunscoileanna (CB) NDFEM ar fud Chathair agus Chontae Chill Chainnigh. Tá an clár seo ar siúl ó 2006 agus rinn os cionn 19,112 dhalta sa 3ú rang clár sábháilteachta ó dhóiteán go dtí seo.



*D'fhreastail Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh ar Lá Spraoi Teaghlaigh SOS*



*Éascaíodh cuairteanna ó ghrúpaí éagsúla ar na Stáisiúin Dhóiteáin ionas go bhfeicfidh an pobal cuid den saintrealamh agus go bhfoghlaimeoidh siad níos mó faoi shábháilteacht ó dhóiteán sa bhaile.*

**Oiliúint**

Chuir Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh an oiliúint seo a leanas ar fáil in 2019:

- Cúrsa athnuachana maidir le Gaireas Análaithe
- Imbhualadh Tráchta Bóthair
- An Chéad Fhreagróir
- Caighdeán Tiomána Seirbhísí Éigeandála
- An Chéad Fhreagróir Éigeandála
- CAFS
- Oibreoirí Caidéil.


Cuireadh oiliúint ar phearsanra uile na seirbhíse dóiteáin go hardleibhéal Céadfhreagra Cairdiach mar chuid den *(Éigeandáil na Comhairle Cúraim Éigeandála Réamh-Ospidéil)* chlár Céad Fhreagróra arna sheachadadh ag baill de Sheirbhís Dóiteáin Chill Chainnigh agus déantar é a athnuachan gach 3 bliana.




*D'fhreastail pearsanra dóiteáin ó gach cearn den chontae ar chúrsa inmheánach 3 lá d'Oibreoirí Caidéal ag an Stáisiún Dóiteáin nua i nGráig na Manach*



*Oiliúint athnuachana maidir le Gaireas Análaithe in ionad oiliúna um Ghaireas Análaithe Bhaile an Aicéadaigh.*
*Déanann an fhoireann uile oiliúint athnuachana 2 lá gach dhá bhliain.*



*Rinne Briogáid Dóiteáin Chathair Chill Chainnigh agus an Achaidh Úir cleachtadh ar ábhair ghuaiseacha ag Ionad Cóireála Uisce Choill an Treoigh. Taispeántar sa Phictiúr ár saoráid nua dí-éillithe freisin.*




*Briogáid Dóiteáin an Achaidh Úir*

Tionóladh oíche aitheantais sna stáisiúin dóiteáin go léir. Bhronn an Cathaoirleach Peter Chap Cleere boinn chuimhneacháin 1916-2016 ar phearsanra a bhí sa tseirbhís dóiteáin in 2016.

**Oibríochtaí**

Is acmhainn a bhfuil an-teacht aniar inti agus is acmhainn an-úsáideach í an tSeirbhís Dóiteáin don Údarás Áitiúil. Is féidir briogáidí (daonchumhacht oilte agus feistithe) a shlógadh laistigh de nóiméad tar éis éigeandála ina gceantar féin etc.

Chuir suiteáil táibléad ar gach fearas líne tosaigh, le feidhmchlár bogearraí bainistíochta teagmhas nua ar chumas Sheirbhís Dóiteáin Chill Chainnigh eachtraí a chur in iúl, a bhainistiú agus a thaifeadadh ar bhealach níos fearr. Tá rochtain anois ag Ceannasaithe Teagmhas ar fhaisnéis fíor-ama ar líne agus as líne chun bainistíocht níos sábháilte a dhéanamh ar eachtraí le measúnuithe riosca agus stampa ama ag dul leo agus faisnéis a thaifeadadh le haghaidh faisnéisiú iartheagmhais.



*Timpiste tráchta bóthair ar an mótarbhealach*

**Bainistíocht Móréigeandálaí**

Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar na doiciméid seo a leanas in 2019:

- ✓ Mórphlean Bainistíochta Éigeandála agus Aguisín
- ✓ Plean Éigeandála Seachtrach do Transtock faoi Threoir Seveso III in 2019 (*rinneadh tástáil air freisin*)
- ✓ Plean Freagartha Éigeandála i gcás Tuilte agus an Plean i gcás Adhaimsire *(gan Tuilte a áireamh)*

Is eagraíocht dheonach-bhunaithe í **Cosaint Shibhialta Chill Chainnigh** a thacaíonn leis na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha (an Chomhairle Contae, na Gardaí agus FSS) chun déileáil le hadhaimsir, tuilte, teagmhais mhóra agus daoine atá ar iarraidh a chuardach. Cabhraíonn sé freisin lenár bpobail áitiúla ag imeachtaí móra agus beaga lena n-áirítear ceolchoirmeacha agus féilte, laethanta spraoi agus imeachtaí spóirt.
Faoi láthair tá 29 n-oibrí dheonacha ghníomhacha i gCill Chainnigh.

**Glaonna Amach in 2019**
Is féidir leis na Gardaí agus an tSeirbhís Dóiteáin an Chosaint Shibhialta a ghníomhachtú chun cabhrú i gcás daoine atá ar iarraidh ar talamh nó sna haibhneacha. Is féidir iad a iarraidh freisin chun cúnamh a thabhairt do chontae in aice láimhe le linn cuardach leanúnach.

| Glaonna Amach Cuardaigh Abhann | Cuardach Talún Oscailte |
|---|---|
| 5 | 1 |

**Imeachtaí Pobail**
In 2019 chuir Cosaint Shibhialta Chill Chainnigh garchabhair agus clúdach báid sábháilteachta ar fáil do 34 imeacht pobail lena n-áirítear rás eachtraíochta na Seamróg, Rothaíocht i gcoinne Féinmharaithe, lá páirce Chaisleán an Bhairínigh, Féile na Sióg agus Trí-atlan na Feoire. Murach an clúdach sláinte agus sábháilteachta a cuireadh ar fáil ní bheadh a lán de na himeachtaí sin tar éis tarlú. Chlúdaigh na hoibrithe deonacha breis agus 1,000 daonuair an chloig de dhualgais.

| Garchabhair/Taismí | Bád Sábháilteachta | Eile |
|---|---|---|
| 18 | 7 | 7 |


*Rás Mhíle na Meánaoise*


*Ceolchoirm na Coronas, An Mol [Samhain 2019]*

**Oiliúint**
Cuirtear oiliúint do theagascóirí ar fáil d'oibrithe deonacha tríd an gColáiste Náisiúnta Oiliúna um Chosaint Shibhialta i Ros Cré. Soláthraíonn teagascóirí deonacha áitiúla oiliúint ilscileanna ónár n-ionad oiliúna i gCathair Chill Chainnigh dóibh seo a leanas:

- Tarrtháil – Cuardach Tíre Oscailte - scileanna cuardaigh le haghaidh daoine atá ar iarraidh
- Timpistí/Garchabhair
- Cuardach & Athshlánú Abhainn-bhunaithe - cúrsaí sábháilteachta uisce agus oibreoirí báid
- Tuilte- Cúrsa um oibreoirí tarrthála in uisce gasta/um uisce tuile a phumpáil
- Cumarsáid um Chosaint Shibhialta
- Scileanna tiomána le linn adhaimsire




*Oiliúint ó Sheirbhís Dóiteáin Chill Chainnigh/ um Chosaint Shibhialta, Meitheamh 2019*



*Oiliúint ar Dhróin, Lúnasa 2019*

**Trealamh**




Fuair Cosaint Shibhialta Chill Chainnigh Ford Ranger nua in 2019 ón Roinn Cosanta, arna mhaoiniú trí Chuntais Dhíomhaoine. Méadaíonn sé sin cumas tiomána 4 roth an aonaid go 4 fheithicil.

**Earcaíocht**

Earcaíodh oibrithe deonacha go gníomhach i rith 2019 agus tá earcaíocht fós ar siúl agus é mar aidhm líon na n-oibrithe deonacha a mhéadú faoi 25 % in 2020.

**Searmanas Gradam – Nollaig, 2019**



Traenálann oibrithe deonacha oíche amháin sa tseachtain ar a laghad agus ag an deireadh seachtaine corruair. Reáchtáladh oiliúint ilghníomhaireachta agus idir contaetha i rith na bliana lena n-áirítear oiliúint i gcás taismí le Seirbhís Dóiteáin Chill Chainnigh agus Oiliúint ar Dhróin i nGleann Nore le Cosaint Shibhialta Phort Láirge.


In 2019, thug na hoibrithe deonacha faoi níos mó ná 361 uair an chloig oiliúna, fuarthas 100 deimhniú creidiúnaithe gnóthachtála i 12 dhisciplín éagsúla. Bronnadh dhá bhonn fadseirbhíse 10 mbliana freisin.

# STIÚRTHÓIREACHT AR SHEIRBHÍSÍ PLEANÁLA, EACNAMAÍOCHA & COMHSHAOIL


**Stiúrthóir Seirbhísí: An tUas. Sean McKeown**

- 976 iarratas pleanála a fuarthas le linn 2019 agus méadú 12 % ar an mbliain roimhe sin.
- Bailíodh €2.29m i dtobhaigh forbartha.

**Pleananna Ceantair Áitiúil**




*Arna nglacadh i mí an Mhárta 2019*




*Arna nglacadh i mí Aibreáin 2019*

**Plean Ceantair Áitiúil Ghráig na Manach/Thigh na hInse**
Cuireadh tús le hobair ar ullmhú Chomhphlean Ceantair Áitiúil do Ghráig na Manach agus Tigh na hInse i gcomhar le Comhairle Contae Cheatharlach.

D'óstáil Comhairle Contae Cheatharlach agus Chill Chainnigh ócáid chomhairliúcháin phoiblí ar a raibh freastal maith i mí Dheireadh Fómhair 2019.




**Plean Forbartha Cathrach & Contae**
I mí na Samhna 2018 cuireadh ar sos Plean Forbartha Cathrach & Contae nua a dhéanamh agus an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch do Réigiún an Deiscirt á hullmhú agus á tabhairt chun críche.

- Cuireadh tús leis na tionscadail seo a leanas in 2019 mar ullmhúchán don Phlean Cathrach & Contae.
- Measúnú Straitéiseach Comhshaoil
- Fuinneamh Gaoithe/Straitéis Fuinnimh In-athnuaite
- Straitéis Miondíola Cathrach & Contae
- Máistirphlean Loch Mocháisc
- Máistirphlean Fhaiche an Aonaigh
- Máistirphlean Thoghroinn Chainnigh

**Láithreáin Fholmha**
Rinneadh suíomhanna a mheas lena gcur ar an gClár ag deireadh 2019. Cuireadh 17 láithreán leis an gClár do 2020.
Bhí 44 láithreán ar Chlár na Láithreán Folamh ar an 31 Nollaig 2019. Tá 27 díobh sin faoi dhliteanas anois don tobhach 7 %.

**Caomhnú**
Bhronn Comhairle Contae Chill Chainnigh €263,000 i maoiniú deontais caomhnaithe in 2019, tríd an Scéim um Oidhreacha Thógtha agus Infheistíocht agus an Ciste um Struchtúir Stairiúla. Thug an earnáil phríobháideach tús áite do €196,159 eile, rud a thug an caiteachas iomlán ar thionscadail chaomhnaithe arna maoiniú go €459,159, agus 1,181 lá oibre san iomlán á soláthar do na daoine gairmiúla áitiúla. Is ionann sin agus méadú 25 % ar mhaoiniú agus méadú 48 % ar laethanta oibre.

| Roimh | Tar éis |
| --- | --- |
|  |  |

Is sampla é Muileann Plúir an Bhaile Dhuibh, a tógadh san 18ú haois, a léiríonn tábhacht na ndeontas caomhnaithe chun ár n-oidhreacht ailtireachta a choinneáil.

**Tionscadal Aghaidheanna Shiopaí**
***"Aghaidheanna Shiopaí Chill Chainnigh Síos Trí na Glúnta"***
Sheol Comhairle Contae Chill Chainnigh acmhainn nua ar líne, dar teideal "*Aghaidheanna Shiopaí Chill Chainnigh Síos Trí na Glúnta*", atá ar fáil i gCartlann Dhigiteach Chill Chainnigh na Leabharlainne https://digital-archive.kilkenny.ie/. Bhí an tionscnamh seo mar thoradh ar chomhoibriú idir Rannóg Pleanála na Comhairle, an tSeirbhís Leabharlainne, Córais Faisnéise agus Oidhreacht.







Is cuid de straitéis na Comhairle le haghaidh Aghaidheanna Shiopaí é "*Aghaidheanna Shiopaí Chill Chainnigh Síos Trí na Glúnta*" agus
Comharthaíocht, lena n-áirítear ardú feasachta agus cur chun cinn, beartas agus treoir, agus forfheidhmiú.

**Ag Tógáil i gCúram**
Cuireadh an próiseas reachtúil Tóg i gCúram i gcrích le haghaidh 5 eastát in 2019 mar a leanas:


- Cúirt Chill Fíora, Droichead Binéid
- Inis Álainn Fhiodh Dúin
- Radharc an tSéipéil, Áth Stúin
- Hunters Wood, Baile Roibín
- Gort an Áirséaraigh, Cill Mogeanna

Cuireadh ceithre eastát ar aghaidh chuig céim thionscnaimh an phróisis Tógáil i gCúram in 2019 agus cuirfear iad sin i gcrích i R1 2020:

- An Gleann, Béal Átha Ragad
- Ard Glas, Bán Ard, Tuar Na mBláth, An Grianán, An Cuainín ag Fearann na Mainistreach, Port an Chalaidh
- Dún an Rí, Callainn; agus
- Na Glasaigh, Seireapún an Fhásaigh Thiar, Baile Mhic Andáin (*An Chuid Athailínithe de Bhóthar L8203 amháin*)

Cuireadh tairiscintí maidir le hoibreacha Tógáil i gCúram i gcrích le haghaidh 2 eastát i Ráithe 4 de 2019 agus táthar ag súil go dtosóidh céim thionscnaimh an phróisis Tógáil i gCúram orthu sin i R1 2020 ar chríochnú na n-oibreacha ag Cúirt Bheannchair Bhaile an Phoill & An Fhaiche, Baile an Phoill. Fuarthas 4 iarratas nua Tógáil i gCúram in 2019.

- Bhronn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), tar éis gach Plean CCÍCM (Cigireacht Comhshaoil Íoschritéar Molta) de chuid an údaráis áitiúil, grád foriomlán 'Sármhaith' ar Chomhairle Contae Chill Chainnigh as gné na dTuairisceán 2018 den Phlean, a bhí chun tosaigh ar an toradh meánach náisiúnta, 'Os cionn na Sprice'. Mar an gcéanna faoi ghné Forfheidhmithe CCÍCM 2019 den Phlean, bronnadh an rátáil fhoriomlán de scór 'Ard' as raon scór Ard, Meánach nó Íseal ar Phlean ar Chill Chainnigh.



This report contains the overall environmental enforcement assessment for your local authority (along with a more detailed breakdown of constituent assessments). It also includes the contextual and source data upon which this assessment was based.

2018 Overall Grade for Kilkenny County Council:

'Excellent'

Trend: No change

This indicates very good performance, with a number of areas of strength. This is also above the national average assessment of 'Above Target'.

Enforcement Area Summary Assessments:

| | Enforcement systems | Waste | Water | PRI & Food Waste | Air |
|---|---|---|---|---|---|
| 2018 | Excellent | Excellent | Above Target | Below Target | Exceptional |
| Highest Achievable Grade[1] | Outstanding | Outstanding | Outstanding | Above Target | Exceptional |

*The National Average Grade achieved in 2018 is 'Above Target'*



*2017 National Average Grade: 'Above Target'*

*2016 National Average Grade: 'Above Target'*

*2015 National Average Grade: 'Target'*

***Measúnú CCÍCM***

- Choinnigh Cathair Chill Chainnigh an bonn óir sa chomórtas Bailte Slachtmhara Náisiúnta. Choinnigh Inis Tíog & Tulchacht a mbonn airgid freisin. Bhain Béal Átha Ragad an duais *Endeavour*. Bhain Cathair Chill Chainnigh agus Tulchacht duaiseanna faoin gcatagóir Duais Phailneora an Údaráis Áitiúil.

- Rinne 19 scoil gradam an bhrait ghlais a athnuachan i mí an Mhárta agus tionóladh seisiún faisnéise rathúil do chomhordaitheoirí scoileanna glasa san fhómhar.

- Ceadaíodh 12 dheontas pobail um Fhrithbhruscair agus Graifítí.

- Bronnadh 19 dtionscadal ar théamaí comhshaoil a bhí dírithe ar an athrú aeráide agus ar an mbithéagsúlacht faoin gCiste Gníomhaíochta Comhshaoil Pobail.

- Bronnadh 11 Dheontas um Chosc ar Dhramhaíl.

- Ceadaíodh 41 dheontas faoin Scéim Deontais i ndáil le Reiligí.

- Tacaíodh le leanúint den tionscnamh "an treo glas" de chuid fhéile Savor Chill Chainnigh.

- Measadh go raibh Cathair Chill Chainnigh níos glaine ná noirm na hEorpa agus bhain sí barr an tábla sraithe amach sa chéad mheasúnú in 2019. Choinnigh sí an seasamh sin ar an dara measúnú agus fógraíodh gurb é an buaiteoir is fearr ar an iomlán i dtús 2020.


- Ghlac níos mó ná 150 grúpa Pobail páirt ghníomhach sa Ghlantachán Earraigh Náisiúnta.



- Bailíodh níos mó ná 1,400 tona d'ábhar inathchúrsáilte agus os cionn 3,000 tona de dhramhaíl iarmharach ag Ionad Athchúrsála agus Diúscartha Dramhaíola Dhún Mór agus 60,000 custaiméir ag baint úsáid as an tsaoráid.

- Soláthraíodh 3 Ionad *Fág Anseo* agus bailíodh 1,775 thona gloine agus 106 tona alúmanaim agus cruach ar fud na 46 Ionad *Fág Anseo* i gCathair agus i gContae Chill Chainnigh.

- Fuarthas 1,066 ghearán comhshaoil, rinneadh iniúchadh ar gach ceann acu agus rinneadh na bearta iomchuí chun iad sin a réiteach.




| | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| FPN | 0 | 1 | 0 | 29 |
| Section 55 | 3 | 11 | 0 | 6 |
| Section 14 | 1 | 3 | 7 | 24 |
| Total | 4 | 15 | 7 | 59 |

- D'éirigh go hiontach le hImeacht Diúscartha Earraí Bulcacha Teaghlaigh ag Ionad Fóntas Poiblí an Dúin Mhóir agus ag Ionad Fóntas Poiblí an Ghreanaigh i mí Iúil.

- Tugadh tacaíocht don tionscnamh 'Rothair don Afraic' de chuig Chumann *Rotary* Chill Chainnigh, fágadh thart ar 400 rothar ag Dún Mór in 2019.

- Óstáladh puball ag Taispeántas Uíbh Eirc. Bhí an-tóir ag na cuairteoirí ar na haoichainteoirí, ar thaispeántais leanúnacha agus ar sheastáin faisnéise.

- Chomhoibrigh sé leis an tionscnamh #MaolúaranAthrúAeráide chun Féile na Sióg de chuid Beat FM a fheabhsú trí thabhairt faoi thionscnaimh laghdaithe dramhaíola lena n-áirítear laghdú ar phlaistigh aonúsáide ar an láithreán agus boscaí bruscair deighilte a sholáthar ag an ócáid rathúil 2019 a tionóladh i nGairdíní Choill an Chip.



- Eisíodh 120 Fógra um Pionós Socraithe i leith cionta éagsúla faoin Acht um Thruailliú ó Bhruscar.
- Cuireadh tús le cigireachtaí ó dhoras go doras faoi Fhodhlíthe Bainistíochta Dramhaíola Chontae Chill Chainnigh chun a sheiceáil conas atá teaghlaigh ag fáil réidh lena gcuid dramhaíola.
- Thug An Garda Síochána cuireadh don Rannóg Comhshaoil páirt a ghlacadh i roinnt Oibríochtaí móra chun gluaiseacht neamhdhleathach dramhaíola a shainaithint.

- Plean Gníomhaíochta Torainn Ullmhaithe 2019-2023.

- Ba bhliain an-rathúil í 2019 maidir le dídean a aimsiú do mhadraí/an dara dídean a aimsiú do Thearmann do Mhadraí Cheatharlach Chill Chainnigh, agus aimsíodh dídean oiriúnach nó an dara dídean oiriúnach do níos mó ná 99 % de na madraí

- Méadú ar cheadúnais do mhadraí – ó 4,630 in 2018 go 5,472 in 2019.

- Cuireadh seirbhís garda tarrthála ar fáil chun maoirseacht a dhéanamh ar na limistéir shnámha phoiblí sa Chontae do mhí an Mheithimh, Iúil agus Lúnasa.

- Faoin Tionscadal Feabhsúcháin um Líonadh Talún Stairiúil 2019 rinneadh an láithreán i nGabhrán a leigheas agus bhí láithreán Bhéal Átha Ragad ag 85 % agus dáta críochnaithe ann do Ráithe 1 2020. I mí na Nollag 2019 tharraing an Chomhairle anuas thart ar €1.55 milliún ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil chun na tionscadail seo a mhaoiniú.



***Béal Átha Ragad - Nollaig 2019***

- Lean Comhairlí Contae Chill Chainnigh agus Thiobraid Árann de bheith i gceannas ar Chlár Uiscí Údarás Áitiúil na seirbhíse comhroinnte náisiúnta (CUÚÁ) a thacaíonn le, agus a chomhordaíonn cur chun feidhme an Phlean Bainistíochta Abhantrach d'Éirinn 2018 - 2021(PBA). Go náisiúnta, éilíonn PBA ar fhoireann CUÚÁ díriú ar 189 réimse tosaíochta le haghaidh gníomhaíochta agus tá siad ag súil le feabhsuithe ar cháilíocht an uisce i ngach ceann acu faoi Nollaig 2021.

- Faoin gClár Uiscí Údaráis Áitiúil (CUÚÁ), rinne an Fhoireann Measúnaithe Dobharcheantair a bunaíodh in 2018 thart ar 60 staidéar deisce. Thionóil an tOifigeach Uisce Pobail cruinnithe faisnéise pobail i 92 de na Réimsí Tosaíochta le haghaidh Gníomhaíochta agus rinne sé measúnuithe ar obair allamuigh i 82 de na Réimsí Tosaíochta le haghaidh Gníomhaíochta.

- Comhlíonann an tSeirbhís Tréidliachta conradh na seirbhíse sábháilteachta bia idir Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus Comhairle Contae Chill Chainnigh a chuimsíonn freagracht as Seirbhís Tréidliachta an Údaráis Áitiúil i gceantar Cheatharlach. Áirítear leis na feidhmeanna sláinte poiblí agus leasa ainmhithe Tréidliachta rialuithe / rialála oifigiúla a sholáthar i seamlais tríchur meánmhéide go beag agus i monarchana beaga próiseála feola, agus rialáil gléasraí maraithe éanlaithe clóis (lena n-áirítear marú éanlaithe clóis i.e. marú séasúrach etc.).

- Ba chóir a thabhairt faoi deara go ndéantar comhairliúcháin leanúnacha le gnólachtaí nuathionscanta nua bia, agus uaireanta le gnólachtaí bia faoi mhaoirsiú faoi láthair ar phleananna leathnaithe. Sna cásanna seo, pléitear na ceanglais rialála faoin reachtaíocht bia le gnólachtaí agus is minic a atreoraítear iad chuig gníomhaireachtaí stáit ábhartha eile má theastaíonn tacaíochtaí eile uathu e.g. meantóireacht ghnó ón Oifig Fiontar Áitiúil etc. In 2019 bhí comhairliúcháin ag an tSeirbhís Tréidliachta le 2 ghnóthas bia bheaga arbh mhian leo gnóthaí nua a oscailt agus bhí 20 Gnóthas Bia faoi mhaoirseacht na seirbhíse.

- Caithfidh gach ainmhí a mharaítear mar bhia don duine, in áitribh a cheadaítear faoin reachtaíocht bia dul faoi scrúdú roimh bhás agus iarbhás.

- Caithfidh Córas Bainistíochta Sábháilteachta Bia a bheith ag gach áitreabh a ndéantar maoirseacht air faoin reachtaíocht bia
  i.e. bunaithe go ginearálta ar phrionsabail AGPRC

- Seamlais Cheadaithe faoi mhaoirseacht na seirbhíse in 2019, maraíodh
  4,586 Eallach, 20,132 Chaora, agus 144,540 Éanlaith Chlóis.

- Rinneadh 177 gCigireacht Sláinteachais (seachas Cigireachtaí roimh bháis/iarbháis) in áitribh bhia faoi mhaoirseacht na seirbhísí.

**Madraí agus Capaill**

- In éineacht leis an tSeirbhís Maorachta Madraí, tá baint ag an tSeirbhís Tréidliachta le cur chun feidhme na nAchtanna um Rialú Madraí agus Bunaíochtaí Pórúcháin Madraí. Cláraíodh 21 Bhunaíocht Pórúcháin Madraí (BPManna) ag deireadh 2019 agus críochnaíodh 62 iniúchadh BPM i rith na bliana.

- Le cur i bhfeidhm an Aonaid Iniúchta um Cheadúnais do Mhadraí in 2019 tháinig méadú suntasach ar líon na gceadúnas madraí a ceannaíodh, ag méadú ó 4,630 in 2018 go 5,472 in 2019.

- Tugadh 517 madra isteach chuig Tearmann Madraí Cheatharlach Chill Chainnigh in 2019 nó bhailigh na Maoir Madraí iad mar mhadraí seachráin. Astu sin - fuarthas teaghlach do 322 mhadra agus éilíodh 192 ar ais. Ar an drochuair b'éigean 3 mhadra a chur síos i rith na bliana mar gheall ar shaincheisteanna sláinte nó nádúr ionsaitheach.

- Gabhadh 19 gcapall faoin Acht um Rialú Capall in 2019.

- Glacadh leis an Straitéis um Oiriúniú don Athrú Aeráide 5 bliana.




- Ainmnithe mar údarás comhpháirtíochta chun tacú le Comhairle Contae Chill Dara i gcur chun feidhme Oifig Réigiúnach um Ghníomhaíocht ar son na hAeráide an Oirthir agus Lár Tíre (OFGA).

- Tá sé de chúram ar an Earnáil Phoiblí in Éirinn a n-ídiú fuinnimh a laghdú 33 % faoi 2020. In 2019 bhain Comhairle Contae Chill Chainnigh 33.2 % amach agus tá spriocanna 2020 bainte amach aici. Tá foireann fuinnimh na Comhairle ag leagan amach plean gníomhaíochta faoi láthair chun sprioc 2030 de laghdú 50 % ar ídiú fuinnimh a sheachadadh.

- Chuir muid tús leis an bpróiseas chun deimhniú a bhaint amach do ISO 50001 maidir le Bainistíocht Fuinnimh. Leanfaidh Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh agus Oifigeach Fuinnimh na Comhairle ar aghaidh agus cuirfidh siad oiliúint ISO 50001 i gcrích in 2020 agus féachfaidh sé le deimhniú ISO 50001 a bhaint amach faoi Ráithe 4 2020.

- Seoladh Trealaimh Sábhála Fuinnimh Baile le haghaidh iasachtaí trí Líonra Seirbhíse Leabharlainne Chill Chainnigh. Tá uirlisí praiticiúla sa trealamh chun cabhrú le teaghlaigh a gcuid billí fuinnimh a shábháil.

- 2 iarratas rathúla chuig Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (ÚFIÉ) ar mhaoiniú deontais tríd an gclár Pobail Fuinnimh Níos Fearr.

- Suiteáladh soilse sráide LED atá tíosach ar fhuinneamh ar fud an chontae le tacaíocht ó ÚFIÉ agus TII. Tiontaítear beagnach 60 % de stoc soilsithe shráideanna na comhairle go LED anois.

- D’óstáil Comhairle Contae Chill Chainnigh agus 3cea toscaireachtaí ón bPolainn, ón mBeilg, ó Ollscoil Eindhoven chun foghlaim faoi thionscadail soilsithe sráide LED atá tíosach ar fhuinneamh agus LED cliste agus iad suiteáilte ar fud an chontae.

# PÁIRCEANNA & ÁINEAS

**Páirceanna & Áineas**
Bunaíodh Roinn na bPáirceanna chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chothabháil áiseanna áineasa i gCathair agus i gContae Chill Chainnigh. Ó bunaíodh í in 2004 tá raon áiseanna áineasa ar ardchaighdeán curtha ar fáil ag Roinn na bPáirceanna lena n-áirítear clóis súgartha, páirceanna agus páirceanna spóirt atá ar fáil le húsáid ag daoine de gach aois. Tá Roinn na bPáirceanna freagrach as forbairtí leanúnacha, bainistíocht cuairteoirí agus cothabháil ar Ghairdíní Choill an Chip agus ar an gCrannlann in Inis Tíog atá anois ina díol spéise do thurasóirí san oirdheisceart. Tá baint ag Roinn na bPáirceanna freisin le forbairt ar Ghlasbhealach Chill Chainnigh Theas a théann ó Phort an Chalaidh go Ros Mhic Thriúin.

**Clóis súgartha**
Déantar clóis súgartha a fhorbairt ar fud an chontae i gcomhar le pobail áitiúla. Chuir an forbróir líon níos lú de chlóis súgartha ar fáil mar chuid d'fhorbairtí tithíochta agus nuair a bhí siad tugtha chun críche go caighdeán sásúil thóg an Chomhairle Contae iad i gcúram agus bhainistigh Roinn na bPáirceanna iad ina dhiaidh sin. Tá 27 gclós súgartha san iomlán oscailte anois le haghaidh súgartha ag na suíomhanna seo a leanas ar fud an Chontae. Déanann Foireann na bPáirceanna iniúchadh gach seachtain ar na clóis shúgartha agus déantar aon deisiúcháin nó glanadh is gá láithreach ar mhaithe leis na clóis súgartha a choinneáil in ord maith le haghaidh súgartha sábháilte.



*Clóis Shúgartha Bhaile Mhic Andáin agus na Cloiche*



*Clós Súgartha an Chuain*

| Ceantar Bardasach Challainn/Bhaile Mhic Andáin | Ceantar Bardasach Bhaile an Phoill | Ceantar Bardasach Chaisleán an Chomair | Ceantar Bardasach Chill Chainnigh |
|---|---|---|---|
| Baile Héil | Port an Chalaidh. Cnoc an Draighin | Béal Átha Ragad | Plás na Deastógála Bóthar Uí Lachlainn |
| Droichead Binéid | Fiodh Dúin, Siúlán na Coille Móire | Caisleán an Chomair an Diméin | Lárionad an Ath. Mhic Craith The Butts |
| Faiche an Aonaigh, Callainn | Móin Choinn | An Chloch | An Pháirc Nua |
| An Droichead Nua | Muileann an Bhata | An Cuan | Garraí an Chrainn Bóthar Thobar Eoin |
| Gráig na Manach | Bearna na Gaoithe | Baile Phóil | Eastát Chúirt an Talbóidigh |
| Ceanannas | Cill Mhic Bhúith | Áth na nUrlainn | Cnoc na Rós, Bóthar Cheanannais |
| Áth Stúin | | | |
| Baile Mhic Andáin | | | |
| Gairdíní Choill an Chip | | | |

**Páirc Líneach Abhainn na Feoire:** Clúdaíonn an chonair thart ar 7km de bhruach abhann agus soláthraítear inti siúlbhealach tarraingteach agus rotharbhealach le haghaidh aclaíocht lasmuigh. Úsáidtear na cosáin cois abhann go han-mhaith. Éascaíonn forbairt dhroichead coisithe Osraí faoi dhroichead an Chuarbhóthair atá ann lúb den chathair ó dheas ó dhroichead Eoin. Forbrófar an pháirc líneach a thuilleadh le naisc go luath amach anseo le bruacha na habhann ag seanláithreán na grúdlainne. Is é an plean fadtéarmach lúb a chruthú ar ais go dtí an chathair ó thuaidh ó dhroichead Uí Ghrianna tríd an dara droichead coisithe ag Inse an Talbóidigh, ag filleadh ar an gcathair ar an mbruach thoir. Chruthódh an chéim dheireanach sin siúlóid lúibe 10km leanúnach den chathair, í uile lasmuigh den bhóthar.

Déanann Roinn na bPáirceanna bainistíocht ar na móinéir féaraigh mhóra ag Móinéar an Easpaig agus ag Móinéar an Diúic atá mar chuid den pháirc líneach agus cleachtais bhainte inbhuanaithe acu. Is gnáthóg shuntasach fiadhúlra iad na móinéir agus tá éagsúlacht de speicis féir agus bláthanna fiáine tábhachtacha iontu. Ní dhéantar gearradh móinéir ach uair sa bhliain tar éis thréimhse an bhláthaithe amháin chun tacú le pailneoirí.



**Plandú Crann**
Rinne rannóg na bPáirceanna clár de phlandú crann sa chathair agus sa chontae ag tosú i mí na Nollag 2019 chun comóradh a dhéanamh ar roinnt comóradh speisialta. Tá an clár plandála mar chuid dár dtiomantas chun plandú crann a mhéadú ar fud an chontae chun na cuspóirí na Straitéise um Oiriúnú don Athrú Aeráide a bhaint amach. Beidh na crainn uile dúchasach agus/nó neamhdhíobhálach do phailneoirí agus beidh siad leathaibí agus iad á bplandú.

Is iad seo a leanas na hócáidí atá le comóradh:


- 120 bliain de Rialtas Áitiúil le suíomhanna ag Béal Átha Ragad, Caisleán an Chomair, Baile an Phoill, Callainn agus Cathair Chill Chainnigh
- 40 bliain den Chlub *Rotary*. Cuireadh daichead crann i bPáirc Comharsanachta Loch Buí
- 30 bliain d'Iontaobhas Cathartha Chill Chainnigh. Cuireadh tríocha crann i bPáirc Comharsanachta Loch Buí
- 20 bliain de Thionscadal Athchóirithe Ghairdíní Choill an Chip. Plandálfar 20 eiseamal de chrainn sa chrannlann mar athsholáthar ar chaillteanais de dheasca stoirme ó bhlianta stoirmiúla roimhe seo
- 25 Bliana de *Kilkenny Cat Laughs*. Cuireadh 25 chrann i Halla Lintown chun ascaill na gcrann Líomaí a athchruthú a ndearnadh loitiméireacht orthu roimhe seo.



*Plandú Crann le leanaí ón nGaelscoil*

**Gairdíní agus Crannlann Choill an Chip**

Tugann Roinn na bPáirceanna aire d'oibríochtaí ó lá go lá agus do phleanáil tionscadal athchóirithe sa todhchaí do Ghairdíní Choill an Chip in Inis Tíog atá anois ina díol spéise mór san Oirdheisceart ag mealladh timpeall 35,000 - 40,000 cuairteoir in aghaidh na bliana. Coinníonn sainfhoireann dhíograiseach na gairdíní foirmiúla agus na limistéir fearann páirce sin ar ardchaighdeán. Is ceann scríbe móréilimh é do chuairteoirí ón mbaile agus thar lear agus go háirithe dóibh siúd a bhfuil spéis ar leith acu inár gcnuasach crann an-suntasach a fuair ardmholadh ó mholtóirí a bhí ar cuairt ón *Entente Florale* le déanaí. Tionóladh roinnt imeachtaí lena n-áirítear an Fhéile Síscéil, *Light Up Gold*, treodóireacht, spraoi agus scoileanna foraoise do thaitneamh ár gcuairteoirí in 2019. D'fhreastail go leor daoine orthu sin agus bhí go leor acu saor in aisce nuair ab fhéidir. Tá tóir níos mó agus níos mó ag teacht ar Choill an Chip le haghaidh searmanais shibhialta le blianta beaga anuas agus tá roinnt póstaí óstáilte aige do lánúin ar a lá mór agus tá tuilleadh póstaí curtha in áirithe do 2020.





Tarraingíodh anuas an maoiniú go léir ar Shiúlóidí Lúibe Choill an Chip faoin Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh. Tá an-tóir ag siúlóirí ar na cosáin a théann thar 4.7 km, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil rochtain acu ar ghairdíní Choill an Chip ó shráidbhaile Inis Tíog agus iad siúd a bhíonn ag taisteal an chuid a chlúdaíonn an bealach marcáilte ar Bhealach Laighean Theas. Tá iarratas ar mhaoiniú déanta chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail chun leanúint den chineál sin oibreacha conairí isteach sa dara céim níos faide feadh Shlí Laighean Theas, rud a d'fhágfadh go bhforbrófaí na siúlóidí chomh fada leis an eas ag an Teach Dearg. Bronnadh maoiniú de €17,634 faoin scéim deontais ORIS chéanna chun straitéis cumarsáide agus margaíochta a ullmhú do ghairdíní Choill an Chip in 2020. Cuirfidh sé sin na gairdíní chun cinn mar cheann scríbe suntasach turasóireachta san oirdheisceart.

***Colláis d'íomhánna ó Ghairdíní Choill an Chip***





**Páirc Chomharsanachta Phort an Chalaidh**
Cuireadh tús le tógáil na scéime ar an 30 Meán Fómhair 2019. Tá na hoibreacha ag dul ar aghaidh go maith agus tá siad faoi réir le tabhairt i gcrích faoin dáta críochnaithe beartaithe, Márta 2020. Is é Tom Beckett Landscaping Limited an príomhchonraitheoir a ceapadh don scéim, agus ceapadh Kompan Limited chun clós súgartha na Páirce a sholáthar agus a shuiteáil.




*Tógáil an limistéir dreapadóireachta agus sraithe sa pháirc nua i bPort an Chalaidh*

**Glasbhealach Chill Chainnigh Theas**
Tar éis babhta fairsing comhairliúcháin le daoine áitiúla feadh bhealach Phort Láirge beartaithe go Glasbhealach Ros Mhic Thriúin, tugadh cead pleanála don tionscadal ina dhiaidh sin. Leanann an Glasbhealach beartaithe líne an tsean-iarnróid ó Phort Láirge go Ros Mhic Thriúin áit a nascfaidh sé le Conair Dhroichead Dearg Ros Mhic Thriúin. Ar thaobh Phort Láirge nascfaidh sé in am trátha le Féarbhealach Phort Láirge ar fhorbairt thionscadal na Cé Thuaidh. Is iad Comhairle Contae Loch Garman an príomhúdarás don tionscadal réigiúnach seo lena mbaineann Contaetha Loch Garman, Phort Láirge agus Chill Chainnigh a nascadh.

Cuireadh tús le hoibreacha ar chéimeanna tosaigh Ghlasbhealach an Oirdheiscirt a shíneann ó Phort an Chalaidh i bPort Láirge go Ros Mhic Thriúin, ag críochnú ag an Mainséar díreach tar éis teacht amach as an tollán. Clúdaíonn an bealach achar 24km san iomlán. Le gur féidir na dearaí mionsonraithe a chur i gcrích don tionscadal, glanadh an rian d'fhásra scrobarnach rud a thugann teacht ar an mbealach sin den chéad uair le blianta. Tá suirbhéanna láithreáin á ndéanamh anois in éineacht le himscrúduithe ar thollphoill ag láithreáin ina bhféadfadh go mbeadh íosbhealaí ag teastáil le haghaidh oibríochtaí feirmeoireachta áirithe. I dteannta leis an bpróiseas sin, tá foireann ó Chomhairle Contae Loch Garman agus Chill Chainnigh ag bualadh le húinéirí talún feadh an bhealaigh iomláin chun oibreacha cóiríochta a phlé.

Beidh cáipéisí conartha réidh gan mhoill le seoladh chuig an Roinn Turasóireachta Iompair agus Spóirt lena gceadú agus is féidir tús a chur leis an bpróiseas soláthair ina dhiaidh sin.

**Deontais Taitneamhachta**
Fuair 163 ghrúpa cúnamh deontais in 2019 arb ionann é agus €127k san iomlán. Cuimsítear sa raon oibreacha a mhaoinítear tírdhreachú, cothabháil féir agus móinéar agus forbairt ar spásanna oscailte, troscán sráide agus troscán lasmuigh agus oibreacha feabhsúcháin ar mhionscála a sholáthar. Cabhróidh na hoibreacha sin cur le taitneamhacht fhoriomlán Chontae Chill Chainnigh, agus cabhróidh siad dá réir sin le cáil an Chontae mar áit iontach le cónaí ann a fheabhsú.

# FORBAIRT EACNAMAÍOCH

D'éirigh le hiarratas an Chiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí (CAFU) go déanach in 2018 agus fógraíodh leithdháileadh c. €6m do mhaoiniú do roinnt tionscadal ríochta poiblí agus tacaíochta i gCathair Chill Chainnigh.

Fuarthas maoiniú de thart ar €1.8m faoi Chiste Forbartha Fiontar Réigiúnach (CFFR) de chuid Fhiontraíocht Éireann i gcomhair fhorbairt an Lárionaid Dearaidh – C4D. I measc na gcomhpháirtithe eile sa tionscadal seo tá Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach, Comhairle Dearaidh & Ceardaíochta na hÉireann agus Cuideachta Forbartha Tionscail Chill Chainnigh (KIDCo).

- Sheol Coimisinéir an Aontais Eorpaigh, Phil Hogan, an Lárionad Beachtfheabhais Beachtas (PACE) i gCill Chainnigh i mí na Bealtaine. Is mol digiteach nua nuálaíochta é PACE i gCill Chainnigh a sheachadfaidh ard-bhogearraí TFC d'earnáil talmhaíochta agus bia na hÉireann. Tá an lárionad á fhorbairt ag Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge le tacaíocht agus cúnamh ó Chomhairle Contae Chill Chainnigh. Ag feidhmiú faoi láthair as Halla Burrells, athlonnóidh PACE Choláiste Naomh Ciaráin go Ceathrú na Mainistreach.

- Poist a fógraíodh in 2019 do Chontae Chill Chainnigh:
  - 80 post nua le Glanbia i saoráid nua déantúsaíochta €140m in Belview
  - 200 post le Immedis, cuideachta Éireannach a fhorbraíonn seirbhísí párolla agus cánach agus bogearraí do chuideachtaí ilnáisiúnta, mar chuid den Ghrúpa Taxback
  - 200 post breise fógartha ag Cartoon Saloon & Lighthouse Studios
  - 52 phost le Security Risk Advisors (SRA), cuideachta comhairliúcháin cibearshlándála atá bunaithe in Pennsylvania. Tacaíonn IDA Ireland leis an tionscadal sin
  - 50 post le AB Agri - príomhghnó talmhaíochta idirnáisiúnta a oibríonn ar fud an tionscail agraibhia. Faigheann an chuideachta sin tacaíocht ó IDA Ireland freisin
  - 50 post le Entegro, cuideachta atá lonnaithe i gCill Chainnigh a dhearann agus a úsáideann líonraí snáithín agus líonraí hibrideacha

- D'fhreastail os cionn 70 geallsealbhóir ar shraith Cruinnithe Faisnéise le Bricfeasta chun faisnéis a sholáthar faoin raon forbairtí fiontraíochta agus eacnamaíocha atá ar bun i gCill Chainnigh.

- D'éirigh go han-mhaith leis an Oifig Fiontair Áitiúil (OFA) i gcomhar le Comhlachas Tráchtála Chill Chainnigh agus miondíoltóirí Chill Chainnigh feachtas Nollag **#shopkilkenny** i mí na Samhna agus i mí na Nollag d'fhonn siopadóirí Chill Chainnigh a spreagadh chun tacaíocht a thabhairt agus siopadóireacht a dhéanamh i ngnólachtaí áitiúla.

- Bhain Cill Chainnigh an duais mar bhuaiteoir foriomlán i mBaile Fiontraíochta Náisiúnta Bhanc na hÉireann i mí na Samhna.

- Tháinig beagnach 1,000 fostaí ionchasach, a bhí sa bhaile i gCill Chainnigh don Nollaig agus iad siúd a chónaíonn go háitiúil chun a fháil amach faoi na poist atá á dtairiscint ag imeacht ***#careerskilkenny*** i Músaem Mhíle na Meánaoise i mí na Nollag. Bhí beagnach 650 post á dtairiscint ag na 22 chuideachta áitiúla a bhí ag déanamh taispeántais ag an imeacht.


HIGHLIGHTS FROM 2019
Oifig Fiontair Áitiúil
Local Enterprise Office
1,257
EMPLOYED IN 210 LEO SUPPORTED COMPANIES IN KILKENNY
€644,960
IN DIRECT FINANCIAL ASSISTANCE APPROVED TO 21 BUSINESS PROJECTS
€377,273
AWARDED TO 15 EXISTING BUSINESSES WITH A FORECASTED JOB CREATION OF 49 EMPLOYEES
€239,164
AWARDED TO START-UP BUSINESSES WITH A FORECASTED JOB CREATION OF 52 EMPLOYEES
€28,523
AWARDED IN FEASIBILITY STUDY GRANTS TO 4 BUSINESSES
AVERAGE COST PER JOB
€6,103
472
CLIENTS ATTENDED CORE TRAINING PROGRAMMES
810
STUDENTS FROM 11 SCHOOLS PARTICIPATED IN THE STUDENTS ENTERPRISE PROGRAMME
375
CLIENTS RECIEVED ONE-TO-ONE MENTORING
344
BUSINESS ADVISOR SESSIONS WERE HELD WITH LEO STAFF
Grow
Start
Pre-Start





GHLAC **151**

PÁIRT i *9* gCÚRSAÍ MAIDIR LE DO GHNÓ FÉIN A CHUR AR BUN

GNÓLACHT AR TUGADH CABHAIR DÓIBH MAIDIR LE hIARRATAIS A DHÉANAMH FAOIN SCÉIM IASACHTAÍ ROGHANNA CLISTE & FAOI CHISTE MICREAMHAOINIÚCHÁIN ÉIREANN

[redacted]




[redacted]

## BUAITEOIR AN EASPÓRTÁLAÍ IS FEARR



# TURASÓIREACHT LENA nÁIRÍTEAR TACAÍOCHT LE hAGHAIDH FÉILTE

- Rinne Travel Channel USA scannánú i gCill Chainnigh i ngnéchlár mar "shuíomh iontach" ar a seó i SAM.
- Tá Cill Chainnigh le feiceáil in eagrán mhí Eanáir de RSVP.
- Turais eagraithe le haithne a chur ar gheallsealbhóirí i R1 2019 d'fhoireann óstáin agus do sholáthraithe gníomhaíochtaí.
- Rinneadh cuairt ó Líonra Bia Lár agus Oirthear Aontroma a éascú i mí Eanáir.
- Rinneadh scoláirí agus léachtóirí ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain a óstáil i mí an Mhárta.
- Seoladh suíomh Gréasáin úrnua do Chill Chainnigh www.visitkilkenny.ie i mí Feabhra.
- Bhuail POF Fáilte Éireann, Paul Kelly le gnólachtaí Turasóireachta i gCill Chainnigh i mí Feabhra chun plé a dhéanamh ar dheiseanna chun turasóireacht a fhorbairt ar fud an chontae.
- Tháinig Ceann Scríbe Chomhpháirtíocht Chill Chainnigh le chéile i rith 2019 chun na ceithre cholún gníomhaíochtaí a comhaontaíodh a chur ar aghaidh.
- Forbraíodh plean forbartha um eispéireas do chuairteoirí le haghaidh Gailearaí de Buitléir i dTeach Evan i gcomhar le Fáilte Éireann.
- Bronnadh Deontais Tacaíochta d'Fhéilte dar luach iomlán €76,000 ar 15 fhéile.
- Tionóladh imeacht chun aitheantas a thabhairt d'obair lucht eagraithe na bhFéilte agus na nImeachta i mí Aibreáin arna óstáil ag an gCathaoirleach Eamonn Aylward.





- Ainmníodh Caisleán Chill Chainnigh i measc na 10 gCaisleán is áille ar domhan ag *Architectural Digest.*
- Thug an Bord Náisiúnta um Measúnú Tionscadal Glasbhealach cuairt ar Ghlasbhealach Chill Chainnigh i mí Aibreáin le haghaidh cur i láthair inar cuimsíodh acmhainn turasóireachta réigiún iomlán an Oirdheiscirt.
- Rinneadh taispeántas ag na Comórtais Náisiúnta Treabhdóireachta i bhFíonach, Co. Cheatharlach.
- Dearadh agus táirgeadh ábhar poiblíochta nua a bhaineann leis an gcontae ar fad lena dháileadh ag Seónna Trádála agus ag imeachtaí.
- Tionóladh "Ceardlann Saineolaithe Áitiúla" arna héascú ag Fáilte Éireann in Óstán na Páirce Nua, Cill Chainnigh i mí Dheireadh Fómhair. Thacaigh agus éascaíodh seoladh na

"Tuarascála um Léargais Náisiúnta ar an Earnáil Turasóireachta agus Fáilteachais" i dTúr na Paráide i mí Mheán Fómhair.

- Rinneadh traidisiúin Fhéilte Chill Chainnigh a cheiliúradh i leabhar cócaireachta nua a sheol Turasóireacht Chill Chainnigh i mí na Nollag.




- Bhí ionadaíocht ag Turasóireacht Chill Chainnigh ag "EIspéireas Taistil Idirnáisiúnta TTG" in Rimini, an Iodáil chun Cill Chainnigh a chur chun cinn mar cheann scríbe idirnáisiúnta do chuairteoirí.




- Rinneadh obair leanúnach ar chomhoibriú turasóireachta réigiúnaí lenár gcomharsana san Oirdheisceart.

- Fógraíodh duaiseanna Bheart 1 do scéim ORIS 2019 i mí na Nollag agus ghnóthaigh Comhairle Contae Chill Chainnigh €82,400 do 5 thionscadal ar fud an chontae.

# STIÚRTHÓIREACHT AIRGEADAS, TEICNEOLAÍOCHT

**Ceann Airgeadais, An tUas. Martin Prendiville**

# AIRGEADAS

Tá an Roinn Airgeadais freagrach as rialú agus bainistíocht fhoriomlán airgeadas na Comhairle. Is iad na príomhsheirbhísí a chuirtear ar fáil faoin stiúrthóireacht sin Pleanáil agus Rialú Airgeadais, Bailiú Ioncaim, Bainistíocht Cisteáin, Bainistíocht Maoine agus Cánachas Mótair.

**Ráiteas Cuntais Ioncaim agus Caiteachais**
Sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais tugtar achoimre ar an gcaiteachas ar na seirbhísí laethúla a sholáthraíonn an Chomhairle agus soláthraítear ann sonraí faoin gcaoi a maoinítear an caiteachas sin. Bhí barrachas de €14,047 sa bhliain agus mar thoradh air sin bhí barrachas carnach ar an 31 Nollaig 2019 de €31,852. Coinníodh rialuithe buiséadacha dochta ar chaiteachas iomlán de €88.4 milliún *(caiteachas ioncaim €83.5m móide aistrithe chuig cúlchistí €4.9m).*

**Socruithe Maoinithe Tionscadal Caipitil**
Ba é €63.7m costas foriomlán na dtionscadal caipitil a seachadadh faoin gClár Caipitil in 2019. B'ionann Tionscadail Tithíochta agus Bóithre agus 82 % den chaiteachas. B'ionann na tiomantais gan íoc ar thionscadail chaipitil chríochnaithe agus €10.3m ar an 31 Nollaig, 2019. Déantar foráil sa bhuiséad bliantúil d'aisíoc an ghealltanais sin thar thréimhse 8 mbliana.

Ghlac an Chomhairle buiséad Caipitil don tréimhse trí bliana 2018 go 2020 i mí na Bealtaine 2018. Leagtar síos sa bhuiséad sin costas measta na dtionscadal caipitil atá faoi bhreithniú agus na foinsí maoinithe gaolmhara. Cuirfear clár caipitil nuashonraithe faoi bhráid na Comhairle in 2020.

Ní féidir leis an gComhairle ach tionscadail chaipitil a thionscnamh a bhfuil foinse maoinithe aitheanta acu.

**Clár Comhardaithe faoin 31 Nollaig 2019**
Choinnigh an Chomhairle clár comhardaithe réasúnta láidir faoin 31 Nollaig 2019. Níor theastaigh aon mhaoiniú breise ar iasachtaí nach iasachtaí morgáiste iad.

B'ionann agus €11.7m na hiasachtaí bainc iomlána (seachas iasachtaí a bhaineann le tithíocht) a bhí gan íoc faoin 31 Nollaig 2019.

Úsáideadh an tsaoráid rótharraingthe bainc ar feadh 96 lá i rith na bliana agus ba é €5.7m an t-iarmhéid a bhí rótharraingthe. Ba é €10.8m an t-iarmhéid airgid deiridh a bhí ar láimh ag deireadh mhí na Nollag 2019.

**Bailiúchán Fiachais**
Rinneadh tuilleadh dul chun cinn maidir le riaráistí ioncaim a laghdú in 2019. Tá na rátaí bailiúcháin stairiúla sna príomhchatagóirí ioncaim leagtha amach thíos.

| | Céatadán Bailiúchán 2014 | Céatadán Bailiúchán 2015 | Céatadán Bailiúchán 2016 | Céatadán Bailiúchán 2017 | Céatadán Bailiúchán 2018 | Céatadán Bailiúchán 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Rátaí Tráchtála | 89 | 92 | 94 | 95 | 93 | 94 |
| Cíosanna agus Blianachtaí | 92 | 92 | 93 | 92 | 93 | 95 |
| Iasachtaí Tithíochta | 77 | 82 | 80 | 85 | 88 | 90 |

Tá na rátaí bailiúcháin seo ar na príomhshruthanna ioncaim i measc na gcinn is airde sna hÚdaráis Áitiúla ar fad.
Laghdaíodh riaráistí iomlána beagnach €2.1m (50 %) ó dheireadh 2013.

# AN TÁBLA AIRGEADAIS

| Caiteachas de réir Rannáin | Nóta | Caiteach as Iomlán 2019 € | Ioncam 2019 € | Glanch aiteachas 2019 € | Glanch aiteachas 2018 € |
|---|---|---|---|---|---|
| Tithíocht agus Foirgníocht | | 19,676,746 | 21,401,660 | (1,724,914) | (1,478,470) |
| Bóithre, Iompar & Sábháilteacht | | 24,799,149 | 18,834,048 | 5,965,101 | 6,279,071 |
| Seirbhísí Uisce | | 6,973,828 | 6,854,744 | 119,083 | (43,284) |
| Bainistíocht Forbartha | | 8,639,568 | 3,356,368 | 5,283,200 | 5,314,643 |
| Seirbhísí Comhshaoil | | 11,521,399 | 3,166,445 | 8,354,953 | 8,373,830 |
| Áineas & Taitneamhacht | | 6,159,105 | 335,490 | 5,823,615 | 5,881,772 |
| Talmhaíocht. Oideachas, Sláinte & Leas | | 610,458 | 496,722 | 113,736 | 186,873 |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | | 5,153,212 | 3,068,450 | 2,084,762 | 1,864,918 |
| **Caiteachas/Ioncam Iomlán** | **15** | 83,533,464 | 57,513,926 | | |
| Glanchostas na Rannóige le maoiniú ó Rátaí agus Cáin Mhaoine Áitiúil | | | | 26,019,538 | 26,379,352 |
| Rátaí | | | | 19,655,130 | 19,774,173 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | | | | 10,673,913 | 10,673,913 |
| **Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistriú** | | | | 4,309,505 | 4,068,734 |
| **Aistrithe ó/(go) Cúlchistí** | **14** | | | (4,295,458) | (4,061,591) |
| **Barrachas Iomlán/(Easnamh) don Bhliain** | **16** | | | 14,047 | 7,143 |
| **Cúlchiste Ginearálta an 1 Eanáir** | | | | 17,805 | 10,661 |
| **Cúlchiste Ginearálta an 31 Nollaig** | | | | 31,852 | 17,805 |

# TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE

Príomhghnóthachtálacha in 2019:

- Leathnaigh úsáid gléasanna móibíleacha.
- Foirm Suirbhéireachta Feirme maidir le timpeallacht ar líne a fhorbairt.
- Feidhmiú céimneach an chórais teileafóin nua ar fud na Comhairle curtha i gcrích.
- Foirm ar líne um shuirbhé ar dhramhaíl tí a fhorbairt.
- Foirm tuairiscithe eachtraí Sláinte agus Sábháilteachta ar líne a fhorbairt.
- Cuireadh i gcrích athfhorbairt Shuíomh Gréasáin Leabharlann Chill Chainnigh.
- Nuashonruithe leanúnacha ar fhreastalaithe agus ríomhairí pearsanta chun slándáil an líonra a choinneáil.
- Ascnamh úsáideoirí agus feidhmchlár chuig fearann nua.
- Feidhmiú céimneach leanúnach ríomhairí pearsanta agus ríomhairí glúine nua.
- Breiseáin, nuashonruithe agus feabhsúcháin leanúnacha ar shuíomhanna gréasáin éagsúla na n-údarás áitiúil.
- Feidhmiú céimneach Bhogearraí Microsoft Office is déanaí chuig gach ríomhaire pearsanta de chuid na mball foirne.
- Feidhmiú céimneach ríomhairí glúine chuig Comhaltaí Tofa.
- Forbairt tugtha chun críche ar Chartlann Dhigiteach Chill Chainnigh.
- Ardán mórphoist inmheánaigh a fhorbairt le haghaidh ríomhphost
- Sonraí Stairiúla Carnacha arna lódáil ar an gClár Lárnach Creidmheasa.
- Suiteáil córas agus tairseach inmheánach nua GIS.
- Feidhmiú céimneach thairseach mapála GIS poiblí ar an suíomh gréasáin.
- Rinneadh breathnóir nua maidir le hIarratais ar Phleanáil a Chuardach a sheoladh.
- Feidhmiú céimneach theicneolaíocht suirbhéireachta chuig an bhfoireann Tithíochta.
- Suiteáil Córais Bhainistíochta Clár Sócmhainní.

# SOLÁTHAR

Príomhghnóthachtálacha in 2019:

- Ceathrú na Mainistreach - Conraitheoirí a Sholáthar do thionscadal Mayfair agus do thionscadal na Grúdlainne.
- Corparáideach/Bonneagar – Tabhairt chun críche ceapachán Conraitheoirí Oibreacha do Scéim Phurláin an Iarthair (LIHAF).
- Seirbhísí Corparáideacha/Dlíthiúla – Tarraingt anuas Seirbhísí a Chur chun Feidhme faoi Chreat nua Seirbhísí Dlí na hOifige um Sholáthar Rialtais (OSR).
- Caipiteal Tithíochta - Conraitheoirí Foirgníochta a Sholáthar do Scéimeanna Tithíochta Sóisialta.
- Cothabháil Tithíochta - Tarraingt anuas Seirbhísí faoi Chreataí Leictreacha agus Pluiméireachta an Ionaid Soláthair Oibriúcháin Rialtais Áitiúil (ISORÁ) nua.
- Tionscadail Fuinnimh - Cúnamh d'Fhoireann Fuinnimh na Comhairle agus CKEA chun feabhsúcháin atá tíosach ar fhuinneamh a fháil in oifigí, leabharlanna agus iostaí na Comhairle.
- Bóithre - Conraitheoirí Oibreacha a Sholáthar de réir mar is gá. Conraitheoirí a cheapadh do thionscadail bóithre ag tarraingt ar chreataí náisiúnta agus réigiúnacha.
- Cothabháil Bóithre - Tarraingt anuas Seirbhísí faoi DPS Fhruiliú Plandaí DPS an Ionaid Soláthair Oibriúcháin Rialtais Áitiúil (ISORÁ) nua agus ábhair bhóthair agus trealamh marcála bóthair oiriúnach a sholáthar.
- Pleanáil - Conarthaí seirbhíse a sholáthar chun feidhmiú céimneach straitéisí áitiúla éagsúla agus ar fud an chontae a chumasú.
- Comhshaol - Conraitheoirí a sholáthar do thionscadail feabhsúcháin líonta talún stairiúla Gabhráin agus Bhéal Átha Ragat.
- Scéimeanna um Fhaoiseamh Tuile - Céimniú amach scéimeanna um fhaoiseamh tuile.
- Leabharlann - Tionscadail Chaipitil ag Mayfair agus Halla Pobail Baile Mhic Andáin.
- Aon Chill Chainnigh amháin - Tionscadail athnuachana éagsúla ar fud an Chontae.
- Soláthar Leictreonach – socrú a chur i bhfeidhm chun tairiscintí a chur isteach go leictreonach le haghaidh tairiscintí os cionn Thairseach an Aontais Eorpaigh.